Radiological Protection Institute of Ireland

An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch

An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch

TUARASCÁIL DEIRIDH 1992–2014

Don Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Lánscoradh an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch ar an 1 Lúnasa 2014 faoi ionstraim reachtúil de bhun an Achta um Chosaint Raideolaíoch, 2014. Ar an lá sin aistríodh a feidhmeanna uile chomh maith lena sócmhainní, a dliteanais agus a foireann chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

De réir cheanglais an Achta um Chosaint Raideolaíoch (Forlálacha Ilghnéitheacha), 2014, is mór an onóir dom Tuarascáil Bhliantúil agus Ráiteas Cuntais na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch don bhliain dar chríoch 31 Nollaig, 2014 a chur faoi do bhráid.

Laura Burke
Ard-Stiúrthóir (EPA)

Ann McGarry
Stiúrthóir na hOifige um Chosaint Raideolaíoch

© 2015 An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Arna fhoilsiú ag:
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
An Oifig um Chosaint Raideolaíoch
3 Cearnóg Chluain Sceach
Baile Átha Cliath 14.

Teileafón: 01-2680100.
www.epa.ie

Tá an tuarascáil seo ar fáil i mBéarla ag www.epa.ie

ISBN: 978-1-84095-619-1

Clár Ábhair

Forléargas	2
Réamhrá	6
Misean agus Feidhmeanna RPII	7
Rialáil agus Ceadúnú	8
Bainistiú ar Dhramhaíl Radaighníomhach	15
Nochtadh phobal na hÉireann don radaíocht	17
Radón	18
Seirbhísí monatóireachta, taighde agus tomhais comhshaoil	27
Ullmhacht d'Éigeandálaí	34
Sábháilteacht áiseanna núicléacha thar sáile	38
Gníomhaíochtaí idirnáisiúnta	42
Faisnéis phoiblí	45
Baill an Bhoird agus na gCoistí Comhairleacha	49
Ráitis Airgeadais don tréimhse an 1 Eanáir 2014 go dtí an 1 Lúnasa 2014	56

Forléargas

Tá forléargas sa tuarascáil seo ar obair na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch (RPII) ó bunaíodh í sa bhliain 1992 go dtí gur cumascadh RPII leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) i mí Lúnasa 2014. Faoi théarmaí an chumaisc, ar cuireadh tús leis mar chuid de chlár an Rialtais cun cuíchóiriú a dhéanamh ar ghníomhaireachtaí Stáit, aistríodh feidhmeanna agus foireann RPII chuig EPA ionas go mbeidís faoi scáth oifig nuabhunaithe, an Oifig um Chosaint Raideolaíoch (ORP).

Tar éis a theacht i bhfeidhm i mí Aibreáin 1992, d'oibrigh RPII chun a mhisean a chomhlíonadh, is é sin pobal na hÉireann a chosaint ar éifeachtaí dochracha na radaíochta ianúcháin agus an eagraíocht a bhunú mar fhoinse neamhspleách, eolais agus treorach i ndáil le gach saincheist a bhaineann le guaiseacha poiblí bainteach le radaíocht ianúcháin, bíodh sin ón tionscal radaíochta, ó ghás radóin i bhfoirgnimh nó a úsáidí iomadúla sa leigheas agus sa tionscal. Ghlac an Institiúid nua uirthi féin freagrachtaí an Bhoird um Fhuinneamh Núicléach (NEB), ach cuireadh go mór lena feidhmeanna chomh maith agus tugadh an Institiúid cothrom le dáta chun tosaíochtaí agus saincheisteanna nua atá ag teacht chun solais a chur san áireamh ina cuid oibre.

Le linn shaolré RPII, dhírigh an eagraíocht go príomha ar rialáil úsáid shábháilte na radaíochta ianúcháin in Éirinn, agus baineadh sin amach trí chóras de cheadúnú, cigireacht, treoir agus forfheidhmiú. Bíonn ról tábhachtach ag an radaíocht ianúcháin sa tsochaí trína húsáid ar mhaithe le gnáthaimh dhiagnóiseacha agus theiripeacha a chur i gcrích, chomh maith le taighde agus forbairt, rialú cáilíochta agus táirgeadh sa tionscal agus san earnáil oideachais. Ba léir ón ardú a tháinig ar líon na gceadúnas i bhfeidhm ó 824 in 1991 go 1734 in 2014 go raibh úsáid na radaíochta ianúcháin ag dul i méid i gcoitinne, agus go raibh cur chuige córasach á ghlacadh ag RPII lena chinntiú go ndéanfaí rialáil ar gach aicme ábhartha gníomhaíochtaí de réir na gceanglas náisiúnta agus idirnáisiúnta. An príomhphíosa reachtaíochta a rialaíonn na gníomhaíochtaí seo ná an Treoir ón gComhairle Eorpach maidir le caighdeáin bhunúsacha sábháilteachta le haghaidh chosaint shláinte an phobail i gcoitinne agus oibrithe ar an radaíocht ianúcháin. Rinneadh nuashonrú ar an Treoir go tráthrialta ag leibhéal na hEorpa, cuireadh í i bhfeidhm sna rialacháin náisiúnta agus rinne RPII í a fhorfheidhmiú. Aontaíodh ar an leasú is déanaí in 2013 agus tá sé beartaithe é a thrasuíomh i reachtaíocht na hÉireann faoi mhí Feabhra 2018. Áirítear i measc na gceanglas nua cur chuige rioscabhunaithe i leith an údaraithe a chur i bhfeidhm agus plean gnímh náisiúnta radóin cuimsitheach agus trédhearcach a bhunú.

Chaith RPII dua suntasach le cigireacht a dhéanamh, le hathbhreithniú rialta na gcoinníollacha ceadúnaithe ar fud na n-earnálacha uile agus le heisiúint agus athbhreithniú na gCód Cleachtais chun a chinntiú go mbeadh ceadúnaithe ag cur i bhfeidhm an dea-chleachtais um chosaint raideolaíoch. Chomh maith leis sin bhain RPII úsáid éifeachtach as a chumhachtaí forfheidhmiúcháin, le breis is caoga ionchúiseamh mar gheall ar neamhchomhlíonadh na gceanglas rialála.

Mar rialtóir i dtír bheag neamhnúicléach, d'admhaigh RPII, ón tús ar fad, go raibh géarghá leis an idirchaidreamh agus comhoibriú le piaraí idirnáisiúnta ionas go mbeadh an fhoireann saineolach agus go mbeidís in ann a mandáid a chomhlíonadh an Rialtas a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí idirnáisiúnta. Ó dhearcadh na rialála de, d'iarr RPII go ndéanfadh saineolaithe idirnáisiúnta piarmheasúnú air chun dearbhú a sholáthar maidir lena éifeachtacht mar rialtóir.

Fiú ó laethanta tosaigh NEB, ba chúis shuntasach imní é, ó thaobh an bhonneagair sábháilteachta radaíochta in Éirinn, nach raibh saoráid shainchuspórtha ann chun bainistiú a dhéanamh ar dhramhaíl radaighníomhach. Áirítear sa dramhaíl sin foinsí radaighníomhacha atá as feidhm, chomh maith leis na 'foinsí dílleachta', mar a thugtar orthu, nach bhfuil faoi aon rialú ar chúis amháin nó ar chúis eile. I gcaitheamh na mblianta thug an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DECLG), máthar-roinn RPII, faoi roinnt tionscnamh, le tacaíocht RPII, ach ní raibh ach rath teoranta ar na tionscnaimh sin. Cibé scéal é, tharla cúpla forbairt a chuir fuadar faoi réiteach a fháil ar an tsaincheist seo, a bhí ann le fada an lá. I measc na bhforbairtí sin: dhaingnigh Éire Comhchoinbhinsiún IAEA maidir le Sábháilteacht Bhainistiú Breosla Spíonta agus Sábháilteacht Bhainistiú Dramhaíola Radaighníomhaí

(2001), cuireadh leis na cúiseanna imní slándála a rabhthas le haghaidh a thabhairt orthu agus cuireadh i gcrích Treoir AE maidir le breosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach. Sroicheadh cloch mhíle shuntasach tráth ar cuireadh tuarascáil faoi bhráid DECLG in 2006, dar teideal 'Towards a Radioactive Waste Management Policy for Ireland'. Ag eascairt as seo bhunaigh an Rialtas Grúpa Ardleibhéil Idir-rannach chun comhairle a sholáthar maidir le bainistiú dhramhaíl radaighníomhach na hÉireann agus mar thoradh air sin ghlac an Rialtas le beartas náisiúnta i mí na Nollag 2010. Idir 2011 agus 2014, d'oibrigh RPII agus DECLG, i gcomhar le ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais chun Clár Laghdaithe Fardail a chur i bhfeidhm agus mar thoradh air sin laghdaíodh tuairim is 99% de líon na bhfoinsí as úsáid a raibh leathré fhada acu, ar foinsí iad a bhí dá stóráil ar fud na hÉireann. Mar thoradh ar an laghdú mór seo laghdaíodh ar an spás stórála a mbeadh gá leis sa tsaoráid stórála a bheadh le tógáil chun bainistiú a dhéanamh ar na foinsí leagáide atá fágtha. Tá obair fós idir lámha chun an beartas naisiúnta a chur i bhfeidhm go hiomlán, lena n-áirítear scrúdú a dhéanamh ar na roghanna atá ar fáil chun foinsí as úsáid a dhiúscairt.

Ról leanúnach, tábhachtach d'aon údarás atá i mbun na sábháilteachta radaíochta ná measúnú a dhéanamh ar a mhéid is atá an pobal faoi lé na radaighníomhaíochta, bíodh sin ina radaighníomhaíocht nádúrtha nó shaorga, agus torthaí an mheasúnaithe sin a scaipeadh chomh maith le comhairle a sholáthar faoi na bealaí ina bhféadfaí an leibhéal nochta sin a laghdú.

In 1992, sheol RPII suirbhé náisiúnta maidir le gás radóin chun a fháil amach cé chomh holc is a bhí fadhb an radóin i dtithe in Éirinn. Ó thorthaí an tsuirbhé a reáchtáladh thar chúpla bliain, dearbhaíodh go raibh nochtadh don radón ar bpríomhbhealach ina mbíonn pobal na hÉireann faoi lé na radaíochta ianúcháin, agus is é sin is cúis le tuairim is 13% (~250 sa bhliain) de gach cás d'ailse scamhóg. Leag torthaí an tsuirbhé béim freisin ar na limistéir sin sa tír inar dócha go n-aimseofar na leibhéil is airde radóin.
I gcomhthráth le foilsiú thorthaí an tsuirbhé, lean RPII ag tathant ar theaghlaigh an radón ina dtithe a thomhas agus bearta feabhsúcháin a chur i bhfeidhm i gcás go raibh na leibhéil radóin ard. Chomh maith leis sin, d'oibrigh RPII i gcomhar le ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais ar thionscnaimh chun bearta coisctheacha a chur san áireamh i Rialacháin Foirgníochta; chun tacú le teaghlaigh ar theastaigh uathu bearta feabhsúcháin a chur i bhfeidhm ina dtithe; agus chun suirbhé a dhéanamh ar leibhéil radóin i scoileanna, láithreacha oibre agus tithíocht shóisialta. Díol suntais ar leith é tionscnamh na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, clár náisiúnta a chur i bhfeidhm chun radón a thomhas i ngach seomra ranga i ngach bunscoil agus iar-bhunscoil agus an ní is tábhachtaí, bearta feabhsúcháin a chur i bhfeidhm i gcás go bhfuarthas go raibh na leibhéil radóin ard. Cé gur éirigh

Forléargas (ar lean)

go maith le roinnt tionscnamh indibhidiúil, bhí RPII deimhin de go mbeadh gá le freagra comhordaithe ilghníomhaireachta, a mbeadh beartas foriomlán náisiúnta mar bhonn is taca leis, chun an baol don tsláinte ón radón a laghdú agus lean sé ag stocaireacht le go nglacfaí leis an mbeartas sin. Tar éis aighneacht a dhéanamh leis an rialtas i mí Mheán Fómhair 2011 bheartaigh an Rialtas grúpa idirghníomhaireachta a bhunú chun Straitéis Náisiúnta Rialaithe Radóin a bhunú d'Éirinn. Seoladh an straitéis i mí Feabhra 2014 agus an aidhm a bhí léi ná na cásanna d'ailse scamhóg radónbhainteacha a laghdú in Éirinn. Áirítear sa straitéis 48 mbeart i gceithre cinn de réimsí téamacha: cosc, laghdú, rialáil agus feasacht. Ón taithí i dtíortha eile léirítear go bhfuil gá le hiarracht leanúnach spriocdhírithe thar bhlianta fada má táthar chun réitigh inmharthana ar cheist an radóin a bhaint amach. Beidh dul i ngleic le ceist an radóin ina thosaíocht lárnach ag ORP agus EPA.

Chomh maith leis an nochtadh do radón, rinne RPII meastóireacht freisin ar a mhéid a bhíonn an pobal faoi lé radanúiclídí nádúrtha agus saorga sa chomhshaol trína chláir monatóireachta mara agus talún. Ba é príomhfhócas an chláir monatóireachta mara measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar phobal agus ar chomhshaol na hÉireann a bheadh ag sceiteadh breosla spíonta isteach i Muir Éireann ag Sellafield agus na torthaí sin a chur ar fál don Rialtas agus don phobal. Dhírigh an clár monatóireachta talún ar thomhas a dhéanamh ar radanúiclídí sa chomhshaol agus measúnú a dhéanamh ar a dtionchar. Cé go léirítear, tríd is tríd, ó thorthaí an dá chlár, gur beag iad na dáileoga radaíochta a mbíonn pobal na hÉireann faoina lé mar thoradh ar radaighníomhaíocht shaorga, tá sé ríthábhachtach go gcoinneodh Éire a hinniúlacht sa réimse seo chun a bheith in ann freagairt go héifeachtach i gcás go dtarlódh timpiste núicléach nó raideolaíoch.

Tar éis na timpiste ag Cumhachtstáisiún Chernobyl in 1986, d'admhaigh Éire agus a lán tíortha eile nach raibh siad ullamh a ndóthain do thimpiste dá leithéid. In 1992, d'fhonn dul i ngleic leis an gceist d'fhoilsigh an Rialtas an foilseachán *Ireland's National Emergency Plan for Nuclear Accidents*. Leagtar amach sa cháipéis seo róil lárnacha na bpríomhpháirtithe i gcás go dtarlódh timpiste cosúil le timpiste Chernobyl. I gcás RPII d'aireodh sé seo foláireamh éigeandála a eisiúint agus freagra a chur sa siúl; measúnú a dhéanamh ar na hiarmhairtí féideartha nó iarbhír a bheadh ag timpiste núicléach; páirt a ghlacadh i gcomhar le gníomhaireachtaí agus ranna Rialtais iomadúla sa fhreagra comhchoiteann; agus comhairle agus faisnéis a sholáthar don Rialtas agus don phobal. Sna blianta a lean uaidh sin, d'fhorbair RPII líonra de stáisiúin monatóireachta comhshaoil agus lean ag forbairt a hinniúlacht intíre chun freagairt do tharluithe cosúla. Bhunaigh sé freisin na socruithe oibre le ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais – náisiúnta agus idirnáisiúnta a raon. Rinneadh tástáil rialta

ar na socruithe seo trí chlár de chleachtaí éigeandála arna n-eagrú ag an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta. Rinneadh tástáil fíorama ar na socruithe freagartha agus ar an inniúlacht níos leithne i seirbhís phoiblí na hÉireann tar éis na timpiste ag Cumhachtstáisiún Núicléach Fukushima Dai-ichi sa tSeapáin i mí Márta 2011 agus an sceitheadh radaighníomhaíochta isteach sa chomhshaol a tharla dá bharr sin. Cé go raibh na leibhéil in Éirinn an-íseal ar fad, bhí siad inbhraite mar sin féin. Trína shampláil agus measúnú agus trí líonraí idirnáisiúnta, bhí RPII go maith in ann faisnéis agus comhairle a sholáthar dá réir don Rialtas, don phobal agus do ghnóthaí a bhí ag impórtáil nó ag easpórtáil chuig an tSeapáin. Beidh feabhsú breise na hinniúlachta freagartha ina tasc tábhachtach tar éis an chumaisc le EPA.

Feidhm thábhachtach a bhí ag RPII ná súil a choinneáil ar fhorbairtí eolaíochta, teicneolaíochta, eacnamaíochta nó eile i ndáil le radaíocht ianúcháin agus sábháilteacht raideolaíoch d'fhonn an Rialtas a choinneáil ar an eolas, ag tagairt go háirithe do na himpleachtaí d'Éirinn. Bhí formhór an fhócais dírithe ar fhorbairtí sa Ríocht Aontaithe, agus go háirithe ar an stáisiún athphróiseála breosla núicléach ag Sellafield. Agus é ar an bhfód, d'oibrigh RPII go dlúth le DECLG chun faisnéis agus comhairle a sholáthar don Rialtas maidir le forbairtí sa Ríocht Aontaithe a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar Éirinn agus ar a saoránaigh. Cuireadh i gcrích roinnt staidéar ar phríomhstáisiúin lena n-áirítear Sellafield (2005) agus Wylfa (2007). Le déanaí cuireadh i gcrích staidéar ar chlár atá beartaithe chun cumhachtstáisiún nua núicléach a thógáil sa Ríocht Aontaithe (2013).

Ar bhonn idirnáisiúnta, mar fhreagra ar thionchar thimpiste Chernobyl (1986), ionsaithe sceimhlitheoireachta Mheán Fómhair 11ú sna Stáit Aontaithe (2001) agus thimpiste Fukushima sa tSeapáin (2011), daingníodh agus feabhsaíodh, ar bhonn leanúnach, an Córas Domhanda um Shábháilteacht Núicléach i.e. an creat lena mbaintear amach leibhéil arda de shábháilteacht núicléach. Cé nach bhfuil aon saoráidí núicléacha ag Éirinn í féin, is gá dúinn a chinntiú go mbeidh na foinsí de radaíocht ianúcháin againn sábháilte agus slán agus páirt a ghlacadh sna hiarrachtaí idirnáisiúnta feabhas a chur ar shábháilteacht ar fud an domhain. Ghlac RPII a pháirt sa phróiseas seo lena n-áirítear ullmhú agus cur i láthair a dhéanamh ar thuarascálacha náisiúnta maidir le cur i bhfeidhm oibleagáidí faoi choinbhinsiúin idirnáisiúnta trína rannpháirtíocht sa phróiseas piarmheasúnaithe agus trí mhalartú eolais i measc saineolaithe agus oiliúint a chur ar fáil.

Tar éis do IAEA cuireadh a fháil ón Rialtas in 2010 déanamh amhlaidh rinne foireann idirnáisiúnta saineolaithe IAEA piarmheasúnú ar chreat na hÉireann um shábháilteacht radaíochta i mí Mheán Fómhair 2015. Chuir RPII tús le hullmhúcháin le haghaidh athbhreithniú cuimsitheach fadréimseach, ar lean EPA leis, ar gach gné den chosaint radaíochta in Éirinn. Rinne foireann de 14 shaineolaí idirnáisiúnta an t-athbhreithniú féin thar thréimhse 10 lá. Ó dhearcadh RPII/EPA de, dar le torthaí na saineolaithe, fuarthas go raibh EPA-ORP ina fhoras éifeachtach, neamhspleách rialála ag a bhfuil foireann lán taithí, atá inniúil go teicniúil agus atá féinspreagtha. De réir mar a leanfaimid orainn ag leabú agus ag daingniú na cosanta raideolaíche mar fheidhm laistigh de EPA, tugann torthaí na saineolaithe sin uchtach dúinn gur bhain Bord agus foireann RPII barr feabhais amach ina gcuid oibre agus RPII ar an bhfód, agus tugann sin bonn is taca fónta, iontaofa dúinn leanúint leis an bhfeabhas leanúnach atá á chur ar an gcosaint raideolaíoch in Éirinn.

Réamhrá

Bunaíodh an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch (RPII) an 1 Aibreán 1992 de bhun na reachtaíochta cumasúcháin, An tAcht um Chosaint Raideolaíoch 1991, a tugadh isteach le hordú ón Aire i mí Márta 1992.

Ghlac an Institiúid nua uirthi na freagrachtaí a bhí idir lámha roimhe sin ag an mBord um Fhuinneamh Núicléach (arna bhunú sa bhliain 1973), ach cuireadh go suntasach le ról na hInstitiúide.

Ba luachmhar an obair a rinne an Bord um Fhuinneamh Núicléach, go háirithe sna blianta tar éis thimpiste Chernobyl in 1986, ag ullmhú don RPII, go háirithe ag forbairt an bhonneagair náisiúnta don chosaint raideolaíoch, ag bunú córais do rialáil gaireas ionradaíochta agus foinsí radaighníomhacha agus ag bunú saotharlann náisiúnta chun monatóireacht a dhéanamh ar radaighníomhaíocht sa chomhshaol.

Mar a thugann ainm na hInstitiúide le fios, bhí RPII dírithe ar chosaint agus sábháilteacht raideolaíoch, dóibhsean a úsáideann foinsí radaíochta ianúcháin ina gcuid oibre agus do phobal na hÉireann i gcoitinne chomh maith.

Le linn 23 bliana na hInstitiúide, d'imigh RPII i ngleic le raon leathan saincheisteanna ríthábhachtacha. I gcás roinnt de na saincheisteanna sin, tá siad fós ina gcúis imní, dála cheist na hailse scamhóg ag eascairt ó ghás radóin. É sin ráite tá dul chun cinn maith déanta ag RPII ag aithint na limistéar ardleibhéil radóin sa tír agus teaghlaigh is fostóirí a chur ar an eolas gur gá dóibh tabhairt faoi bhearta feabhsúcháin nó réamhchúraim. Mar chuid den dul chun cinn sa réimse seo, sheol an Rialtas an Straitéis náisiúnta um Rialú Radóin in 2014. Tá saincheisteanna eile fós go mór mar thosaíocht ar an gclár oibre, mar shampla ullmhú d'éigeandálaí núicléacha, agus tá na tosaíochtaí seo athraithe go mór le caitheamh ama ó tharla imeachtaí dála 9/11 agus thimpiste Fukushima. Tá pobal agus Rialtas na hÉireann níos mó in iúl dá réir ar an mbaol a bhaineann lena leithéid de tharluithe agus ar an tslí is gá freagairt dóibh.

Agus ansin bhí teicneolaíochtaí nua, casta ag teacht ar an bhfód dála úsáid na radaíochta ianúcháin i gcúrsaí leighis, sa tionscal agus taighde, agus tá siadsan imithe go mór i bhfeidhm ar obair na hInstitiúide.

Anois in 2015, agus í ar cheann d'Oifigí lárnacha na Gníomhaireachta um Chosaint Comhshaoil, cuireann an Oifig i gcrích gach ceann d'fheidhmeanna bunaidh RPII agus leanann ag díriú ar dhaoine a chosaint ó éifeachtaí dochracha na radaíochta ianúcháin agus féachann le saincheisteanna a thuar agus a mhaolú, ar saincheisteanna iad is gá dul i ngleic leo i réimse na cosanta radaíochta.

Misean agus Feidhmeanna RPII

Misean

A chinntiú go mbeadh pobal na hÉireann cosanta ar éifeachtaí dochracha na radaíochta

Bunaíodh feidhmeanna RPII faoin Acht um Chosaint Raideolaíoch 1991. Seo a leanas achoimre ar na feidhmeanna sin:

- Comhairle a sholáthar don Rialtas, don Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus d'Airí eile ar chúrsaí a bhaineann le sábháilteacht raideolaíoch.
- Eolas a sholáthar don phobal ar aon ní a bhaineann le sábháilteacht raideolaíoch.
- Saotharlann náisiúnta a chothabháil agus a fhorbairt chun leibhéil radaighníomhaíochta a thomhas sa chomhshaol agus chun measúnú a dhéanamh ar shuntasacht na leibhéal sin do phobal na hÉireann.
- Rialú a dhéanamh trí cheadúnas ar sheilbh, úsáid, déantús, impórtáil, iompar, dáileadh, easpórtáil agus diúscairt substaintí radaighníomhacha, gaireas ionradaíochta agus foinsí eile de radaíocht ianúcháin.
- Cuidiú le forbairt na bpleananna náisiúnta d'éigeandálaí ag eascairt ó thimpistí núicléacha agus tacú le pleananna mar sin.
- Taighde a dhéanamh agus a chur chun cinn i réimsí ábhartha.
- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí thar lear i ndáil le stáisiúin núicléacha agus sábháilteacht raideolaíoch i gcoitinne, agus an Rialtas a choinneáil ar an eolas maidir leis na himpleachtaí a bhainfeadh leosan d'Éirinn.
- Comhoibriú leis na húdaráis iomchuí i stáit eile agus le húdaráis iomchuí idirnáisiúnta.
- Ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Stáit ar chomhlachtaí idirnáisiúnta.
- Bheith ar an údarás inniúil faoi choinbhinsiúin idirnáisiúnta maidir le cúrsaí núicléacha.
- I gcás gur iomchuí é, seirbhísí cosanta radaíochta a sholáthar, nó maoirseacht a dhéanamh ar a soláthar, dála dáileogmhéadracht phearsanta, tomhas radaighníomhaíochta, calabrú gléasanna, tomhas radóin agus deimhniú táirgí.

Rialáil agus Ceadúnú

Tá ról tábhachtach ag baint le húsáid na radaíochta ianúcháin in earnáil an leighis, sa tionscal agus sa taighde, ach tá baol ag gabháil le timpistí bainteacha nó lena húsáid chun críocha mailíseacha. Mar sin, bhí RPII an-díograiseach i leith a fhreagrachta mar rialtóir. Chomhlíon sé an fheidhm seo trí chóras de cheadúnú arna thacú ag cigireachtaí agus forfheidhmiú chun a chinntiú go mbeifí ag cloí leis na rialacháin agus na coinníollacha a bhí ag gabháil leis na ceadúnais sin.

Sular féidir le haon duine aonair ó aon eagraíocht foinse radaighníomhaíochta nó gléas ionradaíochta a fháil, is gá dóibh ceadúnas a fháil ó RPII ar dtús. Ó thug an Bord um Fhuinneamh Núicléach isteach an córas ceadúnúcháin, sa bhliain 1977, d'ardaigh líon na gceadúnas gach bliain go dtí 2008 (Fíor 1) ach chothromaigh an líon sin le roinnt blianta anuas. Ag deireadh 2014, bhí 1734 gceadúnas i seilbh dreamanna éagsúla ar fud raon earnálacha, lena n-áirítear earnálacha na fiaclóireachta, an leighis, an tionscail, an oideachais agus na tréidliachta. Tá miondealú de réir earnála le feiceáil i bhFíor 2.

Fíor 2: Dáileadh na gceadúnas de réir earnála in 2014



Fíor 1: Líon na gceadúnas arna n-eisiúint ag NEB/RPII, 1985 go 2014



Fíor 3: Cigireachtaí arna ndéanamh ag RPII, 1992 go 2014



Thug RPII faoi chlár bliantúil cigireachta ar cheadúnaithe (Fíor 3) chun measúnú a dhéanamh ar chaighdeáin um chosaint radaíochta ar fud na n-earnálacha éagsúla agus ar a mhéid is atá ceadúnaithe ag comhlíonadh na reachtaíochta náisiúnta agus na gcoinníollacha atá ag gabhail leis na ceadúnais. Roghnaíodh na ceadúnaithe a ndéanfaí cigireacht orthu gach bliain bunaithe ar chritéir ar leith, lena n-áirítear an baol raideolaíoch a bhain le gníomhaíochtaí an cheadúnaithe, an méid ama ón gcigireacht dheireanach ar an gceadúnaí agus aon tarluithe a tuairiscíodh ina n-earnáil feidhme. Tríd is tríd, fuarthas go raibh an leibhéal géilliúlachta go maith, le caighdeáin arda cosanta radaíochta á gcoinneáil ag na ceadúnuithe sin a ndearnadh cigireacht orthu.

Le linn dó a bheith ar an bhfód rinne RPII cigireacht ar líon mór tarluithe tuairiscithe agus mínormálta in úsáid agus láimhseáil substaintí ceadaithe radaighníomhacha. D'áirigh siadsan diúscairt fhaillíoch ar fhoinsí, foinsí a goideadh agus nochtadh don radaíocht trí thaisme daoine a bhíonn ag obair le foinsí. Cé go raibh leibhéal cuíosach íseal radaighníomhaíochta i gceist formhór an ama, ó am go chéile bhí oibrithe faoi lé dáileoga suntasacha. I gcás gur imigh foinsí ar iarraidh, toisc nár cloíodh le gnáthaimh nó toisc gur goideadh na foinsí, rinne RPII iarchúram de na cásanna sin chun a bheith dheimhin de, a mhéid ab fhéidir é, nach raibh an fhoinse sin ina baol don phobal. Léirigh an ilchineálacht timpistí an raon baol féideartha a bhain le seilbh, úsáid agus iompar foinsí radaighníomha. Léirigh sé freisin an tábhacht a bhaineann le go ndéanfadh ceadúnuithe gnáthaimh sábháilteachta radaíochta scríofa a fhorbairt agus a chothabháil agus a chinntiú go gcloífeadh gach ball foirne, a mbíonn baint dhíreach acu le húsáid na bhfoinsí radaíochta ianúcháin, leis na gnáthaimh sin.

Chaith RPII dua suntasach le cigireacht, athbhreithniú ar choinníollacha ceadúnais ar fud na n-earnálacha agus le heisiúint agus athbhreithniú na gCód Cleachtais chun a chinntiú go mbeadh ceadúnuithe ag cloí le cleachtas maith cosanta raideolaíche. Cibé scéal é, ón tús ar fad, bhí fíorchumhachtaí ag RPII, mar ba léir ó na 50 ionchúiseamh a rinneadh le linn don eagraíocht a bheith ar an bhfód, ar dhreamanna nár chomhlíon na rialacháin.

Rialáil agus Ceadúnú (ar lean)

1990í

Cuireadh i bhfeidhm Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Radaíocht Ianúcháin) sa bhliain 1991. Thug na rialacháin seo éifeacht do Treoir ón gComhairle Eorpach ag leagan síos na caighdeáin bhunúsacha sábháilteachta do chosaint sláinte an phobail i gcoitinne i gcoinne na ndainséir a bhaineann le radaíocht ianúcháin, agus dhaingnigh siad cumhachtaí RPII go háirithe i ndáil le hionchúiseamh a dhéanamh mar thoradh ar theip caighdeáin chearta sábháilteachta radaíochta a choinneáil. Chuimsigh na rialacháin sin freisin, laghdú ar theorainneacha dáileog d'oibrithe a bhíonn raoi lé radaíochta ina ngairmeacha agus do bhaill den phobal, agus tá siad ag teacht leis na moltaí a rinne an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint Raideolaíoch (ICRP).

In 1994, d'fhoilsigh RPII Cód Cleachtais nua um Chosaint Raideolaíocht san Fhiaclóireacht i gcomhar leis an Roinn Sláinte agus leis an gComhairle Fiaclóireachta. Áiríodh sa Chód nua na gnéithe éigeantacha go léir a bhain le haonaid X-ghathacha a dearadh chun an dáileog radaíochta a gheobhadh othair a íoslaghdú agus chun laghdú ar an mbaol go dtarlódh timpiste toisc go nochtfaí othair nó an fhoireann an iomarca don radaíocht. Chuir RPII i bhfeidhm forálacha an Chóid trí chomhlíonadh an Chóid a áireamh mar choinníoll ag gabháil leis an gceadúnas a eisíodh do gach fiaclóir a bhfuil trealamh X-ghathach ina s(h)eilbh. In 1993 tugadh isteach sceideal táillí do cheadúnais chun aisghabháil, fiú amháin i gcuid, a dhéanamh ar an gcostas a bhaineann le riar fheidhm cheadúnaithe, chigireachta agus forfheidhmiúcháin RPII. Roimhe sin, sheas an Stát an costas seo trína dheontas i gcabhair do RPII.

2000í

D'fhonn dearbhú a sholáthar maidir lena éifeachtacht féin mar rialtóir, thug RPII cuireadh don Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach (IAEA) athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtach agus a éifeachtúlacht ina Sheirbhísí Rialála in 2000. Chuimsigh an t-athbhreithniú sin measúnú fadréimseach ar an reachtaíocht ábhartha agus ar na gnáthaimh cheadúnaithe, chigireachta agus forfheidhmiúcháin. Ba iad príomhthorthaí an athbhreithnithe go raibh an bonneagar riachtanach dlíthiúil do chosaint radaíochta go maith ar bun in Éirinn, go raibh an clár rialála éifeachtach agus go raibh RPII i suíomh maith chun an bonneagar rialála sin a chur i bhfeidhm. Tugadh faoi deara, ámh, san athbhreithniú go raibh gá athscrúdú a dhéanamh ar na tosaíochtaí oibre ag na tSeirbhís Rialála sa cheadúnú, cigireacht agus i réimsí bainteacha, agus go raibh gá le saineolas breise, go háirithe i réimse úsáidí leighis na radaíochta.

Fíor 4: Líon na mball aerchriú a fhaigheann dáileoga os cionn 1 mSv



Cloch mhíle reachtúil a bhí ann nuair a tugadh i bhfeidhm an tOrdú um Radaíocht Ianúcháin, 2000, lenar cuireadh i bhfeidhm dhá Threoir ón Aontas Eorpach (leasú 1996 ar an Treoir um Chaighdeáin Bhunúsacha Sábháilteachta agus an Treoir um Oibrithe Lasmuigh) lenar leagadh síos caighdeáin bhunúsacha do chosaint shláinte na n-oibrithe agus an phobail i gcoinne na nguaiseacha ag eascairt ón radaíocht ianúcháin. D'ullmhaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, mar a bhí, an reachtaíocht sin i gcomhar le RPII. San Ordú nua bheadh cur i bhfeidhm níos déine phrionsabail na cosanta radaíochta, lena n-áirítear prionsabal na fírinnithe a shonraíonn gur chóir d'aon chleachtas a bhaineann le nochtadh don radaíocht níos mó maitheasa a dhéanamh ná dochar, agus gur chóir d'aon idirghabháil chun laghdú na ndáileog a chur i bhfeidhm níos mó maitheasa a dhéanamh ná dochar agus chun gnáthaimh sábháilteachta radaíochta a leagan síos chun dul i ngleic leis an mbaol arna shainaithint. Ceanglaíodh ar cheadúnuithe freisin dul i gcomhairle leis an gComhairleoir Cosanta Radaíochta (RPA). Chuir an tOrdú nua cosaint ar fáil nach raibh ann cheana sa mhéid gur chuir sé leis an smacht rialála don chéad uair a bhain le nochtadh oibrithe don radaighníomhaíocht nádúrtha ó fhoinsí dála leibhéil arda gáis radóin sa láthair oibre agus ó radaíocht chosmach i gcás aerchriú.

San Ordú leagadh síos an Leibhéal Tagartha de 400 beicireil in aghaidh an mhéadair chiúbaigh (Bq/m^3) don nochtadh do radón ar an láthair oibre – agus os cionn an leibhéil sin bheadh gá beart feabhsúcháin a chur i gcrích chun an tiúchan radóin sin a laghdú.

Chomh maith leis sin in 2001, d'fhoilsigh RPII treoir maidir le cosaint aerchriú ar an radaíocht chosmach inar leagadh amach céimeanna praiticiúla ar ghá d'oibreoirí aerárthach iad a leanúint d'fhonn cloí leis an reachtaíocht. Léirítear i bhFíor 4 go raibh méadú bliain i ndiaidh bliana ann ar líon na mball d'aerchriú a fuair dáileoga, ach bhí siad go léir faoi bhun an leibhéil ag a mbeadh gá bearta rialaithe a chur i bhfeidhm (i.e. 6 mhillisíveart). Bhí an méadú ar líon iomlán na mball d'aerchriú inchurtha i leith an éilimh sa bhreis ar aeriompar.

Le leasú a rinneadh ar an Acht um Chosaint Raideolaíoch in 2002 tugadh údarás don Aire rialacháin a dhéanamh ina leagfaí síos táillí ceadúnais agus ina mbeadh sé ina chion coiriúil ráiteas bréagach a dhéanamh maidir le hiarratas ar cheadúnas nó coinníoll ceadúnais a shárú De bhun aighneachta ar sceideal nua táillí agus dréacht-rialacháin a rinne RPII go déanach sa bhliain 2005, d'fhaomh an tAire Comhshaoil. Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil táillí nua a mbeadh éifeacht acu ó mhí Dheireadh Fómhair 2007.

Achtaíodh Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint ar Radaíocht Ianúcháin Leighis) ina ndlí in 2002 agus rialaigh sé sin cosaint othar, agus daoine eile, a bheadh faoi lé na radaíochta chun críocha leighis. Leag siad níos mó béime ar go mbeadh gá cúis mhaith a thabhairt le radaíocht a úsáid i ngnáthaimh leighis agus cheangail siad ar na hoideoirí agus ar na daoine a bheadh ag déanamh na gnáthaimh próiseas fírinnithe a bhunú chun na gnáthaimh sin a dhéanamh. Cheangail siad ar dhaoine tabhairt faoi oideachas agus oiliúint ar bhonn leanúnach tar éis a gcáilíocht a bhaint amach. Cheangail siad freisin ar bhallstáit céimeanna a ghlacadh chun aon iomadú trealaimh raideolaíoch nach raibh gá leis a sheachaint agus a chinntiú go mbeadh cláir um dhearbhú cáilíochta curtha i bhfeidhm. Díríodh aird ar leith ar úsáid trealaimh agus teicnící iomchuí i gcás go mbeadh leanaí faoi lé na radaíochta leighis, nó do scagthástáil sláinte nó gnáthaimh ina mbeadh dáileoga arda radaíochta i gceist leo.

Cé nach raibh aon ról díreach ag RPII i bhforfheidhmiú na rialachán seo, chuir a dtabhairt isteach le raon sainchúraim RPII, agus chuir siad leis an gcreat do chosaint raideolaíoch sa réimse seo. Sna blianta ina dhiaidh sin, cuireadh RPII ar an eolas go raibh aimhrialtacht ann sa mhéid go raibh cead ag círichleachtóirí ceadúnas a bheith acu ó RPII d'úsáid trealaimh X-ghathaigh, ach nach raibh cead acu X-gha a ghlacadh d'othar chun críocha leighis faoi na Rialacháin um Ianúchán Leighis. In 2006, chuir Cathaoirleach RPII cúis imní in iúl don Aire Sláinte agus Leanaí maidir le húsáid neamhrialáilte trealaimh X-ghathaigh, agus mar fhreagra air sin dúirt an tAire go ndéanfaí na forálacha forfheidhmiúcháin reachtúla a dhaingniú. Leasaíodh na rialacháin in 2007 agus 2010.

Tar éis an ionsaithe sceimhlitheoireachta sna Stáit Aontaithe an 11 Meán Fómhair 2001 díríodh athuair ar chúiseanna imní faoi fhoinsí agus ábhair radaighníomhacha sa mhéid go bhféadfadh sceimhlitheoirí buamaí 'salacha' a dhéanamh leo. Ar bhonn idirnáisiúnta tugadh faoi roinnt tionscnamh lena n-áirítear Treoir ón gComhairle Eorpach maidir le Foinsí Séalaithe Ardghníomhaíochta agus Foinsí Dílleachta, a trasuíodh i ndlí na hÉireann in 2005. Aidhm na treorach ná a chinntiú go mbeadh rialú docht á dhéanamh ar na foinsí is guaisí. Mar ullmhúchán le haghaidh thabhairt isteach cheanglais na Treorach, chuir RPII tús le clár cigireachtaí, i gcomhar le baill d'Oifig Náisiúnta Coiscthe Coireachta an Gharda Síochána, ag féachaint le daingniú a dhéanamh ar ghnéithe slándála a bhaineann le seilbh foinsí radaighníomhacha in Éirinn.

Chomh maith leis sin, cheangail an Treoir ar údaráis náisiúnta soláthar do láimhseáil na bhfoinsí dílleachta, mar a thugtar orthu, is é sin foinsí nárbh fhios a thuilleadh cérbh é/í a n-úinéir. Toisc gur beag an líon foinsí dá leithéid a bhí ann, d'aontaigh RPII déileáil leo i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (DEHLG) ar bhonn cás ar chás. Cuireadh bonn is taca leis an gcomhaontú sin le Prótacal Sealadach Oibríochtúil a bunaíodh do dhéanamh sábháilte agus do bhainistiú na bhfoinsí dílleachta nó gafa. Bhí sé i gceist gurb é RPII a chuirfeadh an Prótacal sin i bhfeidhm, le DEHLG agus i gcomhar le heagraíocht (nó eagraíochtaí) a ainmneofaí ar bhonn cás ar chás chun cuidiú le RPII mar an tÚdarás Inniúil chun socruithe a dhéanamh do bhainistiú agus stóráil shealadach foinsí aimsithe dílleachta nó foinsí a ainmneofaí le go ndéanfaí iad a ghabháil.

In 2005 leathnaíodh amach ar an soláthar do raideolaíocht dhiagnóiseach, leigheas núicléach agus seirbhísí radaiteiripe in earnáil na sláinte príobháidí agus cuireadh ceadúnais ar fáil do dhá shaoráid nua úrscothacha don tomagrafaíocht astúchán posatrón (PET). De réir mar a d'imigh líon agus sofaisticiúlacht na saoráidí leighis i méid, bhí méadú comhfhreagrach ar an ngá le comhairle shaineolach sa chosaint radaíochta. I dtreo dheireadh 2005, de réir na gceanglas reachtúil, sheol RPII clár Comhairleoirí Cosanta Radaíochta (RPA). Chomh luath agus a bheadh RPA faofa, d'fhéadfadh sé nó sí comhairle a chur ar cheadúnaithe sna réimsí leighis, fiaclóireachta agus tréidliachta maidir le raon saincheisteanna a bhain le cosaint radaíochta.

Shínigh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta Meamram Tuisceana (MoU) in 2006 ag díriú ar na guaiseacha a bhaineann leis an radaíocht ianúcháin sa láthair oibre. Dhírigh an MoU ar roinnt réimsí lárnacha comhoibrithe lena n-áirítear iompar ábhair radaighníomhaigh, guaiseacha agus timpistí sa láthair oibre a bhain le radaíocht ianúcháin agus idirchaidreamh oibríochtúil idir an dá eagraíocht. Chomh maith leis sin, leag an MoU béim ar ghuaiseacha radóin ar an láthair oibre agus bhunaigh comh-mheitheal do chur i bhfeidhm an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, a chuir dualgas ar fhostóirí i ndáil le radaíocht ianúcháin.

In 2007, shínigh RPII MoU le Feidhmeannacht na Sláinte Seirbhíse ar mhaithe le comhoibriú a éascú idir an dá ghníomhaireacht i bhfeidhmiú a bhfreagrachtaí faoi seach i ndáil le radaíocht ianúcháin, chomh maith le feabhas a chur ar éifeachtacht an dá ghníomhaireacht.

Forbairt shuntasach in 2007 ná gur chuir an tSeirbhís Rialála isteach ar chreidiúnú chaighdeán 17020 ISO (Critéir Ghinearálta d'Oibriú Cineálacha Éagsúla Comhlachtaí a Dhéanann Cigireachtaí) a cuireadh faoi bhráid Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB). Tar éis don Bhord cuairt measúnachta a thabhairt ar RPII in 2008, bhronn INAB teastas an chreidiúnaithe ar RPII, agus leis sin bhí RPII ar an gcéad údarás rialála san Eoraip a bhíonn i mbun cigireachtaí cosanta radaíochta creidiúnú 17070 ISO a bhaint amach dá sheirbhísí cigireachta. Rinne saineolaithe seachtracha piarmheasúnú in 2008 ar RPII in ionaid steirilithe agus i measc soláthraithe foinsí radaighníomhacha, dhá earnáil a úsáideann a lán foinsí radaighníomhacha, chun a chinntiú go raibh RPII ag cur i bhfeidhm agus ag forfheidhmiú an chleachtais is fearr rialála sna réimsí seo. Dar leis an dá athbhreithniú bhí an córas rialála agus cigireachta a bhí á fheidhmiú ag PRII iomchuí, tríd is tríd, don earnáil agus rinne siad araon roinnt moltaí maidir le conas a d'fhéadfaí an córas a dhaingniú níos mó.

Cuireadh i gcrích na socruithe do bhunú prótacal agus critéar d'fhaomhadh na gComhairleoirí Cosanta Radaíochta (RPA) do cheadúnaithe sa tionscal agus san earnáil oideachais tríú leibhéal, agus do ghníomhaíochtaí a bhaineann le radaíocht nádúrtha, agus forbraíodh clár le linn 2009. Le linn 2010, faomhadh na chéad chomhairleoirí RPA agus cuireadh iad ar an gclár agus cuireadh i bhfeidhm go céimneach an ceanglas go mbeadh ar cheadúnaithe comhairleoir RPA a cheapadh – idir cheadúnaithe le foinsí ardghníomhacha is cheadúnaithe nua.

Forbraíodh Cód Cleachtais nua maidir le dearadh saoráidí diagnóiseacha leighis áit a mbíonn radaíocht ianúcháin in úsáid le cúnamh ó Institiúid Haughton i gColáiste na Tríonóide, ag uasdátú Chód 1988 agus ag soláthar sonraí maidir le ceanglais reachtúla agus treoir phraiticiúil faoi chosaint raideolaíoch agus saoráidí míochaine núicléiche. Eisíodh treoir freisin maidir le cosaint an linbh sa bhroinn le linn gnáthaimh dhiagnóiseacha leighis.

Cuireadh i bhfeidhm reachtaíocht maidir le maoirseacht agus rialú lastais de dhramhaíl radaighníomhach agus breosla spíonta le linn 2009, ag uasdátú na gceanglas roimhe sin agus á dtabhairt de réir na dTreoracha is déanaí ón AE.

Rialáil agus Ceadúnú (ar lean)

2010í

Gné lárnach de chur chun cinn na gcaighdeán níos fearr ó thaobh na cosanta radaíochta de ná teagmháil a bheith ann leis na páirtithe leasmhara iomchuí le linn na tréimhse, go háirithe sa timpeallacht rialála. Mar shampla, le linn 2010 bhí plé ag RPII leis na dreamanna seo a leanas chun réimsí comhleasa a phlé agus comhthascanna a aithint a mbeadh mar aidhm leo éifeachtaí níos fearr a ghiniúint agus dúbailt a sheachaint: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Chomhairle Fiaclóireachta, Comhairle na dTréidlianna, Comhairle na nDochtúirí Leighis, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, an Roinn Iompair, an Garda Síochána, na Coimisinéirí Ioncaim (Custaim), an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach, Cumann na gCóras Innealtóireachta Dóiteáin, an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta (Rialú Iompórtála agus Easpórtála), Tionscal Lampaí na hÉireann agus Údarás Eitlíochta na hÉireann.

De réir an ghealltanais i bPlean Straitéiseach RPII feabhas a chur ar trédhearcacht a phróisis rialála, foilsíodh an chéad chigireacht agus Clár Gníomhaíochtaí Ceadúnaithe agus Cigireachta Bliantúla le haghaidh 2011, ina raibh sonraí maidir leis na próisis agus tosaíochtaí bainteach le ceadúnú agus cigireacht.

Chomh maith leis sin, in 2011, forbraíodh dhá bheartas nua a mbeadh tionchar acu ar earnáil na fiaclóireachta tar éis athbhreithniú fairsing a dhéanamh ar an gcleachtas reatha. Faoin gcéad bheartas, ní raibh dáileogmhéadracht phearsanta éigeantach do phearsanra ag obair i réimse na raideolaíochta fiaclóireachta – ina ionad sin, bheadh ar fhiaclóirí tabhairt faoi mheasúnú riosca, i gcomhar leis an gComhairleoir Cosanta Radaíochta, chun a bheartú cibé acu an mbeadh gá le clár dá leithéid nó nach mbeadh. Forbraíodh an dara beartas i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, mar ar cuireadh comhairle ar an bhfoireann ag úsáid trealamh X-ghathach nach mbeadh orthu naprúin luaidhe a chaitheamh, ach amháin i gcásanna áirithe a bhí sonraithe sa bheartas, agus ní raibh gá d'othair naprúin luaidhe a chaitheamh in aon chor.

Cuireadh tús le hidirbheartaíocht in 2011 chun leasú breise a dhéanamh ar an Treoir Eorpach um Chaighdeáin Bhunúsacha Sábháilteachta, mar a ndearnadh comhdhlúthú ar na forálacha sna cúig threoir reatha a bhí ina mbonn is taca leis an gcreat reachtúil do chosaint radaíochta san Eoraip. Bhí RPII páirteach sa phlé teicniúil agus polaitiúil maidir leis an treoir nua, a comhaontaíodh le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an gComhairle Eorpach in 2013. Rinne Stiúrthóir RPII caothaoirleacht ar Mheitheal na Comhairle ó mhí Iúil 2012 go Bealtaine 2013.

Tar éis meastóireacht dhomhain a dhéanamh ar a ghníomhaíochtaí rialála agus le héileamh méadaithe ar na hacmhainní foirne, d'aithin RPII nach é an rud is fearr é an múnla céanna a úsáid do chách sa chóras ceadúnaithe agus nach raibh sé inmharthanach ach oiread. I dtreo dheireadh 2011, cuireadh tús le hobair ar thionscadal nua chun samhail údaraithe a fhorbairt ina mbeadh cur chuige rioscabhuanithe nó grádaithe i leith na údaraithe. Chuirfeadh an cur chuige seo seirbhís níos éifeachtaí ar fáil d'úsáideoirí nach mbeadh an méid céanna riaracháin i gceist leis. Ar an gcaoi seo, d'fhéadfaí tuilleadh acmhainní a leithdháileadh le haghaidh gníomhaíochtaí cigireachta agus cáipéisí treorach a fhorbairt d'úsáideoirí i gcás go mbeadh gá leo.

In 2012, rinne painéal saineolaithe idirnáisiúnta athbhreithniú ar shamhail nua údaraithe mar chuid den phróiseas bailíochtaithe. Mheas an painéal piarmheasúnachta go raibh an tsamhail ag teacht le moltaí idirnáisiúnta agus luaigh sé go raibh sé ina fheabhsú mór ar na socruithe reatha ó thaobh inbhuanaitheacht fhadtéarmach de. Rinneadh athbhreithniú criticiúil eile ar an bpróiseas rialála gnó agus mar aidhm leis feabhas a chur ar a n-éifeachtacht agus sa n-éifeachtúlacht do cheadúnaithe agus don fhoireann araon. Ag eascairt ó na feabhsúcháin a sonraíodh san athbhreithniú eisíodh cuireadh chun tairisceana d'fhorbairt córais nua bainistithe faisnéise (GAMIS) in 2013.

Léiríodh an tábhacht a bhaineann le socruithe iomchuí do bhainistiú sábháilte na dramhaíola radaighníomhaí le linn 2013 tráth ar goideadh seacht ngléas a bhféadfaí 'coiscthoirí tintrí' a thabhairt orthu ó áitreabh i Sord, Co. Átha Cliath. Bhí ábhar radaighníomhach sna gléasanna sin agus d'fhéadfaidís bheith ina mbaol d'éinne a d'fhanfadh ina gcóngar ar feadh tréimhse fhada ama, nó trí éilliú mura láimhseálfaí iad go hiomchuí. Mar fhreagra d'eisigh RPII agus na Gardaí rabhadh poiblí ag iarraidh na foinsí seo a aisghabháil. Chomh maith leis sin, d'oibrigh RPII go dlúth leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DECLG), le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus leis na Gardaí chun prótacail freagartha agus aisghabhála a fhorbairt le haghaidh na bhfoinsí, i gcás go n-aimseofaí iad. D'aineoinn na ngníomhartha seo uile, tá na foinsí fós ar iarraidh agus is cosúil nach n-aisghabháilfear iad.

Bainistiú ar Dhramhaíl Radaighníomhach

Ó laethanta na Bhoird um Fhuinneamh Núicléach (NEB) i leith, gné a bhí ina cúis mhór imní ab ea an gá saoráid náisiúnta sainchuspórtha a bhunú chun bainistiú a dhéanamh ar dhramhaíl radaighníomhach.

Ó laethanta na Bhoird um Fhuinneamh Núicléach (NEB) i leith, gné a bhí ina cúis mhór imní ab ea an gá saoráid náisiúnta sainchuspórtha a bhunú chun bainistiú a dhéanamh ar dhramhaíl radaighníomhach.

Cuimsítear sa dramhaíl radaighníomhach foinsí radaighníomhacha atá as úsáid, chomh maith le dramhaíl chliniciúil éillithe agus ábhar sceite ó rannóga míochaine núicléiche in ospidéil. Cé go bhfuil na méideanna de dhramhaíl radaighníomhach a tháirgtear in Éirinn cuíosach beag, tá líon mór foinsí nach bhfuil in úsáid a thuilleadh, agus roinnt díobhsan a bhíodh ina bhfoinsí ardghníomhacha ar féidir leo bheith an-ghuaiseach mura láimhseáiltear i gceart iad. Fuarthas na 'foinsí leagáide' seo sna laethanta sula raibh gá ceadúnas a fháil ina sonraítear go gcaithfear foinsí nach bhfuil ag teastáil a thuilleadh a chur ar ais chuig an déantóir/soláthróir.

Stóráladh an dramhaíl faoi cheadúnas ar áitreabh na n-úsáideoirí ag suíomhanna iolracha agus ar an gcaoi sin bhí sé níos dóchúla go rachadh an fhoinse ar iarraidh nó go ndéanfaí í a dhiúscairt trí thaisme. De bhreis air sin, i gcás go mbeadh ar RPII ceadúnas a tharraingt siar ó úsáideoir agus seilbh a ghlacadh ar fhoinse, ní raibh aon saoráid ar fáil chun an fhoinse a stóráil ann. Easnamh mór bonneagair ó thaobh na cosanta radaíochta é nach raibh saoráid náisiúnta ann.

Sna 1990í déanacha agus 2000í luatha ghlac an Roinn Caiteachais Phoiblí, mar a bhí, céimeanna chun pleanáil do shaoráid náisiúnta, le tacaíocht RPII. Níor éirigh leo teacht ar shuíomh oiriúnach, ámh. Ina dhiaidh sin, daingníodh na tuairimí go raibh gá le saoráid dá leithéid le hoibleagáidí na hÉireann nuair a daingníodh in 2001 Comhchoinbhinsiún IAEA maidir le Sábháilteacht Bhainistiú Breosla Spíonta agus Sábháilteacht Bhainistiú Dramhaíola Radaighníomhaí. Cé gur shásaigh creat reachtúil agus rialála na hÉireann oibleagáidí na hÉireann, cheangail an Coinbhinsiún ar na páirtithe conarthacha soláthar iomchuí a dhéanamh do bhainistiú sábháilte na dramhaíola radaighníomhaí. Níor bhain fadhb na bhfoinsí radaíochta nach raibh faoi rialú, ar chúis amháin nó ar chúis eile, foinsí ar a dtugtar 'foinsí dílleachta', le hÉirinn amháin; bhí ar údaráis rialála idirnáisiúnta aghaidh a thabhairt ar fhadhb foinsí dá leithéid ina dtíortha féin agus is minic daoine gan a bheith ar an eolas faoin mbaol a bhaineann leo. Tharla gortuithe tromchúiseacha, agus bás i roinnt cásanna, cúpla uair in áiteanna éagsúla ar fud an domhain. I gcásanna eile, toisc bruithniú a dhéanamh ar fhoinsí dílleachta tharla éilliú suntasach ar an gcomhshaol agus bhí gá le hoibríochtaí fairsinge, costasacha chun é sin a ghlanadh suas. Tráth ar tharla na hionsaithe sceimhlitheoireachta sna Stáit Aontaithe an 11 Meán

Fómhair 2001 díríodh athuair ar chúiseanna imní slándála a bhain le foinsí radaighníomhacha agus a n-úsáid fhéideartha chun críocha mailíseacha.

D'fhonn dul i ngleic le saincheist na bhfoinsí dílleachta, tháinig Treoir nua ón Eoraip i bhfeidhm ag deireadh 2002. Ba é cuspóir na Treorach sin a chinntiú go mbeadh an bonneagar riachtanach rialála ag ballstáit AE chomh maith le córais iomchuí bainistithe airgeadais agus faireacháin chun sábháilteacht na bhfoinsí ardradaighníomhaíochta agus dílleachta a chinntiú. Trasuíodh an Treoir maidir le Foinsí Séalaithe Ardghníomhacha agus Dílleachta AE i ndlí na hÉireann i mí na Nollag 2005.

In 2006, cuireadh tuarascáil faoi bhráid an Rialtais dar teideal 'Towards a Radioactive Waste Management Policy for Ireland', inar shonraigh RPII an fhadhb reatha maidir le dramhaíl agus inar chuir sé leis an gcomhairle maidir leis an ngá beartas náisiúnta a fhorbairt do bhainistiú na dramhaíola radaighníomhaí. Chuirfeadh a leithéid de bheartas san áireamh gealltanais intíre agus nua na hÉireann sa réimse seo agus dhéileáilfeadh sé le fadhb bhainistiú na dramhaíola radaighníomhaí ar bhealach cuimsitheach – ó fháil na bhfoinsí go dtí a ndiúscairt deiridh.

Don tréimhse Pleanála Straitéisí 2008-2010, luaigh RPII go raibh forbairt beartais náisiúnta do dhiúscairt na dramhaíola radaighníomhaí ina réimse lárnach baoil ar ghá dul i ngleic leis dá mbeifí chun feabhas a chur ar chosaint radaíochta in Éirinn.

Cuireadh i bhfeidhm reachtaíocht nua maidir le maoirseacht agus rialú lastais de dhramhaíl radaighníomhach agus breosla spíonta le linn 2009, ag uasdátú ceanglais a bhí ann roimhe sin agus á dtabhairt de réir na Treorach is déanaí ón Eoraip. D'fhoráil an Treoir do chóras éigeantach coiteann d'fhógra lastais. Chomh maith leis sin, chuir sé cosc le heaspórtáil dramhaíola radaighníomhaí chuig tíortha ar measadh nach raibh na hacmhainní acu dramhaíl radaighníomhach a bhainistiú go sábháilte.

Chomh maith leis sin, in 2009 bunaíodh Grúpa Ardleibhéil idir-rannach chun comhairle a sholáthar don Rialtas maidir leis an gcaoi a raibh Éire ag bainistiú a dramhaíola radaighníomhaí féin. Bhí ionadaíocht ag RPII ar an nGrúpa Ardleibhéil sin chomh maith agus ghlac páirt i dtionscadal EPA, a bheadh ina bhonn is taca le hobair an Ghrúpa, ag scrúdú saincheisteanna níos leithne a bhain le stóráil ábhair a bhí ina dhramhaíl achrannach.

I mí na Nollag 2010, bhí comhaontú Rialtas na hÉireann maidir le beartas náisiúnta ina chloch mhíle thábhachtach agus ina fhormhuiniú ar sheanchomhairle RPII. Sa chomhaontú beartaíodh saoráid náisiúnta stórála a bhunú, clár náisiúnta laghdaithe foinsí a cheadú a bheadh comhordaithe ag an earnáil agus prótacal sealadach oibríochtúil a fhorbairt chun soiléiriú a dhéanamh ar róil agus freagrachtaí na ngníomhaireachtaí i gcás go ngabhfaí foinsí nó i gcás go n-aimseofaí foinse dhílleachta. Ghlac RPII páirt sa Choiste Feidhmithe a bunaíodh chun an obair seo a thabhairt chun críche go sásúil.

Thosaigh RPII, i gcomhar le ranna Rialtais eile, ag cur i bhfeidhm an Chláir Laghdaithe Fardail, ar bhonn céimneach, in 2011. Idir 2011 agus 2014, easpórtáladh as Éirinn tuairim is 99% de gach foinse as úsáid le saolré níos mó ná deich mbliana chuig saoráidí diúscartha agus athchúrsála san Eoraip agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Nochtadh Phobal na hÉireann don Radaíocht

Ar na príomhróil ag RPII tá measúnú a dhéanamh ar a mhéid is atá pobal na hÉireann faoi lé na radaíochta, idir radaíocht nádúrtha agus radaíocht shaorga atá ar fáil sa chomhshaol.

Áirítear i measc na bhfoinsí nádúrtha radaíocht sheachtrach ag teacht ón spás (radaíocht chosmach), radaíocht sheachtrach arna táirgeadh go nádúrtha ó dhúile radaighníomhacha a tharlaíonn go nádúrtha, atá le fáil i screamh an domhain (radaíocht dhomhanda), na gáis radaighníomhacha radón agus tórón, a charnaíonn i bhfoirgnimh, agus radaighníomhaíocht arna haistriú isteach i mbia agus uisce a dhéantar a ithe agus a ól.

Áirítear i measc na bhfoinsí saorga radaighníomhaíochta ó thástáil arm núicléach, timpistí núicléacha, dála Chernobyl agus Fukushima agus scaoileadh údaraithe ó shaoráidí núicléacha thar lear, ospidéil Éireannacha agus saoráidí taighde a scaoileann méideanna beaga radaighníomhaíochta isteach i gcomhshaol mara na hÉireann.

In 2005, chuir RPII tús le tionscadal trí bliana chun measúnú a dhéanamh ar fhoinsí éagsúla radaíochta a raibh pobal na hÉireann nochta dóibh. Is éard a bhí i gceist sa tionscadal ná gach conair a iniúchadh go sonrach, ag fáil amach céard iad na dáileoga radaíochta a gheobhadh daoine dá bharr agus ag ríomh iomlán agus meán na ndáileog sin *(per caput)*. Cuireadh an obair i gcrích sa bhliain 2007 agus foilsíodh é.

Rinneadh athmheasúnú ar na dáileoga a mbíonn an pobal faoina lé i staidéar a cuireadh i gcrích idir 2012 agus 2013. Foilsíodh an staidéar sin in 2014 i dtuarascáil chuimsitheach: *Radiation Doses received by the Irish Population*. Fuarthas sa staidéar go mbíonn duine in Éirinn faoi lé dáileog bhliantúil de 4037 micrisíveart, ar an meán, ó gach foinse radaíochta (Fíor 5).

Luadh ann go raibh éagsúlacht mhór idir na dáileoga a mbíonn gnáthbhall den phobal faoina lé ó aon fhoinse amháin ar leith, ach gur ó fhoinsí nádúrtha a tháinig a bhformhór, ag déanamh suas tuairim is 86% den dáileog a fhaigheann an gnáthdhuine. Tagann an radaíocht nádúrtha sin go príomha ó radón sa teach. Rinne radaíocht shaorga de dhéantús an duine suas tuairim is 14% (557uSv), ag teacht d'fhormhór ó úsáid radaíochta do ghnáthaimh dhiagnóiseacha leighis (546uSv). Rinne dáileoga ó fhoinsí eile de dhéantús an duine suas níos lú ná 1% (11uSv).

Fíor 5: Dáileadh na meándáileog radaíochta in Éirinn



Radón

Is é an nochtadh don radón an fhoinse is mó nochta do radaíocht ianúcháin in Éirinn agus an dara cúis is mó le hailse scamhóg tar éis caitheamh tobac. Ríomhadh go ndéanann an nochtadh do radón suas tuairim is 13% de chásanna ailse scamhóg in Éireann, agus is ionann sin agus 250 cás gach bliain.

Bhí laghdú ar an nochtadh do radón ina mórthosaíocht ag RPII agus ghlac an eagraíocht cur chuige ilghnéitheach chun déileáil leis an gceist: ag sainaithint mhéid agus fhairsinge na faidhbe trí shuirbhé náisiúnta; feasacht a spreagadh i measc an phobail maidir leis an ngá tástáil a dhéanamh agus an fhadhb a réiteach; feasacht a spreagadh i measc fostóirí maidir leis an ngá fostaithe a chosaint; plé le scoileanna chun an baol do leanaí a laghdú; plé le hÚdaráis Áitiúla i ndáil leis an ngá tionóntaí i dtithíocht shóisialta a chosaint, agus plé leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí stáit eile i gcur chuige náisiúnta chun réiteach a fháil ar an bhfadhb.

Méid agus fairsinge na faidbhe

Ag aithint an méid a chuireann an nochtadh don ghás radóin leis an méid a bhíonn an pobal faoi lé na radaíochta, in 1990 ghlac Rialtas na hÉireann le meántiúchan bliantúil gáis radóin de 200 beiceiril (Bq/m^3) in aghaidh an mhéadair chiúbaigh mar leibhéal tagartha náisiúnta do thithe. Shocraigh sé seo an leibhéal uasta agus os a chionn sin bheadh gá smaoineamh ar thabhairt faoi bhearta feabhsúcháin chun an tiúchan radóin sa teach a laghdú.

Idir 1992 agus 1999, reáchtáil RPII an Suirbhé Náisiúnta Radóin chun a fháil amach céard é an dáileadh geografach radóin i dtithe na hÉireann. Bunaithe ar thorthaí an tsuirbhé, foilsíodh léarscáil radóin d'Éirinn (Fíor 6) a léirigh na leibhéil dhóchúla radóin i dtithe a sháraigh an Leibhéal Tagartha náisiúnta, i limistéar áirithe. Aon limistéar ina raibh 10% nó níos mó de thithe a measadh an tiúchan radóin a bheith os cionn an Leibhéil Tagartha ainmníodh iadsan mar Limistéir Ardradóin agus tá siadsan léirithe le dath donn agus oráiste ar an léarscáil.

Bhí an suirbhé bunaithe ar thomhais a rinneadh i mbreis is 11,000 teach agus thuar sé go mbeadh 7% den stoc tithíochta ina mbeadh tiúchain os cionn an Leibhéil Tagartha náisiúnta. Má chuirtear an céatadán seo i bhfeidhm ar fhigiúir an stoic tithíochta i gcoitinne ó dhaonáireamh 2011 déanann sé suas tuairim is 110,000 teach. Dar leis an suirbhé naisiúnta ríomhadh gurb é 89 B/m^3 an meántiúchan radóin laistigh.

In 2000, chuir an tArd-Aighne comhairle ar an Rialtas gur chóir tathant ar an bpobal áitribh a thástáil chun an tiúchan radóin a thomhas. In 2005, bunaigh WHO an Tionscadal Idirnáisiúnta Radóin, a bhí páirtmhaoinithe ag Rialtas na hÉireann. Léiríodh i suirbhé ar leibhéil radóin go hidirnáisiúnta, a rinneadh mar chuid den tionscadal seo agus a foilsíodh in 2009, go raibh fadhb thromchúiseach radóin in Éirinn, agus í ar an ochtú tír is airde ó thaobh na dtiúchan de, i measc 29 dtír OECD.

Fíor 6: Léarscáil Radóin ag léiriú chéatadán na dtithe os cionn an Leibhéil Tagartha Náisiúnta



Radón (ar lean)

Tomhais radóin

Chomh maith leis an suirbhé náisiúnta, thairg RPI seirbhís tomhais radóin do theaghlaigh, a mbeadh táille ag gabháil leis. Bhain líon na dtomhas a rinneadh do na teaghlaigh sin (Fíor 7) idir 1992 agus 2014 leis an bhfeasacht a spreagadh maidir leis an bhfadhb agus leis an spreagadh tabhairt faoi thástáil a dhéanamh. Bhí buaicmhéideanna de dhaoine a thug faoin tomhas seo ag tarlú i gcomhthráth le clúdach maith maidir le radón sna meáin.

Faoi dheireadh 2014, bhí breis is 58,000 teach tar éis tástáil radóin a dhéanamh, agus as an líon sin fuarthas go raibh 8,269 os cionn an Leibhéil Tagartha do radón (Tábla 1). Má chuirtear na figiúirí seo i gcomparáid le líon na dtithe príobháideacha de tuairim is 1.6 milliún, agus an líon tuartha de thithe os cionn an Leibhéil Tagartha de tuairim is 110,000, is léir go gcaithfear cur leis an ráta tomhais i dtithe d'fhonn gach teach le fadhb radóin a aimsiú.

Idir 1998 agus 2002, rinne RPII radón a thomhas i ngach seomra ranga i ngach bunscoil agus gach iar-bhunscoil – sin tuairim is 4000 scoil. Chomh maith leis sin, rinne RPII tomhas ar radon i mbreis is 2500 láthair oibre.

Ag deireadh 2014, bhí radon tomhaiste i dtuairim is 21,500 aonad tithíochta sóisialta i 21 chontae. Is cuideachtaí tomhais radóin atá lonnaithe in Éirinn a rinne formhór mór na dtomhas sin. Rinne na cuideachtaí sin tástáil ar lón mór láithreacha oibre freisin.

Fíor 7: Líon na dtomhas radóin i dtithe idir 1992 agus 2014



Tábla 1: Torthaí ón tomhas radóin a rinneadh, de réir contae (bunaithe ar thomhais a chuir RPII i gcrích go dtí an 31 Nollaig, 2014)

Contae	Líon na dtithe a ndearnadh tomhas orthu	Líon na dtithe sna catagóirí de thiúchan radóin			Uasmhéid (Bq/m³)
		0 – 199 Bq/m³	200 – 700 Bq/m³	>800 Bq/m³	
Ceatharlach	1277	1028	237	12	2300
An Cabhán	480	466	14	0	800
An Clár	4275	3741	443	91	3500
Corcaigh	6005	5258	694	53	4500
Dún na nGall	1628	1542	84	2	3400
Baile Átha Cliath	3948	3714	231	3	1400
Gaillimh	8163	6443	1500	220	4400
Ciarraí	4351	3634	579	138	49000
Cill Dara	1443	1380	60	3	1100
Cill Chainnigh	1699	1472	210	17	2400
Laois	617	592	25	0	600
Liatroim	429	399	29	1	1600
Luimneach	1486	1371	111	4	1900
Longfort	338	299	38	1	900
Lú	1255	1122	130	3	1900
Maigh Eo	4430	3659	705	66	6200
An Mhí	1131	1045	84	2	900
Muineachán	345	325	20	0	800
Uíbh Fhailí	826	807	19	0	800
Ros Comáin	769	685	80	4	1400
Sligeach	2528	1893	530	105	5600
Tiobraid Árann	2754	2423	304	27	3400
Port Láirge	2672	2142	459	71	9714
An Iarmhí	822	751	70	1	1100
Loch Garman	2498	2093	367	38	4000
Cill Mhantáin	2312	1928	355	29	16400
Iomlán	**58482**	**50213**	**7378**	**891**	

Radón (ar lean)

Cosc Radóin agus Bearta Feabhsúcháin

Bheartaigh an Rialtas in 1990 gur chóir gur ar an Roinn Comhshaoil a bheadh an fhreagracht as comhairle a sholáthar faoi bhearta chun fadbhb an radóin a fheabhsú, agus d'fhoilsigh an Roinn leabhrán in 1991 inar cuireadh síos ar theicnící feabhsúcháin. D'ainneoin na comhairle sa leabhrán, ámh, aithníodh ag an uair nach raibh comhairle shaineolach maidir leis na bearta feabhsúcháin sin le fáil sa tír. I lár na 1990í thug RPII faoi deara go raibh an líon cuideachtaí ag dul i méid a bhí ag tairiscint seirbhísí feabhsúcháin radóin. Cibé scéal é, thug RPII faoi deara freisin nach raibh mórán teaghlach ann a bhí spreagtha go leor chun tabhairt faoi na bearta sin agus d'fhéach RPII le cur ina luí ar an Rialtas cúnamh deontais a thabhairt dóibh siúd a bheadh ag iarraidh an obair thábhachtach seo a chur i gcrích.

Ag aithint go raibh an cosc ina réiteach níos inmharthana d'fhadhb an radóin, in 1997, thug an Rialtas isteach na Rialacháin Foirgníochta, chun a chinntiú go n-áireofaí bearta cosanta radóin agus foirgnimh nua á dtógáil. Go luath sna 2000í, d'oibrigh RPII i gcomhar le Comhairlí Contae an Chláir agus Chiarraí chun suirbhéanna a chur i gcrích in Inis agus i dTrá Lí ar radón i dtithe a tógadh ó tugadh isteach na Rialacháin Foirgníochta nua in 1997. Léirigh torthaí an tsuirbhé go raibh an céatadán de thithe le thiúchan radóin os cionn an Leibhéil Tagartha agus an meántiúchan radóin níos ísle i dtithe a tógadh tar éis 1998, ag tabhairt le fios go raibh éifeacht dhearfach ó thaobh laghdú na dtiúchan radóin de ag na bearta coisctheacha a cuireadh i bhfeidhm tráth thógáil na dtithe sin.

In 1997, d'fhógair an Rialtas go raibh sé beartaithe aige scéim dheontais a thabhairt isteach do theaghlaigh chun cuidiú leo an costas a bheadh ar obair feabhsúcháin a sheasamh. Roinnt blianta ina dhiaidh sin, d'fhoráil an tAcht um Chosaint Raideolaíoch (Leasú), 2002 do bhonn reachtúil le haghaidh scéim dheontais chun cuidiú le teaghlaigh a raibh leibhéil arda radóin ina dtithe – moladh a bhí ag RPII le fada an lá. Cibé scéal é, mar gheall ar shrianta buiséid, ní raibh maoiniú ar fáil ón Státchiste chun tacú leis an scéim.

Chun tacú le teaghlaigh a bhí ag smaoineamh ar bhearta feabhsúcháin a dhéanamh thug RPII isteach seirbhís tomhais iarfheabhsúcháin do theaghlaigh in 2000. Ní raibh ach éileamh íseal ann ar an tseirbhís saor in aisce seo, rud a thug le fios nach raibh ach líon beag tithe le leibhéil arda radóin a thug faoi na bearta feabhsúcháin radóin ar an gcéad dul síos. Dar le taighde a rinne RPII fuarthas nach raibh acu tuairim is 25% de thithe le leibhéil arda radóin ag tabhairt faoi bhearta feabhsúcháin. Seo d'ainneoin go raibh na bearta sin, go háirithe sumpaí gníomhacha a shuiteáil - an modh feabhsúcháin is mó éileamh – an-éifeachtach agus gur laghdaigh sé an leibhéal radóin sa teach faoi bhreis is 90%.

In 2004, d'fhoilsigh RPII treoircháipéis nua dar teideal 'Understanding radon remediation – a householders guide' – ina raibh comhairle faoi na roghanna éagsúla beart feabhsúcháin a bhí ar fáil dóibhsean le leibhéil arda radóin sa teach.

D'fhoilsigh RPII tuarascáil ar an suirbhé náisiúnta i scoileanna in 2004 ag léiriú go raibh tuairim is 26% de scoileanna ina raibh níos mó ná seomra amháin le tiúchana radóin os cionn an leibhéil tagartha de 200Bq/m^3. Tosaíodh obair feabhsúcháin ar bhonn céimneach sna scoileanna sin agus bhí an obair sin an-éifeachtach ó thaobh laghdú na leibhéal radóin de. Ba fhianaise mhaith í seo ar an bhfíorshochar a bhaineann leis an gclár feabhsúcháin radóin.

Láithreacha Oibre

Go luath sna 1990í, chomhoibrigh RPII leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta chun iniúchadh a dhéanamh ar an dáileog radóin a bhí á fáil ag oibrithe faoi thalamh. Tharla seo sula raibh aon reachtaíocht ann chun cosaint a thabhairt d'oibrithe, ach chuir RPII comhairle ar fhostóirí, bunaithe ar na dáileoga radaíochta a tomhaiseadh sna láithreacha oibre seo, go nglacfaí gach beart a d'fhéadfaí chun go mbeadh na dáileoga arna bhfáil ag oibrithe agus fostaithe chomh híseal agus a d'fhéadfadh sé a bheith. Chun a chinntiú go mbeadh fáil ag oibrithe agus fostaithe ar an t-eolas go léir ba ghá maidir leis an méid radaíochta a raibh siad faoina lé, thug RPII isteach seirbhís monatóireachta pearsanta do gach ball foirne ar dócha iad a bheith faoi lé leibhéil shuntasacha radóin i láithreacha oibre faoi thalamh chomh maith le seirbhís tástála radóin do láithreacha oibre os cionn talún, cé go raibh an líon daoine ag tabhairt faoi na tomhais sin beag ag an tús.

Dar le reachtaíocht arna hachtú in 2000 (IR 125 de 2000) leagadh síos Leibhéal Tagartha de 400 Bq/m^3 don nochtadh do radón sa láthair oibre. Glacadh le leibhéal níos airde, i gcomparáid le tithe príobháideacha, do láithreacha oibre sa mhéid go raibh rátaí níos ísle áitrithe ag baint leo.

Shocraigh sé seo an t-uasleibhéal a mbeadh gá smaoineamh ar thabhairt faoi bhearta feabhsúcháin radóin dá mbeadh an leibhéal os a chionn sin ar an láthair oibre. Thug an reachtaíocht seo léi céim nua in obair PII maidir le radón sa mhéid gur chuir sé le smacht rialála a bhain le daoine a bheith faoi lé radóin sa láthair oibre agus go raibh sé ar an bpríomhphíosa reachtaíochta a dhéileáil go sonrach leis na hoibleagáidí ar fhostóirí agus le cosaint oibrithe agus an phobail.

Cé go samhlaítear gur láthair oibre í an scoil, b'ábhar imní ar leith iad na scoileanna don RPII sa mhéid go mbeadh leanaí faoi lé radóin agus dá bhrí sin glacadh le Leibhéal Tagartha níos Ísle de 200Bq/m^3. Go luath sna 1990í, i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta (DES) mar a bhí, thug RPII faoi roinnt clár randamach píolótach tomhais radóin i scoileanna. As seo, sa tréimhse 1998-2002, d'eascair clár náisiúnta tomhais radóin i ngach seomra ranga i ngach bunscoil agus iar-bhunscoil.

Le linn 2003, lean RPII ag obair go dlúth leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta i bhforbairt beartais maidir le rialú radóin ar an láthair oibre. Chuir HSA comhairle ar RPII gur chóir tástáil a dhéanamh ar gach láthair oibre laistigh le haghaidh leibhéil radóin agus gur chóir d'fhostóirí tagairt do radón ina ráitis sábháilteachta.

In 2004, luaigh an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, go raibh nochtadh oibrithe don radón ina bhaol a bhféadfadh dlíthíocht eascairt as amach anseo i gcoinne an Stáit. Chomhoibrigh RPII le SCA chun feasacht a spreagadh maidir le radón i measc fostóirí stáit. Ag eascairt as seo d'eisigh RPII treoir maidir leis an Leibhéal Tagartha ar chóir é a bheith I bhfeidhm in institiúidí fadchónaitheacha dála príosún agus tithe altranais.

Tar éis a fhoilsithe in 2000, thug RPII faoi deara nach raibh fostóirí ag cur i bhfeidhm a n-oibleagáidí, ar bhonn gníomhach, faoi IR 125 de 2000. Faoin reachtaíocht seo bheadh cead ag RPII iallach a chur ar fhostóirí bearta feabhsúcháin a chur i gcrích. Le linn 2004, thug RPII treoir do 60 fostóir i dTrá Lí tomhais radóin a dhéanamh. In 2006, chuir RPII ionchúisimh sa siúl i gcoinne sé fhostóir ar theip orthu an treoir sin a chomhlíonadh. I ngach cás gearradh fíneáil ar an gcosantóir agus bhí orthu costais a íoc. Ciontaíodh triúr fhostóirí. Mar thoradh ar an eispéireas i dTrá Lí agus Inis thug RPII aghaidh ar fhadhb an radóin sa láthair oibre trí chomhoibriú le HSA agus dhírigh RPII a acmhainní go príomha ar thithe príobháideacha.

Radón (ar lean)

Shínigh HSA agus RPII Meamram Tuisceana (MoU) in 2006 inar leagadh béim ar na guaiseacha a bhaineann le radón sa láthair oibre agus bunaíodh meitheal chun aghaidh a thabhairt ar an gceist. I gcomhar lena chéile chuidigh an dá eagraíocht le cur i bhfeidhm an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, faoi rialú HSA. Ceanglaítear ar fhostóirí faoin Acht seo, guaiseacha sa láthair oibre a aithint agus tá dualgas ar an bhfostóir, cosúil le haon ghuais eile, an riosca sin a mhaolú nó a bhaint ar fad. Le linn 2009, d'oibrigh RPII le HSA chun eolas a sholáthar faoi radón do chigirí HAS ionas go mbeidís in ann radón a áireamh sna cigireachtaí.

Teagmháil leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara eile

Spreag torthaí an tsuirbhé náisiúnta maidir le radón i dtithe an eagraíocht tabhairt faoi ghníomhartha chun feasacht a spreagadh faoin gceist i measc an phobail agus eolas a scaipeadh faoi bhearta feabhsúcháin do thithe le leibhéil arda radóin. Reáchtáladh raon leathan d'imeachtaí spreagtha feasachta faoi cheist an radóin i measc an phobail, fostóirí, ceardchumann agus an rialtais áitiúil agus láir.

Agus iad in iúl ar a ról eolas a scaipeadh, bhí plé díreach ag RPII leis na meáin faoi cheist an radóin agus fuair clúdach forleathan sna meáin náisiúnta agus sna meáin chlóite. Trína thaithí go nuige sin bhí RPII den tuairim go raibh gá le cur chuige ilghníomhaireachta chun dul i ngleic leis an gceist. D'fheidhmigh an clúdach forleathan sna meáin chun an topaic a choinneáil beo in Éirinn agus chuir sé leis an tacaíocht pholaitiúil don iarracht chomhtháite náisiúnta.

Cuireadh tús leis an bhFóram Náisiúnta Radóin in 2002 mar chuid de thionscadal trí bliana, páirtmhaoinithe ag an Aontas Eorpach. Cibé scéal é, lean RPII leis an tionscnamh gach bliain ina dhiaidh sin sa mhéid gurb deis í dóibhsean a raibh ról acu san iarracht an baol radóin a laghdú in Éirinn bualadh le daoine eile agus an cheist agus cúiseanna imní a phlé. Áiríodh i measc na rannpháirtithe sa réimse, Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais, Údaráis Áitiúla, gairmithe dála ailtirí, innealtóirí agus eolaithe taighde, ionadaithe ó thionscal an radóin, agus ionadaithe náisiúnta agus áitiúla agus an pobal féin. Ba dheis mhaith iad na fóraim chun plé a bheith ann ar thopaicí amhail cláir tomhais radóin, prótacail feabhsúcháin d'fhoirgnimh agus cineál an taighde ba ghá a bheith mar bhonn is taca ag beartais náisiúnta.

I mí Iúil 2003, fuarthas go raibh teach in Oileán Ciarraí, Co. Chiarraí, le tiúchan radóin de tuairim is 49,000 Bq/m^3. Bhí sé seo ar an tiúchan ab airde riamh a tomhaiseadh in Éirinn agus ar cheann de na tiúchana ab airde a tomhaiseadh san Eoraip. Ag an leibhéal seo bheadh muintir an tí faoi lé dáileog radóin bhliantúil de bhreis is 1 shíveart – 50 uair níos airde ná an leibhéal ceadaithe do radagrafaí nó d'oibrí ag obair i gcumhachtstáisiún núicléach. Fuair beirt ón teach bás d'ailse scamhóg ag aois óg agus cé nach féidir tátail shonracha a bhaint as an gcás áirithe seo, is léir go raibh an baol ailse scamhóg a fháil ó shaol a chaitheamh faoi lé leibhéil thar a bheith ard radóin, ina bhaol suntasach.

Tharraing sé seo an-chuid airde ó na meáin go háitiúil agus go náisiúnta agus chuir sé fuadar faoi mhórfheachtas áitiúil eolais mar ar scríobh RPII chuig 2500 teaghlach ag cónaí sa limistéar ag cur In iúl dóibh go raibh leibhéil arda radóin sa limistéar agus ag tathant orthu a dtithe a thástáil le haghaidh na leibhéal radóin. Tar éis an chlúdaigh sna meáin tháinig ardú suntasach ar na tomhais radóin a rinne teaghlaigh le linn 2004, leis an líon a thug faoi na tomhais sin ag ardú ó 1160 in 2003 go 2948 in 2004.

Le linn 2005, rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar an suíomh i dtithe agus léirigh sé seo, cé go ndearnadh na mílte tomhas, bhí an céatadán den stoc iomlán tithíochta, a ainmníodh mar thithe a bheadh os cionn an Leibhéil Tagartha náisiúnta agus a ndearnadh tástáil orthu an-íseal. Ag tarraingt ar an eispéireas i dtíortha eile, a léirigh gurb é an cur chuige ilghníomhaireachta an cur chuige is éifeachtaí, chuir RPII Dréacht-Phlean Gnímh faoi bhráid an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil inar leagadh amach roinnt tionscnamh a bhí dírithe ar an ráta aitheanta tithe le leibhéil arda radóin a mhéadú.

Ag an am céanna d'eisigh RPII comhráiteas leis an gClárlanna Náisiúnta Ailse in Éirinn (NCRI) maidir leis an mbaol a bheith faoi lé radóin i dtithe in Éirinn. Sa chomhoibriú seo rinneadh athbhreithniú ar staidéar eipidéimeolaíoch Eorpach ar bhreis is 7000 cás d'ailse scamhóg. Trí na meastacháin a d'eascair as an staidéar sin a chuir i bhfeidhm i leith na hÉireann bhíothas in ann a mheas go garbh go raibh 13% de chásanna ailse scamhóg in Éirinn inchurtha i leith an radóin.

Chomh maith leis sin, le linn 2005, chuir RPII tús le sraith de 'sheónna bóthair radóin' i limistéir ardleibhéil radóin a raibh mar aidhm leo feasacht a spreagadh i measc fostóirí faoin mbaol a bhaineann le radón. I ngach seó bóthar bhí cur i láthair i scoileanna áitiúla, i measc fostóirí agus grúpaí fosaithe agus sna hÚdaráis Áitiúla chomh maith.

Ag eascairt ón 'seó bóthar radóin' i Mala go luath in 2007 fuarthas go raibh tomhas amháin ar láthair oibre ar an tomhas is airde riamh i láthair oibre in Éirinn, ag beagnach 25,500Bq/m^3 – leibhéal breis is 60 uair an Leibhéil Tagartha náisiúnta don láthair oibre. Spreag sé seo feachtas mór eolais sa réigiún agus scríobh RPII chuig breis is 5000 teaghlach agus fostóir ag cur in iúl dóibh go raibh leibhéil arda sa cheantar agus gur chóir dóibh tástáil a dhéanamh ar an leibhéal radóin. Reáchtáladh an dara seó bóthar níos déanaí sa bhliain, i Mala, i gcomhar le Comhairle Baile Mhala agus Comhairle Contae Chorcaí, a d'áirigh cruinnithe poiblí. Chomh maith leis sin, bhí plé ann le comhlachtaí ionadaíochta fostóirí agus le ceardchumainn sa limistéar chun a chinntiú go mbeidís siúd ar an eolas faoi na guaiseacha féideartha a bhain le radón sa láthair oibre.

De bhun an chruinnithe i Mala, thug Comhairle Contae Chorcaí faoi mhórchlár tomhais i dtithe an údaráis áitiúil i gCorcaigh Thuaidh. Chomhoibrigh RPII agus CCC le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhain le radón do thionóntaí agus do Dhochtúirí Teaghlaigh sa limistéir. Ag eascairt ón gcur chuige ilghníomhaireachta forbraíodh samhail de chláir tomhais radóin sa tithíocht shóisialta i bpáirteanna eile den tír agus d'fhoilsigh RPII é in 2009. Ag dul leis an bhfoilseachán sin bhí clár fairsing chun feasacht a spreagadh maidir leis na saincheisteanna, go háirithe i gcontaetha le leibhéil arda radóin.

Faoi théarmaí an Mheamraim Tuisceana arna bhunú le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte in 2007, bunaíodh meitheal maidir le radón. Le linn 2009, d'oibrigh RPII le HSE chun comhráiteas a fhorbairt maidir le radón, mar ar aithníodh gur guais shuntasach phoiblí an radón a bhfuil gá freagra comhordaithe náisiúnta a ghlacadh ina leith.

Tar éis gníomhaíocht fhorleathan sna meáin in 2010, agus ag tógáil ar an taithí roimhe sin ó na 'seónna bóthair radóin', chuir RPII tús le feachtais chomhtháite áitiúla maidir le radón i gcontaetha ardbhaoil. Cuireadh eolas ar fáil do gach teaghlach indibhidiúil ar fud na tíre faoin gcaoi le tástáil a dhéanamh agus réiteach a fháil ar fhadhb an radóin. Bhí taighde cáilíochtúil ina bhonn is taca leis na feachtais a rinneadh chun dearcadh an phobail i leith theachtaireacht an radóin a mheas agus tuiscint a fháil ar an spreagadh is gá chun tástáil radóin a dhéanamh. Bhí taighde margaidh mar bhonn is taca leis na feachtais freisin, taighde a léirigh go raibh 77% den daonra in iúl ar radón agus go raibh 56% den daonra a mheas é a bheith ina bhaol don tsláinte. Cibé scéal é, ina measc siúd a bhí in iúl ar radón, bhí 61% díobh nach dócha a dhéanfadh tástáil ina dtithe, rud a léirigh an dúshlán mór a bhain le feasacht a thiontú ina ghníomh. .

Straitéis Náisiúnta Rialaithe Radóin

Ó 2006, bhí RPII ag stocaireacht le go nglacfadh an Rialtas le Straitéis Náisiúnta Rialaithe Radóin. Thacaigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO) agus an Coimisiún Eorpach (i leasú ar an Treoir maidir le Caighdeáin Bhunúsacha Sábháilteachta, 2011) leis seo, agus iad araon ag tathant ar Bhallstáit straitéisí náisiúnta a bhunú chun déileáil le radón.

Sroicheadh cloch mhíle shuntasach i mí Mheán Fómhair 2011, tráth ar bheartaigh an Rialtas grúpa idirghníomhaireachta a bhunú chun Straitéis Náisiúnta Rialaithe Radóin a fhorbairt d'Éirinn. Bhí an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DECLG), mar a bhí, ina chathaoirleach ar an ngrúpa idirghníomhaireachta, agus bhí páirt lárnach ag RPII ann chomh maith. Áiríodh sa ghrúpa raon leathan ranna Rialtais, údaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí le sainchúraim a bhaineann le cúrsaí sláinte agus tithíochta. An tasc a bhí idir lámha ag an ngrúpa ná straitéis a fhorbairt a laghdódh an baol foriomlán don daonra agus an baol indibhidiúil do dhaoine ag cónaí i dtithe le tiúchana arda radóin.

Radón (ar lean)

Cuireadh tuarascáil eatramhach faoi bhráid an Aire maidir leis an Straitéis Náisiúnta Rialaithe Radóin (NRCS) i mí na Samhna 2012 inar moladh bearta i sé cinn de réimsí beartais lena n-áirítear cosc radóin i bhfoirgnimh; úsáid idirbheart réadmhaoine chun ceist an radóin a bhrú ar aghaidh; feasacht a spreagadh agus tathant ar dhaoine gníomhú; comhairle agus eolas a sholáthar do dhaoine a fuair go raibh leibhéil arda radóin ina dtithe; muinín sna seirbhísí radóin a chothú agus nochtadh don radón ar an láthair oibre a laghdú. Sheas an Rialtas le torthaí an Ghrúpa Idirghníomhaireachta ina dhiaidh sin, agus seoladh NRCS i mí Feabhra 2014 ag cuimsiú na tréimhse go dtí 2018.

Le linn 2014, d'oibrigh RPII i gcomhpháirt le roinnt Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais chun na gníomhartha sin a chur i bhfeidhm. Áiríodh i measc thosaíochtaí Bhliain 1 den NRCS oiliúint d'fhoireann a bhíonn ag obair ar láithreáin tógála chun a chinntiú go gcuirfí i bhfeidhm i gceart na gníomhartha coiscthe radóin i dtithe nua; pleanáil do shuíomh gréasáin ar leith maidir le radón chun suíomh ilfhreastail a sholáthar d'eolas faoi radón don phobal agus do ghairmithe araon; agus obair chun straitéis náisiúnta chumarsáide a fhorbairt maidir le radón in Éirinn. Tar éis an chumaisc le EPA, leanadh leis an obair seo faoi fhreagracht na hOifige um Chosaint Raideolaíoch agus cuireadh an chéad tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm NRCS faoi bhráid an Aire in 2015.

Seirbhísí monatóireachta, taighde agus tomhais comhshaoil

Na haidhmeanna agus cuspóirí a bhain le monatóireacht, tomhas agus taighde a dhéanamh ar fheidhmiú na radaighníomhaíochta sa chomhshaol ná:

- Measúnú a dhéanamh ar dháileoga a raibh an pobal faoina lé ó radanúiclídí sa chomhshaol;
- Measúnú a dhéanamh ar an dáileadh ama agus geografach de thiúchana radanúiclídí saorga agus nádúrtha sa chomhshaol;
- Córais, gnáthaimh agus saineolas a chothú a bhfuil gá leo chun éascú a dhéanamh ar mheasúnú gasta na dtiúchan i gcás go dtarlódh timpiste núicléách nó raideolaíoch ionas go mbeadh frithbhearta oiriúnacha i bhfeidhm chun pobal na hÉireann a chosaint agus go bhféadfaí iad a chur i bhfeidhm;
- Eolas chun dáta, beacht a sholáthar don Rialtas agus don phobal maidir le leibhéil radaíochta sa chomhshaol;
- Tacú le ról RPII comhairle agus ionchur eolaíochtbhunaithe a sholáthar don Rialtas, go háirithe chun cuidiú leo bearta a shainaithint a mbeadh gá leo chun daoine a chosaint; agus
- Tacú le tionscal bia agus talmhaíochta na hÉireann trí mheasúnú dian a dhéanamh ar stádas bhia-ábhar na hÉireann. Chuir an measúnú sin bonn ar fáil do chreidiúnú radaighníomhaíochta i dtáirgí le heaspórtáil.

Monatóireacht Comhshaoil

I gclár monatóireachta comhshaoil rinne RPII radanúiclídí saorga san aer, sa bháisteach, san uisce óil, san ithir, san fhásra agus i mbia-ábhar a thomhas sa chomhshaol talún agus in éisc, sliogéisc, ar an trá, agus i ndríodair domhain-mhara, i sáile agus is bhfeamainn sa chomhshaol mara.

Léirigh torthaí an chláir sin nach raibh baol ag baint leis na dáileoga arna bhfáil ag pobal na hÉireann mar thoradh ar radaighníomhaíocht shaorga sa chomhshaol agus go raibh na dáileoga sin beag i gcomparáid leis na dáileoga ó radaíocht chúlra ó radanúiclídí nádúrtha. Foilsíodh na torthaí go léir i sraith de thuarascálacha monatóireachta agus cuireadh iad ar fáil ar shuíomh gréasáin RPII. Cuireadh sonraí faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh gach bliain ó na ballstáit agus foilsíodh iad go tráthrialta.

An clár monatóireachta mara

Ó laethanta an Bhoird um Fhuinneamh Núicléach (NEB) i leith, ba chúis imní phoiblí i gcónaí é an sceitheadh isteach i Muir Éirenn de bhreosla spíonta ó Sellafield. Mar chuid de chlár monatóireachta RPII rinneadh mionscrúdú ar thiúchan raon leathan radanúiclídí lena n-áirítear caeisiam-137, teicnéitiam-99, aimeiriciam-241 agus plútóniam-238,239 agus 240 in iarthar Mhuir Éireann agus ar na dáileoga a d'eascair as sin do bhaill den phobal ó bheith ag ithe éisc agus sliogéisc – an príomhbhealach a mbeadh an pobal faoi lé na radaighníomhaíochta seo.

Léirigh torthaí na monatóireachta ar an gcomhshaol mara gur laghdaigh na dáileoga a fuair pobal na hÉireann mar thoradh ar radaighníomhaíocht shaorga sa chomhshaol mara de réir mar a laghdaigh an méid a sceitheadh as Sellafield gach bliain agus go raibh na dáileoga sin beag dá gcuirfí iad i gcomparáid leis an meándáileog a mbeadh duine in Éirinn faoina lé ó gach foinse radaighníomhaíochta. Léiríonn Fíor 8 na dáileoga ó ghnáth-thomhaltas bia mara idir 1983 agus 2013 mar thoradh ar caeisiam-137, a rinne suas formhór mór na dáileoige ón gconair seo.

Seirbhísí monatóireachta, taighde agus tomhais comhshaoil (ar lean)

Fíor 8: Dáileog éifeachtach thiomanta ó ghnáth-thomhaltas bia mara ó caeisiam-137, 1983–2013



Cé go raibh buaicphointe ann d'fhormhór mór na radanúiclídí ó sceitheadh mara i lár na 1970í, tháinig ardú géar ar sceiteadh teicnéitiam-99 i lár na 1990í tar éis choimisiúnú EARP (Enhanced Actinide Removal Plant). Le linn an chuid eile de na 1990í agus go dtí 2004 d'fhan na leibhéil sceite sin ard, ach thit siad go suntasach tar éis thabhairt isteach na bpróiseas nua cóireála dramhaíola. Fuarthas gur shroich leibhéil teicnéitiam-99 san fheamainn buaicphointe ar chósta thoir na hÉireann in 1998 agus ansin gur thosaigh sé ag laghdú, ag léiriú go raibh laghdú tagtha ar ráta sceite ó Sellafield.

D'fhan tiúchana gníomhaíochta teicnéitiam-99 níos airde i sliogéisc ná caeisiam-137. In ainneoin seo, ní dhearna teicnéitiam-99 suas ach níos lú ná 30% den dáileog don tomhaltóir bia mara sa mhéid, i gcomparáid le caeisiam-137, gur cuireadh teicnéitiam-99 ar fáil i ndáileoga i bhfad níos lú in aon an aonaid ghníomhaíochta.

Ó thús a chláir monatóireachta mara go luath sna 1980í, fuair RPII a mheastacháin dáileoige don daonra trí shonraí measta tiúchana a chur i gcomparáid le samplaí iarbhír ó shonraí measta tomhaltais. In 2002 rinneadh athbhreithniú ar an gclár agus mar thoradh air sin cuireadh leis an gclár monatóireachta le go n-áireofaí raon níos mó iasc, sliogiasc agus speiceas feamainne. Ansin, in 2008, d'fhostaigh RPII ar conradh an UK Centre for Environmental, Fisheries and Aquaculture Research (CEFAS) chun suirbhé a dhéanamh ar ghnáthóga mara agus cainníochtú a dhéanamh ar na conairí ba thábhachtaí trína bhfaigheadh daoine in Éirinn dáileoga de radaighníomhaíocht ó Sellafield. Cé gur áirigh an tuarascáil roinnt moltaí chun feabhais, ba dhearbhú é freisin go raibh an clár monatóireachta mara cuimsitheach agus gur chlúdaigh sé na príomhchonairí don nochtadh, agus gur chuir sé meastachán réadúil ar fáil faoin méid a raibh pobal na hÉireann nochta.

Clár monatóireachta talún

Mar chuid de chlár monatóireachta talún RPII rinneadh tomhas ar radanúiclídí nádúrtha agus saorga in uisce óil, bainne, táirgí déiríochta, púdar bainne agus bia do leanaí, mairteoil, uaineoil, muiceoil agus a dtáirgí, caiscíní agus breiseáin, ithreacha agus fásra.

Chomh maith leis sin, bhí RPII i mbun líonra náisiúnta faireacháin radaighníomhaíochta sa chomhshaol, i gcomhar le Met Éireann agus le heagraíochtaí eile (Fíor 9) a d'áirigh: tomhas leanúnach ar ráta dáileoige timpeallach gáma; sampláil ar chaithníní aeriompartha – chun measúnú a dhéanamh ar radaighníomhaíocht san aer; agus bailiú báistí.

Fíor 9: Líonra náisiúnta faireacháin radaighníomhaíochta sa chomhshaol

Go luath sna 1990í, agus i ndiaidh thimpiste Chernobyl, dhírigh clár monatóireachta talún RPII ar bhith-infhaighteacht leanúnach radacaeisiam agus níos mó á thógáil isteach sa bhiashlabhra i ndrochithreachta talmhaíochta ar thalamh ard agus i lochanna ar thalamh ard. Léirigh torthaí na monatóireachta nach raibh mórán suntais ag baint le héilliú na n-iasc géime ó lochanna ar thalamh ard. Rinneadh monatóireacht ar fheirmeacha caorach i gceantair ardtalún, ag na príomhionaid seamlais agus sampláil ar uaineoil i siopaí búistéara i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia. Cibé scéal é, a bhuíochas le cleachtais iomchuí mhonatóireachta chomh maith le dianmhonatóireacht ba chosúil nach raibh tomhaltas uaineola ina ghuais shuntasach don tsláinte.

Ó 1993 go dtí 2007, d'áirigh RPII tomhas ar an ngás crioptón-85. Ní raibh mórán suntais ag baint le bheith faoi lé chrioptón-85, gás támh, ach measadh go raibh tábhacht ag baint leis sa mhéid go mbeadh méideanna níos mó de á scaitheadh ó coimisiúnaíodh THORP (Thermal Oxie Reprocessing Plant) ag Sellafield.

Tar éis moladh a fháil ón gCoimisiún Eorpach in 2000, tosaíodh ar chlár nua de thomhas na radaighníomhaíochta i ngnáth-aiste bia Éireannach agus ar na comhábhair shainiúla i gcomhar le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann chun meastachán níos beaichte a fháil den dáileog a raibh daoine faoina lá.

Gné thábhachtach nua a cuireadh le líonra monatóireachta RPII ná tabhairt isteach stáisiúin nua do shampláil aeir ardtoirte in 2005. Bheadh an stáisiún seo níos íogaire ná an ceann a bhí ann roimhe sin agus cheadódh sé torthaí níos beaichte de thiúchana ísle radaighníomhaíochta a bhrath san aer.

In 2009, rinne painéal de chúigear saineolaithe neamhspleácha athbhreithniú ar an gclár monatóireachta. Mheas an painéal athbhreithniúcháin go raibh an clár sásúil, tríd is tríd, agus go raibh sé fiuntas go leor le coimeád. Rinne an painéal roinnt moltaí sonracha chomh maith maidir le sampláil agus scileanna cothabhála a d'fhéadfaí a chur san áireamh do chláir amach anseo.

De bhun tuairiscí a fháil go raibh an scéal ag dul in olcas ag cumhachtstáisiún núicléach Fukushima Dai-ici in 2011, mhéadaigh RPII an méid samplála agus anailíse a bhí ar siúl aige ar an aer, an bháisteach agus bainne in Éirinn ag fanacht leis an scamall núicléach a bhí ag gluaiseacht i dtreo na hEorpa. Ba iad aidhmeanna na monatóireachta measúnú a dhéanamh ar na leibhéil radaighníomhaíochta a shroichfeadh Éire agus sonraí a sholáthar ar a bhféadfadh RPII a chomhairle don Rialtas a bhunú. An fhaisnéis b'úsáidí a fuarthas ná ón samplóir aeir a bhrath iaidín-131, caeisiam-134 agus 137 san aer. Laistigh de thréimhse seacht lá ón gcéad bhrath seo i gcaithníní aeriompartha, fuarthas rianleibhéil d'iaidín-131 sa bhainne. Fuarthas go raibh na dáileoga radanúiclídí seo íseal agus nach raibh aon suntas ag baint leo do shláinte an phobal ná ó thaobh na sábháilteachta bia de.

Seirbhísí monatóireachta, taighde agus tomhais comhshaoil (ar lean)

Taighde

Taighde Radaibhitheolaíochta

Tá taighde sa radaibhitheolaíocht ar bun ó bhí 1989 ann agus an cuspóir praiticiúil a bhaineann leis ná a fháil amach cén baol ailse i bhfíocháin an duine atá an ó bheith faoi lé dáileog íseal radaíochta. In 1991, ámh, rinne an Bord athbhreithniú ar oiriúnacht an chláir taighde agus chinn sé nár chóir leanúint leis tar éis 1992 agus aistríodh an clár chuig Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.

Raideicoleaíocht talún

Le linn na 1990í choinnigh RPII leibhéal ard rannpháirtíochta i gcláir taighde conarthach arna maoiniú ag Coimisiún na gComhphobal Eorpach chun bonn is taca a thabhairt dá shaineolas sa mhonatóireacht agus chun measúnú a dhéanamh ar na himpleachtaí don chomhshaol a bhainfeadh le héilliú tar éis timpistí dála Chernobyl. Bhíothas den tuairim go mbeadh an saineolas seo ríthábhachtach chun Éire a bheith ullamh d'éigeandálaí.

Tar éis Chernobyl, dar leis na heolaithe mhair an t-éilliú a thit amach mar thoradh air i roinnt timpeallachtaí – go háirithe ithreacha lán aigéad agus ithreacha foraoiseacha. Dhírigh an taighde in Éirinn agus ar an gcrios eisiaimh mórthimpeall chumhachtstáisiún núicléach Chernobyl ar a fháil amach cén fáth ar mhair radacaeisiam sna héiceachórais sin agus ar feadh cén t-achar ama a leanfadh sé dá aistriú isteach i mbia-ábhair amhail bia d'ainmhithe ag iníor, i mbeacáin fhiáine agus i gcaora. Tugadh faoi deara go raibh buaicthiúchana ann i bplandaí portaigh ardtalún gach samhradh agus buaicphointe comhfhreagrach ann d'iníor caorach sna féaraigh seo. Rinneadh iniúchadh freisin ar mheicnící dála ról na hithreach ceangal le fásra san aistriú radanúiclídí chuig ainmhithe ag iníor i bhféaraigh ísealtalún.

I gcomhar le taighdeoirí ar fud an Aontais Eorpaigh, na Rúise, na Bealarúise agus na hÚcráine, rinne RPII iniúchadh ar fhorbairt agus meastóireacht teicnící táirgthe agus próiseála bia agus an aidhm leis uasmhéadú a dhéanamh ar dhí-éilliú bia-ábhair.

In 1993, chuir RPII seirbhísí comhairleacha ar fáil do rialtas na Bulgáire faoi chlár cúnaimh theicniúil PHARE arna mhaoiniú ag an Aontas Eorpach i réimse na monatóireachta comhshaoil. Agus, faoi chlár cúnaimh theicniúil TACIS arna mhaoiniú ag an Aontas Eorpach, chomhoibrigh RPII le PA Consulting Group sa Ríocht Aontaithe chun córas luathrabhaidh monatóireachta radaíochta a dhearadh do phoblachtaí na hÚcráine agus na Bealarúise. Faoi chlár PHARE ghlac RPII páirt freisin sa chúnamh a cuireadh ar fáil maidir le cúrsaí rialála d'údaráis sa Pholainn.

Le linn 1995, d'éirigh le RPII tairiscint a bhuachan le haghaidh maoiniú ón AE chun páirt a ghlacadh in dhá thionscadal: forbairt uirlisí tacaíochta cinntí chun cuidiú le cur i bhfeidhm straitéisí talmhaíochta, uirbeacha agus leathnádúrtha dí-éilithe éiceachórais tar éis timpiste núicléach (TEMAS) agus dinimicí fadtéarmacha na radanúiclící i gcomhshaoil leathnádúrtha (SEMINAT). In dara leath na 1990í tugadh faoin tríú tionscadal taighde ar roghanna feabhsúcháin go háirithe d'éiceachórais foraoise (FORECO). Chomh maith leis sin, chuir RPII cúnamh ar fáil d'institiúidí sa Bhealarúis, sa Rúis agus sa Úcráin chun tástáil chuimsitheach cáilíochta bia a bhunú.

In 1999, le comhoibriú na Roinne Talmhaíochta i dTuaisceart Éireann, agus le páirtmhaoiniú ón Aontas Eorpach, rinne RPII iniúchadh ar éifeachtacht agus tionchar comhshaoil na bhfrithbheart i bhféaraigh inír portaigh.

Go déanach sna 2000í, rinneadh roinnt staidéar chun dul i ngleic le bearnaí san eolas faoin méid a chuireann radanúiclídí nádúrtha in uisce agus i mbia-ábhair leis an ngnáthdháileog radaíochta a mbíonn pobal na hÉireann faoina lé. Cuireadh tús le dhá thionscadal in 2008 chun a fháil amach cad iad na leibhéil de radaighníomhaíochta nádúrtha agus saorga a bhí sa screamhuisce agus chun a mheas cá mhéid a mheas cá mhéid a chuireann an gás radaighníomhach tórón leis an dáileog don daonra. Foilsíodh suirbhé ar an radaighníomhaíocht nádúrtha in uisce buidéalaithe agus foilsíodh é in 2013 a léirigh go raibh gach sampla uisce a ndearnadh suirbhé air ag cloí leis na ceanglais cáilíochta raideolaíocha atá sonraithe in IR 225 de 2007, moltaí na hEagraíochta Domhanda Sláinte (WHO) agus Threoir Euratrom maidir le hUisce Óil. Rinneadh measúnú ar leibhéil na radaighníomhaíochta nádúrtha i mbia chun a fháil amach cén dáileog a raibh pobal na hÉireann faoina lé ó polóiniam-210, luaidhe-201, carbón-14, radiam-226 agus radiam-228 in aiste bia na hÉireann.

Raidéiceolaíocht mhara

Tháinig na tiúchana is airde ó Sellafield ó radaighníomhaíocht i gcomhshaol mara na hÉireann feadh

an chósta thoir thuaidh. Léirigh taighde a rinneadh in 1992 nár chomhchruinnigh níos mó radaighníomhaíochta ag Loch Cairlinn mar a ceapadh a dhéanfadh, limistéar a raibh imní phoiblí ann ina leith, ná mar a rinne in áiteanna eile feadh an chósta thoir thuaidh agus dá bhrí sin ní raibh an t-aistriú radanúiclídí ó mhuir go talamh ina aistriú suntasach. Chomh maith leis sin rinne RPII iniúchadh, i gcomhar le Saotharlanna Eorpacha eile, ar na hiarmhairtí raideolaíocha a bhainfeadh le sceitheadh pholóimiam-210 ó thionscal fosfáite sa taighde isteach sa chomhshaol mara.

Le linn 1995, d'éirigh le RPII sa tairiscint a rinne sé maoiniú a fháil ón Aontas Eorpach chun páirt a ghlacadh i dtionscadal comhoibritheach idirnáisiúnta chun measúnú a dhéanamh ar na hiarmhairtí raideolaíocha a bhainfeadh le héilliú sa chomhshaol mara Artach. Is é ról RPII sa tionascdal iniúchadh a dhéanamh ar ról atá inveirteabraigh mhara i mbithchinéitic achtainíde agus aistriú tríd an mbiashlabhra.

In 2000 ghlac RPII páirt i gclár taighde, páirtmhaoinithe ag an Aontas Eorpach, chun líonrú a dhéanamh ar ghrúpaí le scileanna agus saineolas ar chúrsaíocht uisce agus iompar radanúiclídí i Muir Éireann agus san Aigéan Atlantach. Bhain an tionscadal amach a chuspóirí trí chruinnithe foirmiúla, aistriú sonraí agus malartú eolaíochta.

In 2003 cuireadh i gcrích tionscadal ceithre bliana a bhí páirtmhaoinithe ag an Aontas Eorpach inar thug RPII le chéile 12 shaotharlann eile in ocht dtír san Eoraip chun taighde a dhéanamh ar athghníomhachtú radanúiclídí arna ndeascadh ar ghrinneall na farraige. Léirigh an taighde go bhfuil sciar maith de radanúiclídí a carnadh i ndríodar ar ghrinneall na farraige á scaoileadh go mall ar ais isteach san uisce. Léirigh sé freisin an méid ama a thógann sé ar radanúiclídí gluaiseacht ó phointe sceite chuig áiteanna éagsúla ar chósta na hÉireann.

Faoi Choinbhinsiún OSPAR ceanglaítear ar pháirtithe conarthacha pleananna náisiúnta a ullmhú I ndáil le sceitheadh substaintí radaighníomhacha isteach sa chomhshaol mara in oirthuaisceart an Atlantaigh. Le linn 2004, rinneadh measúnacht tionchair timpeallachta ar sceitheadh iaidín-131 ó ospidéil isteach i mBá Bhaile Átha Cliath chun meastóireacht a dhéanamh ar dháileoga radaíochta do ghrúpa criticiúil agus don phobal i gcoitinne. Mar thoradh ar a leathshaol gearr d'ocht lá, ní raibh aon chúis imní ag baint leis don bhiashlabhra.

Cuireadh i gcrích staidéar ar leibhéil tritiam in uiscí farraige le linn 2010 mar chomhlíonadh na hÉireann ar a ceanglais faoi Choinbhinsiún OSPAR an comhshaol mara a chosaint in oirthuaisceart an Atlantaigh. Ba é aidhm an staidéir bonnlíne a shocrú a bhféadfaí sceitheadh amach anseo a thomhas ina coinne de réir mar a théann táirgeadh cumhachta núicléiche i méid san Eoraip.

Thug RPII faoi chomhthionscadal le UCD agus le Gníomhaireacht Comhshaoil Thuaisceart Éireann chun leibhéil radaighníomhaíochta a mheas i Loch Cairlinn. Bhí seo ina thionscadal leantach ar na staidéir a cuireadh i gcrích roimhe sin sna 1990í (dá dtagraítear thuas) agus bhíothas in ann measúnú a dhéanamh, dá réir, ar athruithe sna tiúchana comhshaoil sa loch.

Bunaíodh caidreamh comhoibritheach idir Ollscoil Éireann, Gaillimh (NUIG) agus RPII sa bhliain 2013 chun measúnú a dhéanamh ar na leibhéil de caeisiam-137 i bhfeamainn a bhfuil tábhacht tráchtála leis in Éirinn. Ba é aidhm an taighde sin forléargas beacht a thabhairt ar an radaighníomhaíocht de dhéantús an duine a bhí le fáil san fheamainn sin ar chósta thiar na hÉireann.

Seirbhísí monatóireachta, taighde agus tomhais comhshaoil (ar lean)

Taighde maidir le Radón

In 1993, i gcomhar le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann (GSI) agus le roinnt páirtithe idirnáisiúnta, thosaigh RPII ag obair ar thionscadal taighde arna mhaoiniú ag an Aontas Eorpach chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na dtomhas radóin agus héiliam in ithir-ghás chun a bheith in ann a thuar céard iad na limistéir ina bhfuil na tithe leis na leibhéil is airde radóin.

Cuireadh i gcrích staidéar píolótach ar radón in uisce óil i gCo. Chill Mhantáin in 2002. Díríodh aird ar an gceist seo i moladh a tháinig ón gCoimisiún Eorpach in 2001 go ndéanfaí suirbhéanna i mBallstáit chun a fháil amach cé chomh fairsing is a bhí an méid radóin in uisce óil agus cén cineál nochta a bhí ag tarlú dá bharr. Mar chonclúid, luadh sa staidéar, gur dócha go raibh an líon tithe a mbeadh tionchar aige orthu ina líon beag, ach go bhféadfadh radón in uisce óil a bheith ina bhaol suntasach don tsláinte ar bhonn níos fadtéarmaí, do dhaoine a bhíonn ag brath ar screamhuisce mar an phríomhfhoinse uisce acu.

Faoi thaighde a bhí páirtmhaoinithe ag an Aontas Eorpach agus comhordaithe ag an Building Research Establishment (BRE) sa Ríocht Aontaithe chuir RPII tús le tionscadal trí bliana in 2002 chun comhordú agus scaipeadh a dhéanamh ar eolas eolaíochta maidir le saincheisteanna radónbhainteacha ag leibhéal Eorpach – ERRICCA. Ullmhaíodh dhá thuarascáil faoin tionscadal ar mhapáil radóin agus ar theicnící tomhais san Eoraip.

Le linn 2002, rinneadh taighde chun measúnú a dhéanamh ar na dáileoga a raibh oibrithe faoina lé ó Ábhair Radaighníomhacha ó Nádúr i gcás go raibh na hábhair sin ag carnadh sa phróiseas tionsclaíoch, mar shampla mar screamh i bpróiseáil gáis agus ola, nó mar luaithreach ó ghual nó móin a dhó do tháirgeadh leictreachais.

In 2004 d'fhoilsigh RPII tuarascáil ar an suirbhé náisiúnta radóin i scoileanna a reáchtáladh idir 1998 agus 2002. Chuir an tuarascáil tús le meastóireacht ar éifeachtacht na dteicnící éagsúla feabhsúcháin radóin i scoileanna, agus foilsíodh an mheastóireacht sin in 2007.

In 2010 beartaíodh ar fhachtóirí nua ceartúcháin séasúracha i gcomhar le UCD. Reáchtáladh dhá shuirbhé in 2011, an chéad suirbhé ag iniúchadh na gcostas, modhanna agus eispéireas ag úinéirí tí ó thaobh na mbeart feabhsúcháin de agus an dara suirbhé ag breathnú ar rátaí beart feabhsúcháin agus an spreagadh a bhíonn ag úinéirí tí tabhairt faoi bhearta dá leithéid.

Faoi thionscadal taighde AE-mhaoinithe – líonra RADAR (Cosc agus Feabhsúchán Radóin), bailíodh sonraí maidir le héifeachtacht na dteicnící feabhsúcháin radóin ar fud na hEorpa. Obair eile a rinneadh faoin tionscadal seo, a foilsíodh in 2012, ná samhail a fhorbairt chun comparáid a dhéanamh idir costéifeachtacht na roghanna straitéiseacha arna mbreithniú i bhforbairt na straitéise náisiúnta rialaithe radóin in Éirinn.

Seirbhísí tomhais

Chomh maith lena phríomhról sa mhonatóireacht comhshaoil, chuir saotharlanna RPII seirbhísí speisialtóireachta tomhais radaíochta ar fáil lena n-áirítear: Seirbhísí Anailíseacha, Deimhniú Táirgí, Calabrú Uirlisí, Tomhas Radóin agus Dáileogmhéadracht Phearsanta. Cuireadh na seirbhísí in ar fáil do raon leathan custaiméirí, lena n-áirítear custaiméirí sa tionscal, an earnáil sláinte, an earnáil oideachais, gníomhaireachtaí stáit eile agus an pobal i gcoitinne.

Tar éis na timpiste in Chernobyl thosaigh a lán tíortha lasmuigh den Eoraip a bhí ag iompórtáil earraí Éireannacha ag éileamh go mbeadh deimhniú ag gabháil leis na hearraí sin go raibh an t-ábhar radaighníomhach iontu faoi bhun na dteorainneacha forordaithe náisiúnta nó idirnáisiúnta. Mar an t-ionad náisiúnta do thomhas radaighníomhaíochta sa chomhshaol agus i mbia-ábhair chuir RPII tacaíocht luachmhar ar fáil do mhargadh trádála mór easpórtála na hÉireann sa talmhaíocht agus táirgí eile go margaí thar lear tríd an tseirbhís Deimhniúcháin Táirgí seo a chur ar fáil.

Chuir an tSeirbhís Chalabrúcháin seirbhís tástála tráchtála ar fáil d'uirlisí, ag tacú leosan a bhíonn ag obair le radaíocht, lena n-áirítear méadair suirbhé, monatóirí éilliúcháin, dáileogmhéadair phearsanta agus aláraim. Leis an tástáil seo bhíothas in ann deimhniú a dhéanamh ar bheaichte na n-uirlisí mar fhreagra ar radaíocht ag leibhéil chumhachta éagsúla ag úsáid trealaimh a bhí calabraithe chuig caighdeáin idirnáisiúnta.

Go dtí 2012 chuir RPII Seirbhís Dáileogmhéadrachta ar fáil chun monatóireacht a dhéanamh ar dháileoga pearsanta radaíochta a bhí á bhfáil ag oibrithe a bhí faoi lé na



radaíochta ag an obair. Bhí soláthar na seirbhíse seo ar cheann de phríomhfheidhmeanna NEB ina laethanta luatha agus bhí sé sin ina sheirbhís riachtanach cosanta radaíochta nach raibh ar fáil in aon áit eile in Éirinn.

Thar na blianta, a buíochas le hathruithe sa teicneolaíocht agus an fháil ar sheirbhísí malartacha laghdaíodh an t-éileamh ar go mbeadh ar RPII amháin an tseirbhís seo a sholáthar. De bhun cinneadh straitéiseach athdháileadh a dhéanamh ar acmhainní chuig na seirbhísí níos riachtanaí, scoradh de Sheirbhís Dáileogmhéadrachta Pearsanta a sholáthar in 2012 agus d'aistrigh RPII ó bheith ina sholáthróir díreach go maoirseoir ar sholáthraithe seirbhísí dáileogmhéadrachta in Éirinn. Bunaíodh próiseas faofa do sheirbhísí dáileogmhéadrachta agus Clár Náisiúnta Dáileog ag an am céanna.

Ghlac RPII páirt go rialta i gcláir chomparáideachta idirnáisiúnta idirshaotharlainne i ngach réimse ina raibh sé ag feidhmiú. Chomh maith leis sin ghlac sé páirt I roinnt fóram idirnáisiúnta tomhais agus méadreolaíochta mar shampla an Fóram Méadreolaíochta Radaíochta Ianúcháin, Líonra Tánaisteach Dáileogmhéadrachta Caighdeánaí na Gníomhaireachta d'Fhuinneamh Adamhach, An Grúpa um Monatóireacht ar Radaíocht Phearsanta agus an Grúpa Eorpach Dáileogmhéadrachta.

Chun tacú le gealltanas RPII na caighdeáin is airde a bhaint amach ina chuid oibre eolaíochta agus mar ionad náisiúnta do thomhas na radaighníomhaíochta, chuir RPII i bhfeidhm in 1996 córas foirmiúil cáilíochta agus i mí Dheireadh Fómhair 1997 bhronn an Bord Náisiúnta um Creidiúnú an creidiúnú ILAB ar RPII.

Le linn 2000, bhronn an Bord Náisiúnta um Chreidiúnú an Creidiúnú ILAB ar dhá cheann de na seirbhísí teicniúla. Bhí creidiúnú bainte amach roimhe sin ag an tSeirbhís Dáileogmhéadrachta mar gheall ar dháileogmhéadair scannánacha a úsáid agus tar éis aistriú chuig úsáid dáileogmhéadar teirmealonrach (TLD) fuarthas Creidiúnú ILAB arís don chóras nua. Chomh maith leis sin d'éirigh leis an tSeirbhís Tomhais Radóin Creidiúnú ILAB a bhaint amach le linn 2000 ag cur leis an gcreidiúnú a bhí cheana féin ag an tSaotharlann Chomhshaoil agus an tSeirbhís Chalabrúcháin.

In 2000, chuir an tSaotharlann Chomhshaoil i gcrích an próiseas a chóras cáilíochta a athrú ionas go mbeadh sé géilliúil don chaighdeán idirnáisiúnta – ISO 17025. Sular atheagraíodh RPII in 2005, bhí trí cinn de chórais bainistithe cáilíochta ar leithligh i bhfeidhm sa tsaotharlann radanailíseach, an tseirbhís tomhais radóin agus na seirbhísí dáileogmhédrachta/calabrúcháin. Le linn 2006, atheagraíodh na seirbhísí sin ina chóras singil amháin bunaithe ar lámhleabhar cáilíochta amháin faoi bhainisteoir cáilíochta amháin. Mar thoradh ar an gcuíchóiriú seo, baineadh amach éifeachtaí agus chuir an comhoibriú seo go mór le luach an chórais.

Ullmhacht d'Éigeanálaí

D'fhoilsigh an Rialtas an Plean Náisiúnta Éigeandála do Timpistí Núicléacha (NEPNA) in 1992 chun go mbeadh freagra gasta ar fáil i gcás go mbeadh Éire faoi lé a bheith dá scaoileadh isteach sa chomhshaol mar thoradh ar thimpiste núicléach. Bhí ról lárnach ag RPII i gcur i bhfeidhm an phlean trí róil éagsúla a ghlacadh; measúnú teicniúil ar iarmhairtí féideartha agus iarbhír ó thimpiste núicléach; feidhmiú i gcomhpháirt le roinnt mhaith gníomhaireachtaí agus ranna Stáit sa fhreagra coiteann; agus comhairle a sholáthar don Rialtas agus eolas a chur ar fáil don phobal.

Na 1990í

Ina ról ag soláthar measúnú teicniúil, bhí líonra i bhfeidhm ag RPII de threalamh monatóireachta comhshaoil a bhí ag feidhmiú ar bhonn leanúnach a d'fhéadfadh measúnú gasta a dhéanamh ar mhéid agus ar fhairsinge an éillithe radaighníomhaigh sa tír i gcás timpiste núicléach thar lear. D'fhorbair an líonra le caitheamh ama ó líonra simplí ísealdlúis a rinne monatóireacht ar rátaí dáileoige gáma le samplóirí ísealtoirte aeir go déanach sna 1980í go líonra sofaisticiúil mór go déanach sna 2000í (Fíor 10) ina raibh monatóirí rátaí dáileoige gáma, brathadóirí báistí, bailitheoirí frasaíochta, samplóirí ar líne agus as líne, agus samplóir ardtoirte aeir.

Fíor 10: Líonra náisiúnta faireacháin radaighníomhaíochta sa chomhshaol

Go luath sna nóchaidí fairsingíodh an líonra le go n-áireofaí samplóirí breise frasaíochta, monatóirí rátaí dáileog gáma, samplóir ardtoirte aeir agus trealamh monatóireachta allamuigh. Thacaigh Cór Breathnadóirí Arm na hÉireann leis an líonra, agus le déanaí na Fórsaí Cosanta, lena monatóirí iniompartha radaíochta comhshaoil. Chomh maith leis sin, rinneadh socruithe le go ndéanfadh an Fórsa Deonach Cosanta Sibhialta monatóireacht comhshaoil agus go mbaileoidís samplaí le go ndéanfadh RPII anailís orthu. In 1995 thosaigh RPII ag glacadh páirte in EURDEP (European Data Exchange Platform) chun sonraí monatóireachta raideolaíocha a mhalartú le tíortha Eorpacha eile.

Mar an t-údarás náisiúnta inniúil, chuir RPII i bhfeidhm socruithe ón gComhphobal Eorpach, ar a dtugtar ECURIE, do mhalartú luath eolais i gcás go dtarlódh éigeandáil raideolaíoch. Chomh maith leis sin, bhí RPII ar an údarás inniúil chun críocha Choinbhinsiún IAEA maidir le Luathrabhadh i gcás Timpistí Núicléacha, ar a dtugtar EMERCON. Rinneadh tástáil rialta ar an dá chóras ag úsáid sonraí ó thimpiste ionsamhlaithe núicléach chun foláireamh a thabhairt faoi thimpiste thar lear agus chun socruithe éigeandála a chur sa siúl in Éirinn. Bhí córas Oifigeach ar Dualgas 24 uaire i bhfeidhm ag RPII chun meastóireacht a dhéanamh ar fholáirimh agus chun an freagra éigeandála a chur sa siúl go gasta, i gcás go mbeadh gá leis.

In 1992, reáchtáladh cleachtadh mór NEPNA, a mhair dhá lá agus ar ghlac RPII páirt ann, in éineacht an Choiste Comhordúcháin um Fhreagra Éigeandála – coiste idir-rannach, agus feidhmeanna teoranta eile ó ranna Rialtais. In 1996, i gcleachtadh a d'eagraigh an Ghníomhaireacht d'Fhuinneamh Adamhach (NEA) den OECD, gné ar díol suntais é i gcleachtadh na hÉireann ná gur ghlac iriseoirí páirt sa chleachtadh ag cur i gcás go raibh orthu eolas a chur ar fáil ar éileamh.

Bhí na tástálacha sin ríthábhachtach chun an plean a choinneáil ag staid ullamh agus chun aon laigí a nochtadh. In 1998, cheadaigh an Rialtas socruithe leasaithe d'fheidhm an Phlean Náisiúnta Éigeandála do Thimpistí Núicléacha. Níos tábhachtaí fós, bunaíodh Coiste Airí chun treo beartais a sholáthar maidir le frithbhearta ar ghá iad a thógáil i gcás éigeandála. Bhí sé sin ina chéim mhór chun tosaigh chun a chinntiú go nglacfaí cinntí tábhachtacha go gasta i gcás go dtarlódh timpiste thromchúiseach núicléach a rachadh i bhfeidhm ar Éirinn. Chomh maith leis sin, bunaíodh Coiste Comhairleach um Pleanáil d'Éigeandáil Núicléach ar mhaithe le malartú rialta tuairimí ar chur i bhfeidhm, tástáil agus uasdátú an Phlean.

Bíonn an chomhairle a sholáthraítear ag céim luath de thimpiste núicléach ag brath go príomha ar úsáid uirlisí samhaltaithe agus ar ionsamhlaithe ríomhaireachta maidir le haistriú na radaighníomhaíochta isteach sa chomhshaol. An chúis leis seo ná go mbionn idir eolas agus shonraí an-tearc ag céim luath de thimpiste. De réir a chéile, bailítear samplaí sa pháirc chomh maith le sonraí monatóireachta fíorama agus baintear leas astusan chun beachtú a dhéanamh ar an measúnú agus an chomhairle tosaigh. In 1999 ghlac RPII le huirlis déanta cinntí ARGOS (Accident Reporting and Guiding Operation System) chun cuidiú sa mheasúnú teicniúil ar iarmhairtí féideartha agus iarbhír timpiste núicléiche agus chun bearta a mholadh ar chóir iad a ghlacadh chun íosladghdú a dhéanamh ar a mhéid a bheadh an pobal faoi lé na radaíochta. D'oibrigh RPII go dlúth le Met Éireann chun sonraí réamhaisnéise uimhriúla aimsire chun dáta a sholáthar ar líne don chóras. Chomh maith leis sin, d'oibrigh RPII i gcomhar leis an gcuibhreannas idirnáisiúnta, faoi stiúir Ghníomhaireacht Bainistithe Éigeandálaí na Danmhairge, chun ARGOS a fhorbairt. Go háirithe, chuir RPII saineolas ar fáil maidir le tiúchana radaighníomhaíochta a thuar i mbia-ábhair.

Na 2000í

An fhorbairt is suntasaí a d'imigh i bhfeidhm ar RPII le linn 2001 ná an dianfhócas spéise poiblí, tar éis na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta an 11 Meán Fómhair sna Stáit Aontaithe, ar na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann d'Éirinn dá n-ionsódh sceimhlitheoirí Sellafield. Díríodh ar an dainséar a bheadh ann do mhuintir na tíre dá dtarlódh a leithéid d'ionsaí, agus ag eascairt as sin, cumas an Phlean Náisiúnta Éigeandála do Thimpistí Núicléacha déileáil go himleor leis an scéal. Níos luaithe sa bhliain, rinne an Roinn Caiteachais Phoiblí coimisiúnú ar mhórthástáil ar an bplean, agus reáchtáladh an tástáil sin thar thréimhse dhá lá i mí Iúil agus mí na Samhna. Bhí na cleachtaí réadúil, dian agus chuir siad deis ar fáil foghlaim ó gach rannpháirtí. Tháinig cúpla réimse chun solais a mbeadh gá athbhreithniú a dhéanamh orthu lena n-áirítear suíomh an ionaid rialaithe don fhreagra éigeandála agus na socruithe chun an pobal a chur ar an eolas.

Rinneadh athbhreithniú ar an líonra monatóireachta in 2002 i bhfianaise na laigí oibríochtúla féideartha, forbairtí sa teicneolaíocht ó coimisiúnaíodh an chéad chóras agus leorgacht an chlúdaigh gheografaigh. In 2004 thosaigh RPII ar uasghrádú mór a dhéanamh ar an líonra a d'áirigh uathoibriú iomlán, ar líne agus as líne, ar shamplóirí aeir, tomhas báistí ag gach stáisiún agus foilsiú sonraí ar an idirlíon. Chomh maith leis sin, chuir RPII i gcrích socruithe leis na húdaráis iomchuí sa Ríocht Aontaithe do mhalartú uathoibrithe sonraí monatóireachta rátaí dáileog gáma idir RIMNET (UK Radioactive Incident Monitoring Network) agus líonra monatóireachta náisiúnta na hÉireann.

Ullmhacht d'Éigeanálaí (ar lean)

I gcleachtadh arna reáchtáil in 2005, arna dhearadh ag NEA, rinneadh tástáil ar na próisis chinnteoireachta tar éis d'éilliú ionsamhlaithe tromchúiseach radaighníomhaíochta tarlú. Díríodh ar chur i bhfeidhm na bhfrithbheart talmhaíochta agus na srianta ar bhia, agus go raibh gá fós féin gluaiseacht i dtreo théarnamh iomlán tar éis timpiste núicléach. Níos luaithe sa bhliain bhí RPII tar éis Samhail Dáileoige Bia (FDM) a chur le córas tacaíochta cinntí ARGOS. Bhí an FDM sin sainoiriúnaithe do chleachtais talmhaíochta na hÉireann i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia, le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, le Teagasc agus leis an bPríomh-Oifig Staidrimh.

Tar éis chleachtadh NEA, reáchtáladh mórchleachtadh NEPNA i mí na Samhna 2007 ar ghlac breis is 40 rannpháirtí páirt ann lena n-áirítear ERCC, an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (DAFF) agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI). Ar na príomhchuspóirí bhí gá tástáil a dhéanqmh ar a mhéid is a bhain Lámhleabhar Eorpach um chórais táirgthe bia éilithe le cás na hÉireann. Ina dhiaidh sin, in 2009, bhunaigh DAFF grúpa saineolaithe chun leagan sainoiriúnaithe Éireannach a chur ar fáil den lámhleabhar níos ginearálta Eorpach. Ghlac RPII páirt sa ghrúpa saineolaithe ag soláthar comhairle maidir le frithbhearta agus maidir le láimhseáil táirgí bia éillithe.

In 2006, sheol an Rialtas Creat do Bhainistiú Mór-Éigeandálaí a raibh mar aidhm leis cuidiú leis na príomhghníomhaireachtaí a bheadh i mbun an fhreagartha ullmhú do fhreagra comhordaithe do mhór-éigeandálaí. Chuidigh RPII i ndréachtú an phrótacail don fhreagra ilghníomhaireachta d'éigeanadálaí raideolaíochta/núicléacha. Nasc an prótacal NEPNA le pleananna mór-éigneandálaí na bpríomhghníomhaireachtaí freagartha.

Ó lár go deireadh na 2000í, rinneadh athbhreithniú iomlán, criticiúil ar fhophlean RPII faoi NEPNA, agus d'eascair bainistiú agus rialú níos fearr inmheánach eolais as sin, chomh maith le róil shainithe foirne, comhordú agus socruithe níos fearr freagartha d'éigeandálaí, dearbhú cáilíochta agus córas oiliúna chun a chinntiú go ndéanfaí na scileanna agus an taithí a choinneáil agus a optamú.

Chomh maith leis na cleachtaí inmheánacha éigeandála, ghlac RPII páirt i gcleachtaí iomadúla idirnáisiúnta éigeandála. Díol suntais, in 2009, an cleachtadh a dearadh chun tástáil a dhéanamh ar an malartú eolais maidir le freagarthaí náisiúnta ar thimpiste ionsamhlaithe raideolaíoch i limistéar turasóireachta Eorpach áit a raibh saoránaigh ar saoire as tíortha éagsúla.

Na 2010í

Cuireadh faoi fhíorthástáil socruithe freagartha éigeandála RPII agus chumas níos leithne na seirbhíse poiblí in Éirinn freagairt do thimpiste núicléach thar lear tráth ar tharla timpiste Fukushima sa tSeapáin an 11 Márta 2011. Mar chuid de Ghrúpa Náisiúnta Comhordúcháin (NCG) an ról a bhí ag RPII ná eolas a sholáthar de réir a chéile tar éis na timpiste in Fukushima, maidir leis na bearta cosantacha a bhí á gcur i bhfeidhm sa tSeapáin agus torthaí na monatóireachta comhshaoil a bhí ar siúl i Meiriceá Thuaidh agus san Eoraip, Éire san áireamh. Cé gur scaoileadh méideanna suntasacha radaighníomhaíochta ón chumhachtstáisiún, mar thoradh ar an méid ama a thógfadh sé taisteal ó tSeapáin go hÉireann agus ar chaolú na leibhéal radaighníomhacíohta bhí na leibhéil a shroich Éire an-íseal agus ní raibh aon bhaol ann do shláinte an phobail dá réir.

In athbhreithniú a rinneadh ina dhiaidh sin ar an bhfreagra ar thimpiste Fukushima, bhíothas den tuairim gur éirigh go maith le RPII freagairt do na héilimh air déileáil leis an scéal, ach go raibh cúpla réimse ann a bhféadfaí feabhas a chur orthu, lena n-áirítear cumarsáid inmheánach, leithdháileadh acmhainní agus oiliúint ar fhoireann bhreise. Ar na feabhsúcháin seo bhí coimisiúnú ar nasc micreathoinne idir RPII agus Met Éireann a chuidigh le réamhaisnéiseoir Met Éireann rochtain dhíreach a bheith aige nó aici ar shraith d'uirlisí réamhaisnéise arna reáchtáil ó Cheanncheathrú Met Éireann i mBaile Átha Cliath.

Le linn 2012, chuir RPII i gcrích mór-uasghrádú ar chóras tacaíochta cinntí ARGOS ar baineadh úsáid as chun an tionchar féideartha ar shláinte phobal na hÉireann a réamh-mheas dá dtarlódh timpiste núicléach thar lear chomh maith leis na hiarmhairtí do tháirgedh bia in Éirinn agus don earnáil talmhaíochta.

Rinneadh uasdátú freisin in 2012 ar na gnáthaimh d'úsáid na samhla fad-raoin scaipthe aeir, HYSPLIT (Hybrid Single-Particle Lagrangian Integrated Trajectory), arna fhorbairt ag NOAA Stáit Aontaithe Mheiriceá, bunaithe ar thaithí dá úsáid mar fhreagra ar thimpiste Fukushima in 2011.

In 2013, bhain RPII leas as an obair a bhí déanta ag Met Éireann chun sainoiriúnú a dhéanamh ar shamhail HYSPLIT le húsáid le linn freagra éigeandála in Éirinn. Chun measúnú a dhéanamh ar imeachtaí i gcóngaracht na hÉireann, baineann an córas úsáid as sonraí ardtaifigh meitéareolaíochta arna dtáirgeadh ag córas réamhaisnéise Met Éireann féin. Roimhe sin bhíodh gá úsáid a bhaint as sonraí ísealtaifigh domhanda chuige sin. Leis an sainoiriúnú seo is féidir a bheith níos beaichte sa réamh-mheas a dhéantar ar na hiarmhairtí d'Éirinn a d'eascródh as timpiste núicléach thar lear.

Chomh maith leis sin in 2013, thosaigh RPII ag obair ar thionscadal taighde PREPARE arna mhaoiniú faoin 7ú Creatchlár CE. An aidhm leis an tionscadal comhoibritheach seo le 45 pháirtnéir ar fud na hEorpa ná dul i ngleic le saincheisteanna a bhaineann le hullmhacht do thimpistí agus tarluithe raideolaíocha agus núicléacha, tar éis thimpiste Fukushima in 2011. Bhain cion RPII ina leith seo le straitéisí, treoir agus uirlisí a fhorbairt do bhainistiú earraí srianta, agus tuairimí na soláthróirí na dtionscal próiseála agus miondíola agus na dtomhaltóirí a chur san áireamh.



Sábháilteacht Áiseanna Núicléacha Thar Sáile

Gné thábhachtach d'obair RPII ná measúnú a dhéanamh ar shuntasacht d'Éirinn na ngníomhaíochtaí núicléacha i dtíortha eile, agus go háirithe sa Ríocht Aontaithe. Tugtar tús áite i ndáil leis seo don stáisiún athphróiseála do bhreosla spíonta núicléach ag Sellafield mar gheall ar:

- A chóngaracht d'Éirinn agus cineál na ngníomhaíochtaí a bhíonn ar bun ann;
- Tarluithe agus máchail ar threalamh agus ar ghnáthaimh a tharla ann;
- Tograí do ghníomhaíochtaí nua nó fairsingithe ag an suíomh.

Coinníodh súil ghéar ar an sceitheadh eisiltigh ón ionad isteach i Muir Éireann, ach go háirithe ón riosca go dtarlódh timpiste nó ionsaí sceimhlitheoireachta a bhféadfadh éilliú suntasach radaighníomhaíochta gcomhshaol na hÉireann a bheith mar thoradh air.

Bhí comhairle eolaíochtúil RPII ina ghné ríthábhachtach de cheapadh roinnt beartas Rialtais a raibh mar aidhm leo brú a chur ar rialtas na Ríochta Aontaithe deireadh céimneach a chur le gníomhaíochtaí ag Sellafield. Chomh maith leis sin, bhí an fhreagracht ar RPII eolas a chur ar fáil do phobal na hÉireann le breithmheas oibiachtúil maidir leis na fíor-rioscaí a bhain leis d'Éirinn.

Na 1990í

D'imigh an imní phoiblí i méid go luath sna 1990í maidir le hionad THORP (Thermal Oxide Reprocessing Plant) ag Sellafield. In 1993 chuir RPII tacaíocht eolaíochta ar fáil don Roinn Fuinnimh, mar a bhí, chun aighneacht shonrach fhadréimseach a ullmhú le cur faoi bhráid údáráis na Ríochta Aontaithe maidir leis an sceitheadh radaighníomhach a bhain le coimisiúnú THORP. Chomh maith le tathant orthu gur chóir go mbeadh údarú dá leithéid sin de sceitheadh níos déine, rinneadh argóint láidir nach raibh bunús teicniúil ná eacnamaíochta láidir go leor ann chun seasamh le THORP agus go raibh riosca leata ag baint le plútóiniam.

I mblianta ina dhiaidh sin d'ullmhaigh RPII aighneacht maidir le sábháilteacht na gCumhachtstáisiún Magnox sa RA a bhí ag dul in aois, ag mionscrúdú saincheisteanna a bhain le hUmair Stórála Ardghníomhaíochta (HAST) a úsáideadh chun stóráil a dhéanamh ar leacht radaighníomhach ón athphróiseáil ag Sellafield chomh maith le tograí Nirex sa RA chun stór domhain a chruthú don dramhaíl radaighníomhach ag laithreán cóngarach do Sellafield. Sa chás deireanach sin, cuireadh deireadh leis an tionscadal in 1997; d'aithin Aire Stáit na Ríochta Aontaithe dlisteanacht chás na hÉireann.

I gcomhthéacs níos leithne idirnáisiúnta glacadh leis an gComhchoinbhinsiún um Bainistiú Sábháilteachta Breosla Spíonta agus Bainistiú Sábháilteachta Dramhaíola Radaighníomhí ag Comhdháil Taidhleoireachta i Vín in 1997. I gcomhar le comhdháil a reáchtáladh roimhe sin maidir le Sábháilteacht Núicléach (1994) chuir sé bonn ar fáil don chreat idirnáisiúnta do chur I bhfeidhm na gcaighdeán um shábháilteacht maidir le stáisiúin núicléacha agus bainistiú na dramhaíola radaighníomhaí. Bhí ról suntasach ag Éirinn ag an dá choinbhinsiún, le hionadaíocht oilte á soláthar ag RPII thar ceann na tíre.

Bhí gá le hionchur RPII sna 1990í maidir leis saincheisteanna a bhain le hoibríochtaí ag Sellafield, ceisteanna a raibh Rialtas na hÉireann ina n-aghaidh.

I measc na saincheisteanna sin bhí:

- An t-iarratas a rinne British Nuclear Fuels plc (BNFL) chun cead a fháil feidhmiú ag an stáisiún MOX (Mixed Oxide Fuel);
- Leasú ar an údarú chun dramhaíl a sceitheadh isteach i Muir Éireann – go háirithe teicnéitiam-99;
- Stóráil leanúnach ar dhramhaíl ardghníomhaíochta radaighníomhach agus an baol timpiste a bhain leis sin.

Sa chás deireanach seo, cé gur aithníodh go raibh clár ar bun chun an dramhaíl seo a dhíghníomhaíochtú, iarradh go gcuirfí leis an ráta gloinnithe (ionchorprú i ngloine) chun an baol d'Éirinn a laghdú. De bhreis air sin, lorgaíodh deis le go bhféadfadh RPII mionscrúdú a dhéanamh ar cháipéisiú sonrach a chuimseodh na rioscaí a bhaineann le HAST.

In 1999 tháinig sé chun solais go rabhthas tar éis bréagnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis sna sonraí a cuireadh ar fáil d'Éirinn faoi sheiceálacha dearbhaithe cáilíochta ag an tSaoráid Léirithe MOX. Sa mhéid gur bhain ceann de na trí thuarascáil sin ag an uair le saincheisteanna sábháilteachta ag Sellafield a d'fhoilsigh Cigireacht na gCumhachtstáisiún Núicléach (NII) sa Ríocht Aontaithe in 2000, d'eascair clúdach forleathan sna meáin as agus mar thoradh air rinneadh athruithe móra sa bhainistíocht ar BNFL.

Na 2000í

Tar éis d'fhoireann RPII cuairt a thabhairt ar Sellafield in 2000, d'ullmhaigh an Institiúid tuarascáil maidir le sábháilteacht HAST. Bhí an tuarascáil bunaithe ar mhionscrúdú a rinneadh ar cháipéisí sábháilteachta nach raibh le fáil roimhe sin ach d'údaráis sa Ríocht Aontaithe. Bhí ról lárnach ag an gcumas ag RPII a bheith in ann athbhreithniú neamhspleách criticiúil dá leithéid a dhéanamh sa ról mar fhoras faireacháin ar son na hÉireann chun rioscaí d'Éirinn ó shaoráidí núicléacha eile a mheas, dála na rioscaí ó Sellafield.

Sa tréimhse i ndiaidh na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta sna Stáit Aontaithe an 11 Meán Fómhair 2001 bhí spéis ar leith á léiriú ag an bpobal agus ag na meáin sna hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann d'Éirinn dá dtarlódh ionsaí ar Sellafield, lena n-áirítear leochaileacht HAST agus na ceithre Imoibreoir Calder Hall ar an suíomh. Díríodh ní hé amháin ar an mbaol a bhain leo ach ar chumas Phlean Náisiúnta Éigeandála do Thimpistí Núicléacha (NEPNA) na hÉireann déileáil go hiomchuí leis an scéal dá dtitfeadh a leithéid amach.

Tharla cúpla rud ag deireadh 2001 chun cur le spéis an phobail agus na meán sna cúrsaí seo nuair a d'fhógair Rialtas na Ríochta Aontaithe an 3 Deireadh Fómhair go raibh sé tar éis cead a thabhairt le go ndéanfaí coimisiúnú ar Stáisiún MOX Sellafield; mórchleachtadh sa Phlean Náisiúnta Éigeandála a reáchtáladh an 10 Samhain; cás dlí a ghlac Éire i gcoinne na Ríochta Aontaithe maidir leis an Stáisiún MOX faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Dhlí na Farraige (UNCLOS), na chéad imeachtaí a tháinig os comhair an Bhinse um Dhlí na Farraige in Hamburg go déanach i mí na Samhna. Bhí ról ag RPII, mar ba chóir, sa tacaíocht do bhearta níos déine polaitíochta agus dlíthiúla arna nglacadh ag an Rialtas i gcoinne na ngníomhaíochtaí

ag Sellafield. Go háirithe, ghlac RPII páirt shuntasach ag ullmhú an bhunúis eolaíochtúil agus theicniúil d'imeachtaí dlí faoi UNCLOS agus faoi choinbhinsiún OSPAR.

Leagadh béim ar sainchúram RPII maidir le sábháilteacht núicléach i gcoitinne agus soláthar comhairle don Rialtas in 2003 le trí rud a tharla a raibh gá ionchur ina leith. Bhain an chéad cheann le cás dlí a ghlac Éire faoi UNCLOS i ndáil le feidhmiú an Stáisiúin MOX ag Sellafield; bhain an dara ceann le Cruinniú Airí ag coinbhinsiún OSPAR maidir le Cosaint an Chomhshaoil Mara san Atlantach Thoir Thuaidh, agus bhain an tríú ceann leis an gcéad chruinniú athbhreithniúcháin den Chomhchoinbhinsiún um Bainistiú Sábháilteachta Breosla Spíonta agus Bainistiú Sábháilteachta na Dramhaíola Radaighníomhaí a reáchtáladh i mí na Samhna 2002 i Vín.

Dúnadh síos na ceithre imoibreoir Calder Hall ar láithreán Sellafield i mí Márta 2003 ar chúiseanna tráchtála. In 2004, glacadh cinneadh deireadh a chur le táirgeadh leictreachais ag cumhachtstáisiún Chapelcross in Iarthair na hAlban. Chuir RPII a chúis imní in iúl faoi roinnt oibríochtaí leanúnacha a bhí ag titim amach ag na himoibreoirí seo, i bhfianaise chomh sean is a bhí siad, nach raibh srianadh tánaisteach iontu agus gur chosúil go raibh siad leochaileach agus oscailte d'ionsaithe ó sceimhlitheoirí.

Sábháilteacht Áiseanna Núicléacha Thar Sáile (ar lean)

In 2004, shínigh Rialtas na hÉireann agus Rialtas RA Comhaontú Déthaobhach. Chuimsigh an Comhaontú sin luathrabhadh maidir le timpistí agus tarluithe ag imoibreoirí núicléacha sa RA, ag saoráid timthrialla breosla nó ag iompar agus stóráil breoslaí núicléacha spíonta nó dramhaíl radaighníomhach. Ainmníodh RPII ar cheann de na páirtithe a dtabharfaí foláireamh luathrabhaidh dóibh faoin gComhaontú seo.

Bhí tábhacht lárnach leis an gcuairt a thug cúigear d'fhoireann shinsearach RPII in 2004 ar láithreán Sellafield. Ba é ba chuspóir leis an gcuairt, a raibh seisiún faisnéisithe ann dó mí Lúnasa roimhe sin le rialtóirí núicléacha na Ríochta Aontaithe, ná a bheith in ann taithí dhíreach a fháil ar roinnt de na príomhshaoráidí a raibh spéis ar leith ag Éirinn iontu nó cúis imní ar leith fúthu agus iniúchadh a dhéanamh ar athruithe ag tarlú ar oibríochtaí ar an láithreán. Sa tuarascáil a foilsíodh ina dhiaidh sin luaigh RPII go raibh castacht ag baint le spleáchas na n-oibríochtaí ag an suíomh agus le fadsaolaí na n-oibríochtaí ansin go dtí go dtarlódh an díchoimisiúnú deiridh tuairim is 2150.

Trí shocrú a rinneadh le Cigireacht na nIonad Núicléach sa Ríocht Aontaithe, thug Gníomhaireacht Chomhshaoil na Ríochta Aontaithe cuairt in éineacht le foireann RPII ar chumhachtstáisiún Wylfa in Anglesey, i dTuaisceart na Breataine Bige in 2006. Chuir an chuairt sin forléargas cuimsitheach ar fáil maidir le bainistiú, rialáil agus oibriú na saoráide. In 2007, mar chuid de mheamram tuisceana le rialtóir údarás núicléach ASN na Fraince, thug RPII cuairt ar chumhachtstáisiún Flamanville agus ar ionad athbhrphróiseála La Hague. Ba é ba chuspóir leis na cuairteanna sin comhairle bheacht chun dáta a sholáthar don Rialtas ar raon leathan saincheisteanna núicléacha.

Rinne RPII dlúthmhonatóireacht ar an dul chun cinn a bhain le folmhú – trí dhreamh-leacht a sheoladh le go ndéanfaí gloinniú air – na HAST ag Sellafield. Go déanach sna 2000í bhí toirt na n-umar fós mar a bhí nó bhí laghdú beag tagtha orthu toisc go raibh an tréchur níos ísle ná mar a ceapadh mar gheall ar dheacrachtaí leanúnacha teicniúla le hathphróiseáil breosla spíonta. I gcomhthráth leis sin rinne RPII dlúthmhonatóireacht ar an bhforbairt ar phleananna RA cumhachtstáisiúin nua a thógáil in ionad na gcumhachtstáisiún a bhí sceidealaithe le dúnadh síos thar cúpla scór bliain ina dhiaidh sin.

Na 2010í

Tar éis thimpiste Fukushima in 2011, d'iarr an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí athbhreithniú ar shábháilteacht gach cumhachtstáisiúin san Eoraip. Leag Grúpa Rialtóirí um Shábháilteacht Núicléach Eorpach (ENSERF) síos na critéir do na 'tástálacha struis' mar a tugadh orthu, a éileodh ar oibreoirí na stáisiún athmheas a dhéanamh ar shábháilteacht na gcumhachtstáisiún núicléach i gcoinne leithéidi na ndian-imeachtaí a tharla ag Fukushima. Ghlac gach ballstát den AE a raibh cumhachtstáisiúin núicléacha ag feidhmiú acu, páirt sa phróiseas, chomh maith leis an Eilbhéis agus an Úcráin. Ansin rinne rialtóir sábháilteachta núicléiche gach tíre, lena n-áirítear RPII, athbhreithniú ar thuarascálacha na n-oibreoirí agus chuir tuairimí in iúl maidir lena dtorthaí, ag lua réimsí ina bhféadfaí tuilleadh oibre a dhéanamh iontu agus/nó feabhsúcháin a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an stáisiún.

Go déanach in 2012, d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (DECLG) achoimre ar an measúnú ar rioscaí d'Éirinn ó láithreán Sellafield agus ón stór do dhramhaíl íseal-leibhéil ina chóngar. Reáchtáil foireann de shaineolaithe ar chúrsaí núicléacha, a bhí neamhspleách, an measúnú sin. Chuir RPII cúnamh agus tacaíocht theicniúil ar fáil do DECLG le linn an tionscadail agus d'oibrigh leis na saineolaithe idirnáisiúnta chun measúnú a dhéanamh ar an leathadh amach sa chomhshaol ar an radaighníomhaíocht arna scaoileadh trí chúpla tarlú timpiste a chur i gcás. Mar chonclúid ón measúnú sin luadh nach mbeadh aon éifeachtaí suntasacha dochracha sláinte ag eascairt as timpiste ar stór dramhaíola íseal-leibhéil ag Sellafield, ach go bhféadfadh tionchar suntasach socheacnamaíoch a bheith ag baint le tarluithe tromchúiseacha.

I mí Bealtaine 2013 chríochnaigh agus d'fhoilsigh RPII a mheasúnú ar na héifeachtaí dóchúla ar an gcomhshaol in Éirinn a bheadh ag clár a bhí beartaithe chun cumhachtstáisiúin nua a thógáil sa Ríocht Aontaithe. San athbhreithniú fuarthas go ndéanfaí aon éilliú radaighníomhach san aer a iompar sa treo eile agus ní i dtreo na hÉireann, formhór an ama. Mar sin ní bheadh aon tionchar intomhaiste raideolaíoch ag gnáthfheidhmiú na gcumhachtstáisiún beartaithe núicléacha ar Éirinn. I gcás go dtarlódh timpistí tromchúiseacha a ndearnadh iniúchadh orthu, agus dá mbeadh an ghaoth ag séideadh i dtreo na hÉireann, bheadh gá srianta bia agus cosaint talmhaíochta a chur i bhfeidhm agus i gcás na timpistí is tromchúisí bheadh gá le bearta gearrthéarmacha dála fothain a chur ar fáil.

Faoi lár na 2010í, bhí RPII ag monatóireacht chlár beartaithe na Ríochta Aontaithe stáisiúin núicléacha a thógáil, chomh maith lena bpleananna saoráid diúscartha geolaíochta a fhorbairt faoin mbliain 2040. Chomh maith leis sin, rinne sé monatóireacht ar an dul chun cinn ag Sellafield i gcoinne spriocanna a bhain le sábháilteacht.

Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

Dhá cheann de na príomhchuspóirí ag RPII ná comhoibriu le húdaráis ábhartha i stáit eile agus le heagraíochtaí iomchuí idirnáisiúnta agus monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí thar lear a bhain le hionaid núicléacha agus sábháilteacht raideolaíoch i gcoitinne, agus an Rialtas a choinneáil ar an eolas faoina n-impleachtaí d'Éirinn.

D'fhonn na cuspóirí sin a bhaint amach bhí páirt ag RPII i bhforbairt na gcaighdeán um chosaint raideolaíoch agus sábháilteacht núicléach mar chuid de ghrúpaí saineolaithe agus meithleacha san Aontas Eorpach, leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Eorpach d'Fhuinneamh Núicléach (IAEA) agus leis an nGníomhaireacht d'Fhuinneamh Núicléach (NEA) de OECD. Bhí sé páirteach freisin i gcoinbhinsiúin dála Choinbhinsiún OSPAR, Coinbhinsiún Londain um Dhumpáil, an Coinbhinsiún um Shábháilteacht Núicléach agus an Comhchoinbhinsiún um Bainistiú Sábháilteachta Breosla Spíonta agus Bainistiú Sábháilteachta Dramhaíola Radaighníomhaí. Trí mheán na rannpháirtíochta sin, d'fhéadtaí dearcadh na hÉireann a chur in iúl agus tionchar a imirt ar chinnteoireacht sna fóraim idirnáisiúnta a bhain le cosaint raideolaíoch agus saincheisteanna núicléacha. Chinntigh sé freisin go mbeadh obair RPII treoraithe ag eolas chun dáta faoi fhorbairtí idirnáisiúnta.

An tAontas Eorpach

Mar gheall ar cheanglais Chonradh EURATOM agus feidhmiú gnéithe iomadúla a bhain leis an Aontas Eorpach, bhí gá le rannpháirtíocht RPII i ngníomhaíochtaí AE.

Go luath sna 1990í bhí tábhacht ar leith ag baint leis an idirbheartaíocht faoi Threoir leasaithe um Chaighdeáin Bhunúsacha Sábháiltaechta do chosaint oibrithe sláinte agus an phobail ar na dainséirí a bhaineann le radaíocht ianúcháin. Bhí páirt mhór ag RPII sa phlé le Meitheal Chomhairle na nAirí maidir le Saincheisteanna Adamhacha.

Ghlac RPII páirt freisin sa phlé leis an Roinn Sláinte agus Leanaí ag leibhéal Chomhairle na hEorpa maidir le forbairt ar Threoir leasaithe ón gComhairle faoi chosaint sláinte daoine ar éifeachtaí dochracha na radaíochta ianúcháin i gcomhthéacs nochtadh i suíomhanna leighis agus in 1997 faomhadh an Treoir.

Go déanach sna 1990í agus go luath sna 200í bhí RPII ag glacadh páirte sa phlé maidir le tograí an Choimisiúin do chreatchlár ilbhliantúil don Chomhphobal Eorpach um Fhuinneamh Adamhach do ghníomhaíochtaí taighde agus oiliúna a raibh mar aidhm leo Limistéar Taighde Eorpach a chruthú. Áiríodh sa chlár sin taighde ar comhleá núicléach, sábháilteacht na n-ionad núicléach agus an timthriall breosla, cosaint radaíochta, bainistiú ar éigeandálaí núicléacha, nochtadh d'fhoinsí nádúrtha dála radon agus aistriú radaighníomhaíochta sa chomhshaol.

Chomh maith leis sin, sheol RPII toscaireacht chuig Grúpa Saineolaithe a tionóladh faoi Airteagal 37 de Chomhaontú Euratrom chun comhairle a sholáthar don Choimisiún maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag pleananna do dhiúscairt dramhaíola radaighníomhaí. Anuas air sin, ghlac RPII páirt sa choiste comhairleach do bhainistiú an chláir sábháilteachta comhleá núicléiche a bhain le sábháilteacht thimthriall breosla núicléach agus taighde ar chosaint radaíochta agus ar choiste a bunaíodh faoi Airteagal 35 de Chonradh EURATOM ag cuimsiú na monatóireachta radaighníomhaí san Aontas Eorpach.

Go luath sna 2000í, sheol RPII toscaireacht chuig Meitheal um Shábháilteacht Núicléach arna bunú chun measúnú a dhéanamh ar shábháilteacht na n-imoibreoirí núicléacha i dtíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas Eorpach.

Le cinneadh ón gCoimisiún Eorpach in 2007 bunaíodh Grúpa Rialtóirí um Shábháilteacht Núicléach Eorpach (ENSERG) mar chomhlacht saineolach neamhspleách údarásach a bheadh comhdhéanta de cheannairí agus oifigigh shinsearacha ó údáráis náisiúnta rialála agus sábháilteachta núicléacha ó gach ceann de na 27 mballstát. Ba é a mhisean lárnach a dhícheall a dhéanamh feabhsúcháin leanúnacha a dhéanamh sa tsábháilteacht núicléach agus sa bhainistiú ar dhramhaíl radaighníomhach agus breosla spíonta agus a rialáil, agus oscailteacht is trédhearcacht a chur chun cinn sna réimsí sin. Ghlac RPII páirt in obair ENSERG, lena n-áirítear feidhmiú mar leas-Chathaoirleach.

Baineadh amach cloch mhíle le linn 2009 tráth ar ghlac an Chomhairle Eorpach le Treoir ag bunú creat-Phobail um shábháilteacht na stáisiún núicléach. Bhí páirt ag RPII i bhforbairt na Treorach trí ENSERG. Go bunúsach thug an Treoir bonn dlí do na príomhchaighdeáin sábháilteachta núicléacha arna mbunú ag IAEA agus do na príomhoibleagáidí dá bhforáiltear sa Choinbhinsiún um Shábháilteacht Núicléach. An aidhm leis ná feabhas leanúnach a chur ar shábháilteacht núicléach agus a rialáil agus a chinntiú go mbeadh Ballstáit AE in ann socruithe iomchuí náisiúnta a sholáthar chun oibrithe agus pobal a chosaint ar dhainséirí ag eascairt ó stáisiúin núicléacha.

Mar chuid den timthriall de fheabhsúcháin leanúnach ar chaighdeáin cosanta raideolaíochta, bhí páirt ag RPII athuair ag tacú le plé teicniúil agus polaitiúil faoi leasuithe breise ar an gCreat-treoir um Chaighdeáin Bhunúsacha Sábháilteachta agus ar an gCreat-treoir Uisce nua, an dá threoir a aontaíodh le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an gComhairle Eorpach in 2013.

An Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach

Mórfhorbairt a tharla in 1994 ná gur cuireadh i gcrích, faoi scáth IAEA, an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Núicléach. Bhí sé seo ar an gcéad uair a comhaontaíodh go foirmiúil prionsabail sábháilteachta na stáisiún núicléach ag an leibhéal idirnáisiúnta. Thug toscaireacht na hÉireann le chéile grúpa de thíortha a bhí ar comhthuairimíocht a raibh mar chuspóir acu go gcuirfí san áireamh leasa na dtíortha níos lú tráth a mbeadh an Coinbhinsiún á dhréachtú; chuidigh RPII leis an ullmhúchán agus d'fhreastail ar chruinnithe athbhreithniúcháin an Choinbhinsiúin i mblianta ina dhiaidh sin.

I lár na 1990í, bhí suíochán ag Éirinn ar Bhord Gobharnóirí IAEA agus chuir RPII comhairle theicniúil agus cúnamh ar fáil do Ghobharnóir na hÉireann chomh maith le hIonadaí Buan na hÉireann ar an nGníomhaireacht. Chuir Éire ionchur suntasach ar fáil ar fhormhór na dtopaicí sa díospóireacht go háirithe maidir le cosaint na n-ábhar núicléach, prionsabail bhainistiú na dramhaíola radaighníomhaí, córas IAEA do cheapadh caighdeán sábháilteachta agus treoracha agus bunú conradh sásúil maidir le dliteanas núicléach.

In 1997, tugadh chun críche sásúla obair a raibh páirt ag Éire inti tráth ar glacadh leis an gComhchoinbhinsiún um Bainistiú Sábháilteachta Breosla Spíonta agus Bainistiú Sábháilteachta Dramhaíola Radaighníomhaí ag Comhdháil Taidhleoireachta i Vín. I gcomhar le Comhdháil um Shábháilteacht Núicléach (1994) a reáchtáladh roimhe sin chuir sé an bonn ar fáil do chur i bhfeidhm caighdeáin aitheanta sábháilteachta i stáisiúin núicléacha agus do bhainistiú dramhaíola radaighníomhaí. Dhaingnigh Éire an Coinbhinsiún in 2001 agus ina dhiaidh sin chuir RPII le hullmhú agus le cur i láthair tuarascálacha náisiúnta a hÉireann agus rinne athbhreithniú ar thuarascálacha náisiúnta ó thíortha eile.

Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta (ar lean)

An Ghníomhaireacht d'Fhuinneamh Adamhach de chuid OECD

Go luath sna 1990í, ba é RPII ionadaí na hÉireann ar bhord rialaithe NEA, ar tugadh Coiste Stiúrtha air, agus ar Choiste Bainistíochta Dramhaíola Radaighníomhaí. Chuir RPII tacaíocht leanúnach ar fáil sa scór bliain ina dhiaidh sin don Choiste um Chosaint Radaíochta agus Sláinte Phoiblí (CRPPH) a bhí comhdhéanta de rialtóirí agus saineolaithe cosanta radaíochta, le misean leathan saincheisteanna a thabhairt faoi deara go tráthúil a bheadh ag teacht chun solais. Chomh maith leis sin, thacaigh RPII le foghrúpaí agus grúpaí saineolaithe de CRPPH agus CNRA (Committee on Nuclear Regulatory Activities).

Coinbhinsiún OSPAR

Is éard atá i gCoinbhinsiún OSPAR 1992 uirlis threorach idirnáisiúnta um chomhar maidir le cosaint an chomhshaoil mara san Atlantach thuaidh thoir. Rinne sé cónascadh ar Choinbhinsiún Osló 1972 um dhumpáil dramhaíola ar muir agus ar Choinbhinsiún Pháras 1974 maidir le foinsí talún is cúis le héilliú mara. Ghlac RPII páirt in obair Choinbhinsiún OSPAR agus sa Mheitheal um Shubstaintí Radaighníomhacha. Bhí sé freisin ina chomhairleoir eolaíochta do Rialtas na hÉireann do chur i bhfeidhm straitéis OSPAR maidir le substaintí radaighníomhacha, arna síniú ag gach páirtí conarthach in 1998, a cheanglaíonn ar na páirtithe laghdú céimneach a dhéanamh faoin mbliain 2020 ar sceitheadh substaintí radaighníomhacha.

Idirchaidreamh idir an Ríocht Aontaithe agus Éirinn

Bhí páirt ag RPII in dhá shocrú sheanbhunaithe a bhí ann san idirchaidreamh idir údáráis na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe faoi chúrsaí cosanta raideolaíche agus sábháilteachta núicléiche. Tháinig an grúpa idirchaidrimh RA/na hÉireann le chéile dhá uair sa bhliain ag cruinniú ar fhreastail ionadaithe ó ranna rialtais agus gníomhaireachtaí RA agus na hÉireann orthu.

I ndáil le gnéithe níos teicniúla a bhain le sábháilteacht na stáisiún núicléach, bhí socrú foirmiúil ann do mhalartú eolais idir RPII agus Cigireacht Cumhachtstáisiún Núicléach na Ríochta Aontaithe d'Fheidhmeannacht Sláinte agus Sábháilteachta RA. Faoin gcomhaontú seo reáchtáladh cruinniú bliantúil mar ar éirigh le RPII léargas níos fearr a fháil ar sheasamh údarás rialála RA i ndáil le ceisteanna a bhain le sábháilteacht núicléach sa RA.

Ag an gcéad chruinniú de Chomhairle na Breataine-na hÉireann (Grúpa Earnálach Comhshaoil) in 2000, aontaíodh go raibh a lán réimsí comhleasa ann a bhféadfaí iad a bhrú ar aghaidh ar mhaithe leis na rannpháirtithe uile. Ar na réimsí inar ghlac RPII páirt trí thoscaireacht Éireannach a sheoladh, bhí ceist na dramhaíola radaighníomhaí ó Sellafield. Chomh maith leis sin, reáchtáladh cruinnithe do mhalartú eolais le hOifig Thuaisceart Éireann agus le Seirbhís Comhshaoil agus Oidhreachta Thuaisceart Éireann.

ICRP

Le linn 2005, toghadh ball foirne ó RPII ar Choiste 4 den Choimisiún Idirnáisiúnta um Chosaint Raideolaíoch (ICRP). Is é ICRP an phríomheagraíocht idirnáisiúnta a chuireann treoir bhunúsach ar fáil maidir le cosaint radaíochta agus is é tasc Choiste 4 cur i bhfeidhm praiticiúil a dhéanamh ar an treoir seo.

Misin Idirnáisiúnta

Chuir RPII saineolaithe idirnáisiúnta ar fáil chun piarmheasúnú a dhéanamh agus chun tabhairt faoi mhisin oiliúna um chosaint radaíochta. Ina measc bhí misin faoi shamhail-tionscadal IAEA d'uasghrádú an bhonneagair cosanta radaíochta i dtíortha atá i mbéal forbartha agus misin chun tacú le Ballstáit nua AE cloí le ceanglais AE maidir le cosaint radaíochta. Chomh maith le saineolaithe a sholáthar do mhisin, rinne RPII óstáil rialta ar eolaithe ar cuairt faoi Chlár IAEA um Chomhoibriú Teicniúil.

Faisnéis Phoiblí

Tá sé de fhreagracht ar RPII faisnéis oibiachtúil, fhíriciúil a scaipeadh maidir le cosaint raideolaíoch agus saincheisteanna bainteacha agus cur leis an rochtain agus an tuiscint ar a ghníomhaíochtaí. Agus é ar an bhfód thug RPII faoi raon gníomhaíochtaí cumarsáide agus imeachtaí chun feasacht a spreagadh.

Bhí RPII ag plé le spriocghrúpaí éagsúla – idir shaineolaithe ardteicniúla is bhaill den phobal, lena n-áirítear páistí scoile. Tá dúshláin ag baint le faisnéis theicniúil a chur in iúl do spriocghrúpaí chomh hilchineálach leis sin, go háirithe sa mhéid go mbíonn roinnt de na saincheisteanna mothúchánach. I gcás topaicí a bhí conspóideach nó a raibh claonadh polaitiúil ag baint leo choinnigh RPII a neamhspleáchas, ag brath ar fhíricí eolaíochta mar bhonn don chomhairle. Sa mhéid go raibh RPII in iúl ar an tábhacht a bhaineann leis na meáin chun eolas a scaipeadh, thacaigh RPII le tuairisciú ar shaincheisteanna raideolaíochta ar cúis imní don phobal iad.

Na 1990í

Ba fíorchúiseanna imní iad eagla an phobail faoi bhaol na radaíochta ianúcháin, go háirithe an sceitheadh ó Sellafield, ach ní gá go raibh bonn leo i gcónaí. Thuig RPII go raibh mórthasc i gceist le cuidiú leis an bpobal na rioscaí a bhain le radaíocht a mheas ar an gcaoi chothrom chéanna is a dhéanfaidís rioscaí eile. In 1993 chuir an Bord lena raon saineolais, trí pháirt a ghlacadh i dtrí cinn de choistí comhairleacha, ar Radaíocht Comhshaoil, Radaíocht Leighis agus Caidreamh Poiblí. Bhí ról an Choiste um Chaidreamh Poibí thar a bheith tábhachtach ó thaobh na cumarsáide de sna 1990í.

An tráth úd, chuir RPII lena iarrachtaí cumarsáide chun an pobal a chur ar an eolas faoin nguais sláinte a bhaineann leis an ngás radóin i bhfoirgnimh. Mar chuid de bheartas RPII a dhícheall a dhéanamh go mbeadh an éifeacht is fearr agus is féidir ag an eolas a scaip sé, thosaigh sé láithreacht ar an idirlíon tráth ar seoladh a shuíomh gréasáin in 1999.

Rinne RPII óstáil ar roinnt comhdhálacha ar éirigh go maith leo sna 1990í. Ar na comhdhálacha suntasach bhí ceann amháin maidir le cur i bhfeidhm i ndlí na hÉireann ar dhá Threoir ó AE, agus ceann eile, imeacht idirnáisiúnta a reáchtáladh i gcomhar le Coimisiún AE dar teideal "Cosmic Radiation and Air crew Exposure: Implementation of European Requirements in Civil Aviation."

Faisnéis Phoiblí (ar lean)

Na 2000í

Le linn 2002, tar éis theacht i bhfeidhm na Rialachán ón gComhphobal Eorpach (Cosaint ar Radaíocht Ianúcháin Leighis), ag rialú chosaint othar agus daoine eile, a bheadh faoi lé na radaíochta ianúcháin chun críocha leighis, chuididh RPII le heagrú comhdhála idirnáisiúnta arna mhaoiniú ag AE maidir le gnáthaimh leighis/dlíthúla agus chuir an chomhdháil sin fóram ar fáil ag a bhféadfaí fadhbanna eitice, dlíthúla, sóisialta agus teicniúla a phlé, ar ceisteanna iad a tháinig chun cinn sna cleachtais éagsúla.

In 2004, mar bhonn is taca leis an gcumarsáid phoiblí, rinne RPII coimisiúnú ar thaighde margaidh i measc an phobail chun tuairimí a mheas agus a fháil amach cén fheasacht a bhí ann faoi radaíocht. Fuarthas ón taighde sin go bhfuil an pobal ar an eolas go pointe áirithe faoin radaighníomhaíocht sa chomhshaol. Bhí cúiseanna imní ag breis is leath den phobal faoi leibhéil radaíochta nó radaighníomhaíochta in Éirinn agus bhí 75% ar an eolas faoi radón. Luadh gurb trí nuachtáin/irisí is mó a fuair siad an t-eolas sin.

I lár na 2000í chuir RPII tús le sraith de 'sheónna bóthair radóin' a raibh mar phríomhchuspóir leo feasacht a spreagadh i measc an phobail, fostóirí agus údarás áitiúil faoin mbaol a bhain le bheith faoi lé an radóin. Tugadh cuairt ar Bhéal an Átha, Sligeach, Cill Chainnigh, Port Láirge, Trá Lí, Cluain Meala, Gaillimh, An Caisleán Riabhach agus Mala – agus na limistéir sin uile ina Limistéir Ardradóin. I ngach seó bóthair rinneadh cur i láthair i scoileanna áitiúla, do ghrúpaí fostóirí agus d'Údaráis Áitiúla. I measc na ngníomhaíochtaí for-rochtana eile bhí seastáin eolais ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta agus seónna eile talmhaíochta. D'éirigh thar barr leis na seónna bóthair, agus fuair siad clúdach maithe sna meáin áitiúla agus náisiúnta agus cuireadh dá bharr leis an líon tomhas radóin a bhí ar siúl.

Cloch mhíle thábhachtach le linn 2007 ab ea forbairt Phlean Straitéiseach RPII ag cuimsiú na tréimhse 2008-2010. Túsphointe na straitéise ná athbhreithniú a dhéanamh ar an straitéis roimhe sin agus athbhreithniú a dhéanamh ar an timpeallacht ina raibh RPII ag feidhmiú. De bhreis air sin, rinneadh iniúchadh ar chúrsaí cumarsáide chun scrúdú a dhéanamh ar na modhanna agus próisis a bhí i bhfeidhm do ghiniúint agus soláthar cumarsáide seachtraí. Ag eascairt ón athbhreithniú luadh go bhféadfadh an eagraíocht leas a bhaint as níos mó soiléire ó thaobh socrú agus tomhas cuspóirí straitéiseacha agus trí bheartú ar acmhainní breise ina ról cumarsáide agus stocaireachta.

Fíor 11: Líon na gcuairteoirí ina aghaidh na míosa chuig suíomh gréasáin RPII 1999–2014



In 2007, d'fhreastail breis is 200 toscaire – fisiceoirí leighis den chuid is mó – ar sheimineár, arna óstáil ag RPII i gcomhar leis an gCumann um Eolaithe Fisiceacha sa Leigheas, maidir le moltaí nua an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chosaint Raideolaíochta. Chuir an seimineár seo fóram ar fáil d'athbhreithniú ar an eolaíocht is déanaí is bun le bunphrionsabail na cosanta raideolaíche atá ríthábhachtach ó thaobh chur i bhfeidhm na radaíochta ianúcháin sa leigheas.

Ar na gnéithe tábhachtacha a bhaineann le cur i bhfeidhm an dea-chleachtais radaíochta do bhaill den phobal a bhíonn faoi lé an radóin ina dtithe agus do dhaoine a úsáideann radaíocht ianúcháin ina gcuid oibre, tá go mbeadh faisnéis intuigthe ar fáil go héasca. Sa mhéid go raibh RPII in iúl ar fhás an idirlín mar phríomhfhoinse eolais sheol sé a shuíomh gréasáin nuashonraithe i mí Bealtaine 2009.

I measc na ngnéithe ar an suíomh gréasáin bhí:

- Léarscáil idirghníomhach radóin áit a bhféadfaí do sheoladh baile a chur isteach agus a fháil amach an raibh tú ag cónaí i Limistéar Ardradóin;
- Áireamhán dáileoige radóin a d'fhéadfaí a úsáid chun do dháileog féin radaíochta a thomhas;
- Áis ar líne chun cur isteach ar sheirbhísí tomhais radóin agus áis íocaíochta don tseirbhís sin;
- Rochtain ar líonra monatóireachta RPII agus rochtain ar shonraí an chláir monatóireachta;
- Áis riaracháin ar líne do chustaiméirí na seirbhíse dáileogmhéadrachta.

D'ardaigh líon na gcuairteoirí chuig an suíomh gréasáin (Fíor 11) o 1999 go 2014 agus buaiceanna ann aon uair a raibh clúdach ar chúrsaí RPII sna meáin.

Na 2010í

Go luath in 2010, d'oibrigh RPII go dlúth le hiriseoir chun mír speisialta a fhorbairt maidir le radón agus craoladh é sin níos déanaí ar chlár Prime Time ar RTÉ. Spreag sé sin feasacht maidir leis an gceist. Chun leas a bhaint as seo le feasacht a spreagadh, agus ag cur leis an taithí óna chlár de 'sheónna bóthair radóin' thosaigh RPII ag reáchtáil feachtais chomhtháite faisnéise áitiúla sna míonna agus blianta ina dhiaidh sin i gcontaetha le leibhéil aitheanta arda radóin. I measc na bhfeachtas sin bhí; dáileadh ar litríocht feasachta chuig gach teach sa tír; fógraíocht agus agallaimh ar an raidió áitiúil agus sna nuachtáin áitiúla; gníomhaíochtaí proimóisin; meáin shóisialta; cruinnithe poiblí agus seisiúin shainoiriúnaithe d'ionadaithe áitiúla agus náisinta agus do ghrúpaí gnó/tionscail. D'éirigh thar barr leis na feachtais áitiúla agus d'ardaigh an líon tomhas a rinneadh i dtithe príobháideacha dá réir. Tar éis athbhreithniú seachtrach ar na feachtais in 2012, tháinig sé chun solais go mbeadh gá le hiarracht náisiúnta chun dul i bhfeidhm ar dhaoine agus teaghlaigh a spreagadh le tomhas radóin a dhéanamh.

Le linn na 2010í thug RPII faoi roinnt gníomhaíochtaí taighde margaidh agus grúpaí fócais (in 2010, 2011 agus 2013). An rud a spreag seo ná go raibh sé ag teacht chun solais nach raibh an tionchar inmhianaithe ag an scaipeadh eolais a bhí ar siúl ag RPII. Ba é aidhm an taighde ná tuiscint a fháil ar riachtanais agus ar chúiseanna imní an phobail, ionas go bhféadfaí an chumarsáid a dhéanamh níos éifeachtaí.

Léirigh na torthaí go raibh na cúiseanna imní faoi radaíocht agus radaighníomhaíocht tar éis dul i léig go dtí tuairim 40% ón uair a tharla an chéad taighde margaidh in 2004 go dtí an bhliain 2013. In 2013 bhí duine as gach beirt den tuairim go mbeadh tionchar suntasach ag timpiste núicléach sa Ríocht Aontaithe ar Éirinn agus go mbeadh tionchar tromchúiseach aige sin ar an tsláinte. Sa mhéid gur mheas daoine an baol ó radón a bheith ina chúis níos lú imní ná Sellafield, cumhachtstáisiúin núicléacha thar lear, nó crainn fóin phóca, bhí éagothroime ann idir an riosca a samhlaíodh agus an fíor-riosca a bhí ann.

Bhí na torthí seo ina mbonn is taca leis an taighde sna grúpaí fócais agus i roinnt agallamh duine le duine a rinneadh le páirtithe leasmhara tábhachtacha in 2011 chun tuairimí daoine a fháil maidir le radaíocht sa chomhshaol. Fuarthas ón taighde gurb iad an dá chúis imní ba mhó ag daoine ná an truailliú íseal-leibhéal i Muir Éireann ó Sellafield agus an fhéidearthacht go dtarlódh ionsaí sceimhlitheoireachta ar Sellafield. Chomh maith leis sin, léirigh an taighde an tábhacht a bhaineann le hoscailteacht agus trédhearcacht eagraíochtaí dála RPII sa phlé a bhíonn aige leis an bpobal.

Faisnéis Phoiblí (ar lean)

Idir 2004 agus 2013, d'ardaigh an fheasacht i measc an phobail maidir le radón. Faoi 2013 bhí formhór mór an phobail ar an eolas faoi radón agus duine as gach beirt ag maíomh go raibh rud éigin ar eolas acu faoi. D'aineoinn na feasachta sin, ámh, ní raibh ach duine as gach triúr a mhaígh go raibh imní orthu faoina láithreacht ina dtithe. Léirigh sé sin go raibh dúshlán suntasach ann an fheasacht sin a thiontú ina ghníomh.

Mar bhonn is taca leis na torthaí sin bhí torthaí ó thaighde le grúpaí fócais a rinneadh in 2010 chun a fháil amach cén dearcadh a bhí ag an bpobal faoin teachtaireacht maidir le radón agus tuiscint a fháil ar cad a spreag iad tabhairt faoi thomhas radóin. Ar na torthaí is tábhachtaí bhí an teachtaireacht gur sheas ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí eile le teachtaireacht RPII, mar shampla an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Údaráis Áitiúla agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Bhí gnéithe eile den taighde sin a chuir bonn eolais ar fáil d'fheachtais feasachta agus do chumarsáid i gcoitinne ina dhiaidh sin.

Ar na mórdhúshláin do RPII in 2011 bhí an fhreagairt don damáiste ag Cumhachtstáisiún Núicléach Fukushima sa tSeapáin mar thoradh ar chrith talún/súnámaí i mí Márta 2011. Mar chuid den fhreagra foriomlán ag an leibhéal náisiúnta, an ról ag RPII ná faisnéis a sholáthar faoi chúrsaí de réir mar a bhí siad ag athrú le caitheamh ama, agus faoi na bearta coisctheacha a bhí á gcur i bhfeidhm sa tSeapáin agus na torthaí ón monatóireacht comhshaoil a bhí ar siúl in Éirinn.

Rinne saotharlanna RPII anailís ar shamplaí aeir agus bainne agus cuireadh torthaí uaidh sin ar fáil ar an suíomh gréasáin. Bhí sé seo ar an gcéad freagra a thug Éirinn ar chumarsáid leis an bpobal faoi fíorimeacht ó tharla timpiste Chernobly in 1986. D'ainneoin an t-achar idir Éirinn agus Fukushima agus sa mhéid nach raibh mórán éillithe braite, bhí an-éileamh go deo ann ar fhaisnéis theicniúil ina thaobh. Aithníodh go raibh an freagra a thug RPII dearfach agus réamhghníomhach, agus dhaingnigh sin muinín an phobail as RPII mar údáráis iontaofa, saineolach.

Sa díograis leanúnach ó thaobh an suíomh gréasáin a fhorbairt ar bhonn leanúnach mar an príomhbhealach cumarsáide do RPII agus ag fanacht chun dáta le forbairtí ar ghléasanna lámhiompartha forbraíodh leagan móibíleach den suíomh. Tá an-tóir ar mheáin shóisialta mar mheán cumarsáide agus an t-éileamh sin ag fás. Cuimsíodh uirlisí meáin shóisialta ar shuíomh gréasáin RPII agus bunaíodh cuntais Facebook agus Twitter chun plé níos leithne a bheith ann leis an bpobal.

Baill an Bhoird agus na gCoistí Comhairleacha

Baill an Bhoird 1992–2014

Ainm	Téarma Oifige	
An Dr Mary Upton	1992–1999	Cathaoirleach 1992–1999
An tOllamh William Reville	1992–1997 & 2012–2014	Cathaoirleach 2012–2014
An Dr Francis J Mulligan	1997–2006	Cathaoirleach 2000–2006
An tOllamh Eugene Kennedy	2006–2011	Cathaoirleach 2006–2011
An Dr Dermot Cantwell	1992–1997	
An Dr Patrick Connellan	1992–2008	
Flor Crowley	1992–1997	
An Dr George Duffy	1992–2001	
Alan Ellard	1992–1997	
Thomas Hayden	1992–1997	
An Dr Frank Keeling	1992–1997	
An tOllamh James F Malone	1992–1997	
An Dr Geraldine O'Reilly	1992–2001	
An tOllamh Philip Walton	1992–1997	
Gregory Burke	1997–2007	
An Dr James Carr	1997–2000	
An Dr Edward Fitzgerald	1997–2004	
James Gibney	1997–2002	
An Dr Lesley Malone	1997–2007	
Darina Muckian	1997–2014	
Adi Roche	1997–2014	
An Dr William Blunnie	2000–2005	
Francis J Turvey	2001–2009	
Anita Dowling	2001–2006	
Mary Coffey	2000–2003	
James Fitzmaurice	2002–2014	
An tOllamh Kieran Byrne	2003–2007	
An Dr Sean Darby	2004–2006	
An Dr Michael Hurley	2005–2008	
Patrick Gilligan	2006–2014	
An Dr Niall McEniff	2007–2010	
Fionnuala Barker	2007–2012	
An Dr Kevin Kelleher	2007–2014	
Nuala Ahern	2008–2011	

Baill an Bhoird agus na gCoistí Comhairleacha (ar lean)

Baill an Bhoird 1992–2014 (ar lean)

Ainm	Téarma Oifige	
An Dr Maurice Fitzgerald	2008–2014	
An Dr Éamann Breatnach	2008–2011	
John O'Dea	2009–2014	
An Dr Stephanie Ryan	2010–2014	
An Dr Patricia Cunningham	2012–2014	
An Dr Paraic James	2012–2014	

Coiste Comhairleach um Radaíocht Leighis

Chuir an Coiste seo comhairle ar an mBord maidir le húsáid na radaíochta ianúcháin sa leigheas nó san fhiaclóireacht.

Ainm	Téarma Oifige	
An Dr George Duffy	1993–2009	Cathaoirleach 1993–2009
Helen Allen	1993	
An Dr Jane Buttimer	1993–1997	
An Dr Dermot Cantwell	1993–1996	
An Dr James Carr	1993–2000	
Mary Coffey	1993–2007	
An Dr Nuala Corcoran	1993–1996	
An Dr Padraig Couglan	1993	
John D. Cunningham	1993–2001	
An Dr Jerry Dowsett	1993–1996	
Alan Ellard	1993–1996	
An Dr Edward Fitzgerald	1993–2005	
An Dr Gerard Gavin	1993–1996	
An Dr Gerry Hurley	1993	
An Dr Frank Keeling	1993–1996	
An Dr Bernard McCartan	1993–1996	
An tOllamh James F Malone	1993–1996	
An Dr Lesley Malone	1993–2009	
An Dr James Masterson	1993–2005	
Máire Ní Aonghusa	1993–1996	
An Dr Seamus O'Cathail	1993–1996	
An Dr Tom O'Flaherty	1993–2002	
Francis J Turvey	1993–1996	
An tOllamh Donal MacErlaine	1994–1996	
Kate Mathews	1994–2008	
Brendan Mee	1994–1996	
Bernadette Moran	1994–1996	
An Dr Dan Murphy	1994–2004	
An Dr Pat Kenny	1996–2009	
An Dr Brendan McClean	1996–2009	
An Dr David McInerney	1996	
An Dr Jacinta McLoughlin	1996–1999	
An Dr Michael Moriarty	1996–2008	
Liam Murray	1996–2003	
An Dr Noel O'Connell	1996–1998	

Baill an Bhoird agus na gCoistí Comhairleacha (ar lean)

Coiste Comhairleach um Radaíocht Leighis (ar lean)

Ainm	Téarma Oifige	
An Dr Anthony O'Dwyer	1996	
An Dr Geraldine O'Reilly	1996–2009	
An tOllamh Wil Van der Putten	1997–2009	
Fionnuala Barker	1997–2009	
An Dr David Clarke	1997–2009	
An Dr Lynn Johnston	1997–2007	
An Dr Ann McGarry	1999–2009	
An Dr Stephanie Ryan	2001–2004	
Louise Diamond	2002–2006	
Dermot Howett	2004–2007	
An Dr Tom Ryan	2004–2009	
An Dr Stephen Skehan	2006–2009	
An Dr Mark McEntee	2006–2007	
Susan Dennan	2008–2009	
Christopher Hone	1993–1995 & 1998–2009	Rúnaí Eolaíochta 1993–1995
David Fenton	1996–2007	Rúnaí Eolaíochta 1996–2001
An Dr Stephen Fennell	2002–2009	Rúnaí Eolaíochta 2002
Tanya Kenny	2004–2007	Rúnaí Eolaíochta 2003–2007
Noeleen Cunningham	2008–2009	Rúnaí Eolaíochta 2008–2009

Coiste Comhairleach um Radaíocht sa Chomhshaol

Chuir an Coiste seo comhairle ar an mBord maidir le radaighníomhaíocht sa chomhshaol.

Ainm	Téarma Oifige	
An Dr Geraldine O'Reilly	1992–2008	Cathaoirleach 1992–1995
Gregory Burke	1996–2007	Cathaoirleach 1996–2007
An Dr Tony Colgan	1992, 1996–2008	
John D. Cunningham	1992–2001	
Thomas Hayden	1992–1996	
An tOllamh Ian R. McAulay	1992–2008	
An Dr Ann McGarry	1992–2008	
An tOllamh James P. McLaughlin	1992–2008	
An tOllamh Peter I. Mitchell	1992–2008	
An tOllamh Palmer Newbould	1992–1996	
An Dr Noel V. Nowlan	1992–1999	
An Dr Tom O'Flaherty	1992–2002	
An tOllamh Philip Walton	1992–2008	
Darina Muckian	1996–2008	
An tOllamh William Reville	1996–2008	
Adi Roche	1997–2008	
An tOllamh Wil van der Putten	1997–2004	
Dermot Howett	2002–2008	
An Dr Barbara Raffetry	2002–2008	
David Fenton	2002–2008	
David Pollard	1993–2008	Rúnaí Eolaíochta 1993–1998
An Dr Tom Ryan	1998–2002	Rúnaí Eolaíochta 1999–2002
Stephanie Long	2002–2008	Rúnaí Eolaíochta 2002–2008

Baill an Bhoird agus na gCoistí Comhairleacha (ar lean)

Coiste Comhairleach um Radaíocht sa Chomhshaol

Bhí an Coiste seo ag feidhmiú mar fhoras ardleibhéil eolaíochta ar aon ní a bhaineann leis an radaíocht ianúcháin, go háirithe le sláinte phoiblí, arna chur faoina bhráid ag an mBord nó ag Feidhmeannas RPII. Ó mhí Eanáir 2010 tháinig an Coiste seo i gcomharba ar na Coistí um Radaíocht sa Chomhshaol agus um Radaíocht Leighis.

Ainm	Téarma Oifige	
An Dr Éamann Breatnach	2009–2011	Cathaoirleach 2009–2011
An Dr Paraic James	2012–2014	Cathaoirleach 2012–2014
An Dr Nuala Ahern	2009–2011	
An Dr Michael Casey	2009–2014	
An Dr Harry Comber	2009–2014	
An Dr Dominique Crowley	2009–2010	
An Dr Peter Finnegan	2011–2014	
An Dr Maurice Fitzgerald	2012–2014	
Sean Hogan	2009–2014	
An Dr Jean Luc-Godet	2009–2014	
An tOllamh Ian R. McAulay	2009–2014	
An tOllamh Brendan McClean	2009–2014	
An tOllamh James P. McLaughlin	2009–2014	
An Dr Jill Meara	2009–2014	
An tOllamh Peter I. Mitchell	2009–2014	
An Dr Neil O'Donovan	2009–2014	
An Dr Geraldine O'Reilly	2009–2014	
An Dr Jane Renehan	2009–2014	
An tOllamh Wil van der Putten	2009–2014	
Stephanie Long	2009–2014	Rúnaí Eolaíochta 2009–2014

Coiste Iniúchóireachta

Chuidigh an coiste iniúchóireachta leis an mBord iontaofacht an rialaithe inmheánaigh airgeadais, bainistiú éifeachtach riosca agus rialachas stuama corparáideach a chinntiú.

Ainm	Téarma Oifige	
An Dr Francis J Mulligan	2004–2006	Cathaoirleach 2004–2006
An Dr Patrick Connellan	2004–2008	Cathaoirleach 2006–2008
Patrick Gilligan	2008–2013	Cathaoirleach 2008–2013
James Fitzmaurice	2004–2013	
Darina Muckian	2008–2013	
An tOllamh Ciarán Ó'hÓgartaigh	2008–2013	
Glenda Griffin	2011–2013	Rúnaí 2011–2013

An Coiste um Chaidreamh Poiblí agus Faisnéis

Chuir an Coiste seo comhairle ar fáil maidir le cumarsáid leis an bpobal.

Ainm	Téarma Oifige	
An tOllamh William Reville	1992–1996	Cathaoirleach 1992–1996
James Fitzmaurice	2004–2014	Cathaoirleach 2004–2014
Alan Ellard	1992–1996	
Ray Gordon	1992–1994	
An Dr Tom O'Flaherty	1992–1996	
An Dr Geraldine O'Reilly	1992–1996	
Stephen O'Byrnes	1995–1996	
Gregory Burke	2004–2006	
An Dr Ann McGarry	2004–2010	
An Dr Barbara Rafferty	2009–2010	
An Dr Tony Colgan	2004–2009	
Fionnuala Barker	2007–2012	
John O'Dea	2011–2014	
Brian Trench	2011–2014	
Annette Cahalane	2013–2014	
Darina Mukian	2013–2014	
Marie Kelly	1992–1996 & 2004–2010	Rúnaí 1992–1996
Lucy Doody	2011–2012	Rúnaí 2011–2012
Linda Coyne	2013–2014	Rúnaí 2013–2014

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch don bhliain dar críoch an 1 Lúnasa 2014 iniúchta agam faoin Acht um Chosaint Raideolaíoch (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014. Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis sin, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartas Cuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí ghaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a bhí forordaithe in Alt 16 den Acht um Chosaint Raideolaíoch 1991 agus de réir na gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leo in Éirinn.

Freagrachtaí na hInstitiúide agus na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil.

Tá freagracht ar an Institiúid as na ráitis airgeadais agus as a chinntiú go dtugann siad léargas fíorcheart, ar chaoi ghnóthaí na hInstitiúide agus ar a ioncam agus caiteachas, agus as rialtacht idirbheart na hInstitiúide a chinntiú.

Díscaoileadh an Institiúid an 1 Lúnasa 2014 agus aistríodh a sócmhainní agus a dliteanas chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, de réir mar atá sonraithe sa ráiteas maidir le beartais chuntasaíochta.

Tar éis dhíscaoileadh na hInstitiúide, is í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil a bhí freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, de réir Alt 11 den Acht um Chosaint Raideolaíoch (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An fhreagracht atá ormsa ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a thabhairt trí thagairt a dhéanamh don dlí is infheidhmithe.

Déanaim m'iniúchóireacht ag tagairt do nithe ar leith a bhaineann le comhlachtaí stáit ó thaobh a mbainistithe agus a bhfeidhmithe de.

Déanaim iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hiniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) agus de réir Chaighdeáin Eitice d'Iniúchóirí an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

Raon an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Mar chuid den iniúchadh faighim fianaise faoi shuimeanna agus faisnéisiú sna ráitis airgeadais, ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. Áirítear leis seo measúnú a dhéanamh ar:

- cibé acu an raibh na beartais chuntasaíochta iomchuí do chúinsí na hInstitiúide nó nach raibh agus ar cuireadh iad i bhfeidhm go seasta agus ar tugadh faisnéis imleor ina leith
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Lorgaím freisin, le linn m'iniúchta, fianaise faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir cleachtais chuntasaíochta a nglactar leo go coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí na hInstitiúide ag an 1 Lúnasa 2014 agus ar a hioncaim agus ar a caiteachas don bhliain dar chríoch sin.

Is é mo thuairim gur choinnigh an Institiúid leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Nithe a dTuairiscím Orthu trí Eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sna cásanna seo a leanas:

- Mura bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a bhí ag teastáil uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- I gcás gur tháinig sé chun solais le linn m'iniúchta go raibh aon chás inar úsáideadh airgead ar chúiseanna seachas na cúiseanna a bhí beartaithe don airgead sin nó i gcás go raibh idirbhearta ann nach raibh ag teacht leis an údarás ag gabháil leo, nó
- I gcás nár léirigh an ráiteas um rialú inmheánach airgeadais go raibh an Institiúid ag cloí leis an gCód Cleachtas um Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- I gcás go dtugaim faoi deara aon nithe ábhartha eile i ndáil leis an gcaoi a reáchtáladh gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam i ndáil leis na cúrsaí a mbíonn gá tuairisciú orthu trí eisceacht.



Seamus McCarthy
Thar ceann agus ar son an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An 2 Aibreán 2015

Ráiteas maidir le Rialuithe Inmheánacha Airgeadais

De réir mar a foráladh san Acht um Chosaint Raideolaíoch (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014, díscaoileadh an Institiúid um Chosaint Raideolaíoch ar an 1 Lúnasa 2014 agus aistríodh a sócmhainní, a dliteanais agus a foireann chuig an nGníomhaireacht um Chosaint Raideolaíoch. Go dtí an dáta sin bhí an Institiúid um Chosaint Raideolaíoch freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht chóras um rialú inmheánach airgeadais na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch.

Déanaimse, mar Ard-Stiúrthóir na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, na ráitis seo a leanas bunaithe ar obair an Chathaoirligh agus an iar-Phríomhfheidhmeannaigh den Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch, atá anois ina bhall de Bhord na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil.

Le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 1 Lúnasa 2014 bhí Bord na hInstitiúide um Chosaint Raideolaíoch freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar chóras um rialú inmheánach airgeadais na heagraíochta agus as éifeachtacht an chórais in a chinntiú.

Níl ar chumas an chórais ach forchinntiú réasúnta seachas forchinntiú iomlán a thabhairt, go ndéantar cosaint ar shócmhainní, go ndéantar taifead ar aon idirbheart agus go mbíonn sé údaraithe, agus go dtugtar faoi deara nó go gcuirtear stop le haon mhírialtacht ábhartha, laistigh de thréimhse réasúnta.

Príomhghnáthaimh don Rialú Éifeachtach Inmheánach Airgeadais

i) Tá céimeanna glactha ag Bord na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch le suíomh cuí rialaithe a chinntiú san Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch ar na bealaí seo a leanas:

- Ráiteas Straitéise RPII 2014-2015 a fhoilsiú. Cuimsíonn an Straitéis sin an tréimhse go dtí 2015 agus leagtar amach ann spriocanna eagraíochtúla RPII. Déantar monatóireacht ar chur i bhfeidhm na Straitéise agus cuirtear tuairisc ar fáil do Bhord RPII go tréimhsiúil ina leith sin.
- Aontú ar chlár sonrach oibre le haghaidh gach bliana agus monatóireacht is meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an chláir oibre ar bhonn rialta.
- Cruinnithe rialta Boird agus cruinnithe míosúla bainistíochta a reáchtáil ag a mbeadh clár oibre mar a bpléifí nithe amhail Rialachas Corparáideach agus Bainistiú Airgeadais.
- Glacadh le sraith de ghnáthaimh airgeadais chun gnéithe suntasacha de ghnó RPII a rialú agus iadsan a fhoilsiú i Lámhleabhar an Fhostaí.
- Sceideal cuimsitheach de bharántachtaí a chothabháil chun leasa RPII a chosaint.
- Coiste um Iniúchadh Inmheánach a bhunú, agus iniúchóir inmheánach a cheapadh mar chuid den athbhreithniú córasach leanúnach ar an timpeallacht inmheánach agus ar ghnáthaimh rialachais laistigh de RPII.
- Beartas agus Creat Bainistithe Riosca a bhunú.
- Freagrachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir ag tarmligean feidhmeanna cuí, agus athbhreithniú is faomhadh a dhéanamh ar bheartais agus gnáthaimh lárnacha RPII.
- Glacadh le Cód Iompair Gnó do Stiúrthóirí agus don Fhoireann de réir cheanglais an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.
- A chinntiú go bhfuiltear ag cloí leis na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí agus le Paragraf 21 den Chéad Sceideal d'Acht RPII 1991 i ndáil le Dearbhú agus Faisnéisiú Leasa.

ii) Le linn na tréimhse go dtí an 1 Lúnasa 2014 rinneadh athbhreithniú ar Chláir Riosca na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch de réir Bheartas Bainistithe Riosca na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch agus ullmhaíodh Clár um Riosca Corparáideach.

iii) Tá an córas um rialuithe inmheánacha airgeadais bunaithe ar chreat d'fhaisnéis rialta bainistíochta, ar chóras tarmligin agus cuntasachta agus ar ghnáthaimh riaracháin a áiríonn scagadh dualgas. Áiríonn sé go háirithe:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil, a athbhreithníonn agus a fhaomhann an Bord.
- Sannadh buiséad agus d'údarás buiséid agus freagracht as feidhmeanna sonracha do bhainisteoirí roghnaithe sinsearacha.
- Srianadh a dhéanamh ar an údarás chun údarú a dhéanamh ar íocaíochtaí de chuid na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch agus teorainneacha a shocrú do na suimeanna a údaraítear.

- Athbhreithnithe rialta arna ndéanamh ag an mBord ar fhaisnéis agus tuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla (lena n-áirítear cuntais bhainistíochta), a chuireann in iúl conas mar atá an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis na buiséid.
- Córas rialaithe ar fhaomhadh foriomlán na gconarthaí caipitil agus comhairleoireachta.

iv) Rinneadh na himpleachtaí airgeadais a bhaineann le rioscaí gnó a bhreithmheas trí phróiseas foirmiúil de mheasúnú riosca gnó agus de réir mar a bhí Pleananna Iniúchta Inmheánaigh á n-ullmhú don Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch.

Eisíodh gnáthaimh chun rialú a dhéanamh ar ghnéithe suntasacha de ghnó na hInstiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch, agus shocraigh an Bord teorainneacha údaraithe le haghaidh ceannacháin.

v) Bhí triúr ball boird ar Choiste Iniúchóireachta na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch chomh maith le duine amháin seachtrach ag a raibh saineolas airgeadais agus iniúchóireachta.

I mí Bealtaine 2014 rinne Deloitte athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais i ndáil leis an tréimhse an 1 Eanáir 2014 go dtí an 1 Lúnasa 2014. Ní raibh aon thorthaí criticiúla ag eascairt ón iniúchadh sin. Rinne Coiste Iniúchóireachta san Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch athbhreithniú ar an tuarascáil sin i mí an Mheithimh 2014 agus d'fhaomh Bord na hInstitiúide é sin dhiaidh sin.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Rinne an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch athbhreithniú ar éifeachtach an chórais um rialú inmheánach i ndáil leis tréimhse dar tús an 1 Eanáir 2014 agus dar chríoch an 1 Lúnasa 2014.

Sínithe thar ceann an Bhoird



Laura Burke
Ard-Stiúrthóir (EPA)

An 31 Márta 2015

Ráiteas maidir le freagrachtaí na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil

Bunaíodh an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch in 1992 de réir an Achta um Chosaint Raideolaíoch, 1991. Ba é an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch an eagraíocht náisiúnta a raibh an fhreagracht air a chinntiú go mbeadh an comhshaol agus pobal na hÉireann cosanta ó éifeachtaí díobhálacha na radaíochta ianúcháin. Chomhlíon an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch a shainchúram trí rialáil láidir éifeachtach a chur ar fáil dóibhsean go léir a bhaineann úsáid as foinsí radaíochta san obair agus trí obair i gcomhar le húdaráis rialála eile.

Rinne an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch monatóireacht ar a mhéid a bhí pobal na hÉireann nochta don radaíocht ó fhoinsí ina ngairmeacha agus foinsí sa chomhshaol. Chomh maith leis sin, chuir an Institiúid comhairle ar fáil don phobal agus don Rialtas maidir le foinsí radaíochta agus faoin mbaol a bhain leosan agus conas iad a bhainistiú. Bhí ról lárnach ag an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch ina chinntiú go mbeadh Éire ullamh d'éigeandáil i gcás timpiste núicléach thar lear agus bhí freagrach as forbairtí i ndáil le cumhachtstáisiúin núicléacha thar lear.

I measc fheidhmeanna na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch bhí siad seo:

- Comhairle a sholáthar don Rialtas, don Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus d'Airí eile faoi chúrsaí a bhaineann le sábháilteacht raideolaíoch.
- Eolas a sholáthar don phobal faoi chúrsaí a bhaineann le sábháilteacht raideolaíoch.
- Saotharlann náisiúnta a chothabháil agus a fhorbairt chun leibhéil radaighníomhaíochta a thomhas sa chomhshaol agus chun measúnú a dhéanamh ar shuntas na leibhéal sin do phobal na hÉireann.
- Bheith i bhfeighil an rialaithe le ceadúnas ar sheilbh, úsáid déantús, iompórtáil, iompar, dáileach easpórtáil agus diúscairt substaintí radaighníomhach, gléasanna ionradaíochta agus foinsí eile de radaíochta ianúcháin.
- Cuidiú le forbairt pleananna náisiúnta d'éigeandálaí ag eascairt ó thimpistí núicléacha agus tacaíocht a sholáthar do na pleananna sin.
- Taighde a dhéanamh agus a chur chun cinn i réimsí cuí.
- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí thar lear maidir le stáisiúin núicléacha agus sábháilteacht núicléach i gcoitinne agus an Rialtas a choinneáil ar an eolas faoi aon impleachtaí a bheadh acusan d'Éirinn.
- Comhoibriú leis na húdaráis chuí i stáit eile agus le heagraíochtaí iomchuí idirnáisiúnta.
- Feidhmiú thar ceann an Stáit ar fhorais idirnáisiúnta a bhaineann le sábháilteacht raideolaíoch.
- Feidhmiú mar an t-údarás inniúil faoi choinbhinsiúin idirnáisiúnta maidir le cúrsaí núicléacha.
- I gcás gur iomchuí é, seirbhísí speisialtóireachta radaíochta a sholáthar nó maoirseacht a dhéanamh ar a soláthar, amhail dáileogmhéaAn Dracht phearsanta, tomhas radaighníomhaíochta, calabrú uirlisí, tomhais radóin agus teastasú táirgí.

Freagrachtaí na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil

Díscaoileadh an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch ar an 1 Lúnasa 2014 faoi ionstraim reachtúil de bhun an Achta um Chosaint Raideolaíoch (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014. Ar an lá sin aistríodh a fheidhmeanna go léir chomh maith lena sócmhainní, a dliteanais, agus a foireann chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

Tá sé de cheangal ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil faoi Alt 11 den Acht um Chosaint Raideolaíoch (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014 cuntais deiridh a ullmhú, a thugann léiriú fíorcheart ar an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíocht (díscaoilte anois) agus ar a ioncam agus a chaiteachas don tréimhse. Ní raibh aon fhreagracht rialachais ná oibríochtúil ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil as an Institiúid Éireanach um Chosaint Raideolaíoch le linn thréimhse na gcuntas. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú tá sé de cheangal ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Beartais cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama.
- Ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh.
- Nochtadh a dhéanamh ar aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin infheidhmithe cuntasaíochta.

Ráiteas maidir le freagrachtaí na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (ar lean)

Tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil tar éis cloí leis na ceanglais thuasluaite agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

D'fhaomh Bord na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil na ráitis airgeadais an 31 Márta 2015.

Laura Burke
Ard-Stiúrthóir (EPA)

Ann McGarry
Ball Boird

An 31 Márta 2015

Ráiteas ar pholasaithe cuntasaíochta

1. Bunús na Cuntasaíochta

Lánscor na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch

Foráladh san Acht um Chosaint Raideolaíoch (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014 go ndéanfaí lánscor ar an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch. Aistríodh a feidhmeanna, a sócmhainní agus a dliteanais go léir chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar bhonn gnóthais leantaigh, agus ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh.

Tá achoimre ar na méideanna a aistríodh sonraithe anseo thíos:

Sócmhainní Seasta	477,825
Banc agus Airgead Tirim	891,378
Féichiúnaithe	298,091
Creidiúnaithe	(119,178)
Soláthar do dhiúscairt Foinsí	(24,600)
Ioncam Réamhíoctha	(465,204)
Deontas Caipitil Réamhíoctha	(257,749)
Ciste Pinsin Iarchurtha	26,777,950
Dliteanas Pinsin	(26,777,950)
Luach na Sócmhainní aistrithe chuig EPA	**800,563**

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ag baint úsáide as an modh fabhraithe cuntasaíochta, ach amháin áit atá léirithe thíos, agus faoin choinbhinsiún costais stairiúil, de réir cleachtas a nglactar leis go coitianta. Baintear úsáid as na caighdeáin le tuairisciú ar airgeadais a mholann comhlachtaí cuntasóireachta, nuair a thagann siad i bhfeidhm. Ainmnítear na ráitis airgeadais leis an Euro.

Tá na Ráitis Airgeadais san fhormáid atá faofa ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, le comhaontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

2. Ioncam

Seasann an t-ioncam atá léirithe sna Ráitis Airgeadais faoi dheontais Oireachtais d'fháltais airgid thirim iarbhír le linn na bliana.

Aithnítear táillí ceadúnais mar ioncam de réir théarmaí na gceadúnas. Déantar táillí a fhaightear roimh ré a aithint mar réamh-ioncam.

3. Sócmhainní Seasta

Cuirtear síos ar Shócmhainní Seasta ag a gcostas, lúide aon díluacháil carntha. Déantar díluacháil a ríomh ar bhunús líne dírí trí thagairt a dhéanamh do tréimsí maireachtála ionchais na sócmhainní i gceist.

Úsáidtear na rátaí mar seo leanas:

Oifig agus Saotharlann, Troscán agus Trealamh: 20%

Déantar feabhsúcháin léasa a dhímheas thar shaolré an léasa.

4. Aoisliúntas

Tá scéim pinsin le sochar sainithe i bhfeidhm ag an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoctar mar a úsáidtear ó airgid arna sholáthar ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus ó ranníocaíochtaí a baineadh ó thuarastail na foirne.

Léiríonn costais phinsin na buntáistí pinsin a shaothraigh fostaithe le linn an tréimhse agus taispeántar iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin na foirne, a choinníonn an Institiúid. Aithnítear méid atá comhfhreagrach leis an táille pinsin mar ioncam sa mhéid is go bhfuil sé in-aisghabhála, agus go bhfuil sé fritháirithe le deontais a fuarthas le linn na bliana chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn ar dhliteanais scéime sa Ráiteas maidir leis na Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta agus aithnítear ceartúchán comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Léiríonn íocaíochtaí pinsin luach reatha íocaíochta pinsin sa todhchaí a shaothraigh an fhoireann go dtí seo. Seasann maoiniú iarchurtha pinsin don sócmhainn comhfhreagrach atá le haisghabháil sa todhchaí ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Rinneadh gach sochar, costas agus dliteanas a tháinig chun cinn agus a d'fhabhraigh ó Scéim Phinsin na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch a aistriú chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil le héifeacht ón 1 Lúnasa 2014 de réir aistriú na foirne nó fhorálacha an fhorais lánscortha faoin Acht um Chosaint Raideolaíoch 2014.

5. Cuntas Caipitil

Seasann an Chuntas Caipitil don méid ioncam neamhamúchta a úsáideadh chun sócmhainní seasta a cheannach.

6. Soláthar do Dhiúscairt Foinsí Raideolaíocha

Bhí roinnt foinsí i seilbh na hInstitiúide, roinnt díobh a bheidh ina seilbh ar feadh roinnt blianta. Sholáthair an Institiúid don chostas a bheadh ar dhiúscairt an ábhair i rith na bliana ina bhfuarthas foinsí nua.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Don tréimhse an 1 Eanáir 2014 go dtí an 1 Lúnasa 2014

2013 €		An 1 Ean go dtí an 1 Lún. €
	IONCAM	
3,283,859	Deontas ón Stát (Nóta 1a)	2,063,000
1,166,538	Glanmhaoiniú Iarchurtha do Phinsin (Nóta 9b)	688,809
192,736	Aistrithe ó/(chuig) Cuntas Caipitil (Nóta 3)	97,552
4,643,133		2,849,361
49,286	Seirbhís Calabrúcháin	27,608
130,815	Seirbhís Tomhais Radóin	64,000
275,018	Seirbhís Monatóireachta Radaíochta	197,102
769,419	Seirbhís Rialála	435,490
16,496	Ioncam Ilghnéitheach/Conartha	7,279
1,241,034		731,479
5,884,167		3,580,840
	CAITEACHAS	
2,860,403	Tuarastail (Nóta 5)	1,636,844
1,397,018	Pinsean (Nóta 9c)	823,877
5,145	Seirbhís Calabrúcháin	11,190
30,567	Seirbhís Tomhais Radóin	25,480
119,646	Seirbhís Monatóireachta Radaíochta	97,008
57,579	Seirbhís Rialála	23,951
176,125	Faisnéis Phoiblí & Cumarsáid	129,713
31,267	Sábháilteacht Núicléach & Pleanáil d'Éigeandálaí	22,710
48,825	Bainistíocht Leabharlainne agus Doiciméid	32,239
591,106	Cóiríocht agus Árachas	351,182
111,697	Taisteal agus Cothú	61,437
44,202	Earcaíocht agus Oiliúint	46,268
70,161	CFB, TF agus Seirbhís Custaiméara	42,748
49,071	Postas, Teileafón agus Soláthairtí Oifige	26,980
11,515	Táillí Iniúchta	9,000
32,023	Táillí Gairmiúla & Ilghnéitheach	15,562
392,736	Dímheas	328,255
(3,503)	Drochfhiacha	(1,177)
(45,490)	(Brabús)/Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	4,297
(33,343)	Soláthar do dhiúscairt foinsí radaighníomhacha	
5,946,750		3,687,564
(62,583)	FARASBARR / (EASNAMH) DON BHLIAIN (Nóta 4)	**(106,724)**
492,045	Iarmhéid amhail 1 Eanáir	429,462
429,462	Iarmhéid amhail 1 Lúnasa	322,738

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta agus na nótaí 1 go 15.



Laura Burke
Ard-Stiúrthóir (EPA)

Ann McGarry
Ball Boird

An 31 Márta 2015

Ráiteas Maidir leis na Gnóthachain agus Caillteanais Uile

Don tréimhse an 1 Eanáir 2014 go dtí an 1 Lúnasa 2014

2013 €		Nótaí	1 Ean go dtí an 1 Lún. €
(62,583)	Farasbarr /(Easnamh) don bhliain		(106,724)
(675,000)	Taithí/Gnóthachain ar dhliteanais scéime phinsin		(199,000)
(763,000)	Athrú ar thoimhdí faoi bhun luach reatha dhliteanais scéime phinsin		3,483,000
(1,438,000)	(Gnóthachain)/Caillteanais Achtúireacha ar dhliteanais scéime phinsin	*9(f)*	3,284,000
1,438,000	Coigeartuithe le Maoiniú Iarchurtha Pinsin		(3,284,000)
(62,583)	Iomlán na nGnóthachain/(gCaillteanas) don bhliain		(106,724)

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta agus na nótaí 1 go 15.

Laura Burke
Ard-Stiúrthóir (EPA)

Ann McGarry
Ball Boird

An 31 Márta 2014

Clár Comhardaithe

amhail ag an 1 Lúnasa 2014

2013 €		Nótaí	Amhail ag 1 Lúnasa 2014 €
766,255	SÓCMHAINNÍ SEASTA	*2*	477,825
	SÓCMHAINNÍ REATHA		
1,280,988	Airgead Tirim ar Láimh agus sa Bhanc		891,378
156,518	Féichiúnaithe	*10*	298,091
1,437,506			1,189,469
	CREIDIÚNAITHE – méideanna iníoctha laistigh de bhliain		
155,001	Creidiúnaithe	*11*	119,178
24,600	Soláthar do Dhiúscairt Foinsí Radaighníomhacha	*12*	24,600
761,572	Réamhioncam	*1(b)*	465,204
66,871	Deontas Caipitil Réamhíoctha	*13*	257,749
1,008,044			866,731
429,462	GLANSÓCMHAINNÍ REATHA		322,738
1,195,717	SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA		800,563
22,805,141	Maoiniú Iarchurtha Pinsin	*9(d)*	26,777,950
(22,805,141)	Dliteanas Pinsin	*9(e)*	(26,777,950)
1,195,717	GLANSÓCMHAINNÍ		800,563
	Maoinithe ag:		
429,462	Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	*4*	322,738
766,255	Cuntas Caipitil	*3*	477,825
1,195,717			800,563

Is cuid de na ráitis airgeadais seo an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta agus na nótaí 1 go 15.



Laura Burke
Ard-Stiúrthóir (EPA)

Ann McGarry
Ball Boird

An 31 Márta 2015

Nótaí ag Gabháil leis an Ráitis Airgeadais

don tréimhse an 1 Eanáir 2014 go dtí an 1 Lúnasa 2014

1. Ioncam

(a) Deontais ón Stát

Cuirtear an Deontas Oireachtais ar fáil faoi alt 15 den Acht um Chosaint Raideolaíoch,1991.An méid den deontas a cuireadh ar fáil le riar ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil faoi fho-mhírcheann C.4 ab ea €1,481,000 don tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 1 Lúnasa 2014 (Iomlán 2013 €2,205,859).

Fuarthas méid de €582,000 don tréimhse an 1 Eanáir go dtí an 1 Lúnasa 2014 (Iomlán 2013 €1,078,000 ón gCiste Comhshaoil.

(b) Ioncam Réamhíoctha

Áitítear san ioncam réamhíoctha scair de na táillí ceadúnais a fhaightear a bhaineann le téarma neamhéagtha na gceadúnas ag deireadh na bliana. Cuirtear na táillí ceadúnais san áireamh in ioncam ar bhonn míosúil de réir mar a éagann téarma na gceadúnas. Cuirfear ioncam réamhíoctha san áireamh sna cuntais sna blianta 2014-2017 mar atá léirithe thíos.

	€
2014	215,452
2015	185,095
2016	51,771
2017	224
	452,542

Áiríonn sé freisin ioncam i ndáil le tionscadal maoinithe AE ar a dtugtar PREPARE a bhfuil RPII ina rannpháirtí ann. Aithnítear an t-ioncam sin thar shaolré an tionscadail, a bheidh ar bun go dtí Eanáir 2016.

	€
2014	3,518
2015	8,441
2016	703
	12,662

Nótaí ag Gabháil leis an Ráitis Airgeadais (ar lean)

don tréimhse an 1 Eanáir 2014 go dtí an 1 Lúnasa 2014

2. Sócmhainní Seasta

	Feabhsúcháin Léasa €	Troscán & Trealamh Oifige agus Saotharlainne €	Iomlán €
Costas:			
Amhail an 1 Eanáir 2014	788,301	5,380,763	6,169,064
Breiseanna		44,122	44,122
Diúscairtí		(29,127)	(29,127)
Amhail an 1 Lúnasa 2014	788,301	5,395,758	6,184,059
Dímheas:			
Amhail an 1 Eanáir 2014	660,245	4,742,564	5,402,809
Muirear don bhliain	25,617	302,638	328,255
Ar dhiúscairt		(24,830)	(24,830)
Amhail an 1 Lúnasa 2014	685,862	5,020,372	5,706,234
Glanluach Leabhar			
An 1 Lúnasa 2014	102,439	375,386	477,825
Glanluach Leabhar			
An 31 Nollaig 2013	128,056	638,199	766,255

3. Cuntas Caipitil

	2014 (An 1 Lún.) €	2014 (An 1 Lún.) €	2013 €	2013 €
Iarmhéid an 1 Eanáir 2014		766,255		1,025,862
Leithdháilte chun sócmhainní seasta a fháil	235,000		200,000	
Lúide diúscairtí				
Sócmhainní Seasta a Diúscraíodh	29,127		2,560,058	
Dímheas Carntha ar Dhiúscairtí Sócmhainní	(24,830)		(2,560,058)	
	4,297		-	
Amúchta de réir Dímheasa	(328,255)		(392,736)	
Aistrithe (chuig) Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		(97,552)		(192,736)
Aistrithe (chuig) Deontas Caipitil Réamhíoctha		(190,878)		(66,871)
		477,825		766,255

4. Barrachas Carntha

	2014 (an 1 Lún.) €	2013 €
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2014	429,462	492,045
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain	(106,724)	(62,583)
Iarmhéid amhail an 1 Lúnasa 2014	322,738	429,462

D'fhaomh an Bord caiteachas riachtanach le linn 2014 a raibh easnamh pleanáilte mar thoradh air don tréimhse an 1 Eanáir go dtí an 1 Lúnasa 2014.

5. Tuarastail agus Pinsin

	2014 €	2013 €
Olltuarastail	1,553,126	2,715,440
ASPC an Fhostóra	83,718	144,963
	1,636,844	2,860,403

Fuair an Príomhfheidhmeannach íocaíochtaí tuarastail de €79,494 don tréimhse an 1 Eanáir 2014 go dtí an 1 Lúnasa 2014 (2013 - €141,114). Fuair an Príomhfheidhmeannach aisíoc de speansais taistil agus cothabhála de €7082 don tréimhse an 1 Eanáir 2014 go dtí an 1 Lúnasa 2014. Tá an Príomhfheidhmeannach mar bhall de scéim um sochar sainithe neamh-mhaoinithe san earnáil phoiblí agus ní théann a teidlíochtaí pinsin thar na gnáth-theidlíochtaí sa scéim aoisliúntais sochair shainithe san earnáil phoiblí.

Asbhaineadh €100,216 as tuarastail na foirne mar thobhach pinsin agus íocadh é sin leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Ba é 44 (2013 - 46) an meánlíon d'fhostaithe lánaimseartha sa bhliain airgeadais, baill an Bhoird as an áireamh.

6. Ceangaltais agus Oibleagáidí Léasa – léasanna oibríochtúla

3 Cearnóg Chluain Sceach

Is ionann na ceangaltais léasa sa tréimhse dhá mhí dhéag amach anseo agus €300,000 ar bhonn na rátaí reatha cíosa agus cuimsíonn siad íocaíochtaí cíosa ar léas ruílse. Éagann an téarma ar an 1 Deireadh Fómhair 2018. Tá an cíos faoi réir athbhreithnithe gach cúig bliana. Beidh an chéad athbhreithniú eile ann ar an 1 Deireadh Fómhair 2018.

1 Cearnóg Chluain Sceach

Is ionann na ceangaltais léasa sa tréimhse dhá mhí dhéag amach anseo agus €140,000 ar bhonn na rátaí reatha cíosa agus cuimsíonn siad íocaíochtaí cíosa ar léas ruílse 20 bliain. Tá an cíos faoi réir athbhreithnithe gach cúig bliana. Beidh an chéad athbhreithniú eile ann in 2018.

7. Ceangaltais Chaipitil

B'ionann luach na gceangaltas caipitil údaraithe an 1 Lúnasa 2014 agus €0.

Nótaí ag Gabháil leis an Ráitis Airgeadais (ar lean)

don tréimhse an 1 Eanáir 2014 go dtí an 1 Lúnasa 2014

8. Leas Bhaill an Bhoird

Ghlac an Bord le gnáthaimh de réir na dtreoirlínte arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i ndáil le nochtach leasa bhaill an Bhoird agus cloíodh leis na gnáthaimh sin le linn na bliana. Ní raibh aon idirbhearta ann i rith na bliana a raibh aon suntas ag baint leo i ndáil le gníomhaíochtaí na hInstitiúide a raibh aon leas sochrach ag aon bhall boird iontu. Seo a leanas miondealú ar na táillí a íocadh le baill an Bhoird don tréimhse an 1 Eanáir 2014 go dtí an 1 Lúnasa 2014:

	€		€
An tOllamh W. Reville (Cathaoirleach)	6,983	D Muckian	3,848
M Fitzgerald	4,489	A Roche	3,848
J Fitzmaurice	3,848	P Gilligan	3,848
J O'Dea	3,848		
S Ryan	3,848		

B'ionann an méid a thabhaigh an Bord i speansais taistil & cothabhála don tréimhse an 1 Eanáir 2014 go dtí an 1 Lúnasa 2014agus €7,553.

9. Pinsin

(a) Scéim phinsin

Ullmhaíodh an fhaisnéis thíos don Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch (RPII) i ndáil le sochair is iníoctha ó Scéim Aoisliúntais na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch ("an Scéim"). Is Scéim de shochar sainithe an scéim seo, ag soláthar sochair scoir bunaithe ar an tuarastal deiridh, de réir shamhailrialacha na hEarnála Poiblí.

Tá an Scéim maoinithe gach bliain ar bhonn íoc mar a théir le hairgead arna sholáthar ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastal na foirne.

Bunaíodh an luacháil le haghaidh fhaisnéisiú FRS17 ar mheasúnú iomlán ar dhliteanais na Scéime amhail an 1 Lúnasa 2014. Rinneadh luachanna reatha na hoibleagáide sochair shainithe, na costais seirbhíse bhainteacha agus aon chostais iarsheirbhíse a mheas ag úsáid an mhodha d'aonad creidmheasa réamhtheilgthe.

Aistríodh gach sochar, costas agus dliteanas Pinsin ag eascairt ó Scéim Phinsin RPII chuig EPA le héifeacht ón 1 Lúnasa 2014 de réir an Achta um Chosaint Raideolaíoch (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014.

Seo thíos na toimhdí a d'úsáid na hachtúirí cáilithe neamhspleácha chun na dliteanais faoi FRS17 a thomhas:

	Ag 01/08/2014	**Ag deireadh na bliana 31/12/13**	**Ag deireadh na bliana 31/12/12**
Ráta lascaine	2.85%	3.75%	3.75%
Toimhde boilscithe	1.75%	2.00%	2.00%
Méaduithe Tuarastail Amach Anseo	2.75%	3.00%	3.00%
Méaduithe Pinsin Stáit Amach Anseo	1.75%	2.00%	2.00%

9. Pinsin (ar lean)

(b) Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean sa Bhliain

	01/01/2014 go 01/08/2014 €'000s	Bliain go dtí 31/12/13 €'000s	Bliain go dtí 31/12/12 €'000s
Maoiniú In-aisghabhála i ndáil leis an mBliain Reatha			
Costais Phinsin	912	1,588	1,574
Deontas Stáit Úsáidte chun Pinsin agus Aiscí a Íoc	(223)	(421)	(612)
	689	1,167	962

(c) Anailís ar Chostais Iomlána Pinsin Curtha de Mhuirear Caiteachais

	01/01/2014 go 01/08/2014 €'000s	Bliain go dtí 31/12/13 €'000s	Bliain go dtí 31/12/12 €'000s
Costais Seirbhíse Reatha	402	704	547
Costas Úis	510	884	1,027
Ranníocaíochtaí na bhFostaithe	(88)	(191)	(185)
Costas Iomlán	824	1,397	1,389

(d) Sócmhainn Iarchurtha Maoiniúcháin le haghaidh Pinsean

Aithníonn RPII méideanna atá dlite dó ón Stát don dliteanas neamh-mhaoinithe iarchurtha pinsean ar bhonn roinnt imeachtaí a tharla roimhe seo. I measc na n-imeachtaí sin tá tacaíocht reachtúil don scéim aoisliúntais agus beartas is cleachtas i ndáil le maoiniú pinsin na seirbhíse poiblí lena n-áirítear an próiseas bliantúil meastachán. Cé nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil ann agus dá bhrí sin aon ráthaíocht maidir leis na suimeanna sainiúla seo leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, ní aon fhianaise ag RPII nach leanfaidh an beartas maoiniúcháin seo ag fónamh go céimneach don tsuim seo de réir an chleachtais reatha. B'ionann an tsócmhainn iarchurtha maoiniúcháin le haghaidh pinsean amhail an dom tréimhse an 1 Eanáir go dtí an 1 Lúnasa 2014 agus €26,778 milliún (2013: €22,805 milliún).

(e) Gluaiseacht sa Ghlandliteanas Pinsin le linn na Bliana Airgeadais

	01/01/2014 go 01/08/2014 €'000s	Bliain go dtí 31/12/13 €'000s	Bliain go dtí 31/12/12 €'000s
Glandliteanais Pinsin amhail an 1 Eanáir	22,805	23,076	19,274
Costais Seirbhíse Reatha	402	704	547
Costas Úis	510	884	1,027
Sochair íoctha sa bhliain	(223)	(421)	(612)
(Gnóthachain)/caillteanais achtúireacha ar dhliteanais*	3,284	(1,438)	2,840
Iarchostais Seirbhíse			
Ciorruithe			
Socraíochtaí			
Glandliteanas Pinsin amhail an 31 Nollaig	26,778	22,805	23,076

**áiríonn sé seo tionchar na n-athruithe ar na toimhdí*

9. Pinsin (ar lean)

(f) Stair na nGnóthachan agus na gCaillteanas Taithí

	01/01/2014 go 01/08/2014 €'000s	Bliain go dtí 31/12/13 €'000s	Bliain go dtí 31/12/12 €'000s
(Gnóthachain)/caillteanais taithí ar dhliteanais na scéime - méid:	(199)	(675)	(635)
Mar chéatadán de luach reatha dhliteanais na scéime	(0.07%)	(2.95%)	(2.75%)
Iomlán na ngnóthachan/(caillteanas) aitheanta in STRGL	(3,284)	1,438	(2,840)
Mar chéatadán de luach reatha dhliteanais na scéime	-12.30%	6.30%	(12.30%)
Méid carntha na ngnóthachan/(gcaillteanas) aitheanta in STRGL^	(5,643)	(2,359)	(3,797)

^ *léiríonn seo gnóthachain/caillteanais charntha ó 31/12/2002*

Tá na toimhdí mortlaíochta bunaithe ar tháblaí de mhortlaíocht chaighdeánach a chuireann san áireamh feabhsuithe ar mhortlaíocht sa todhchaí. Ceadaíonn an bonn mortlaíochta seo go sainiúil do fheabhsauithe i leibhéil mortlaíochta amach anseo, ionas go mbraithfidh an t-ionchas saoil ar scor do dhuine ar an mbliain a dtéann siad ar scor(aois 65). Léirítear sa tábla ionchas saoil do bhaill a bhaineann amach aois 65 in 2014 agus 2034.

Bliain a mbaintear amach aois 65	**2014**	**2034**
Ionchas Saoil – Fireann	87.7	90.1
Ionchas Saoil – Baineann	89.0	91.1

10. Féichiúnaithe

	2014 (amhail an 1 Lúnasa) €	2013 €
Féichiúnaithe le haghaidh Seirbhísí	93,320	48,092
Soláthar do Dhrochfhiacha	(2,070)	(4,345)
Réamhíocaíochtaí	206,841	112,771
	298,091	156,518

11. Creidiúnaithe

	2014 (amhail an 1 Lúnasa) €	2013 €
Creidiúnaithe agus Fabhraithe	114,538	123,735
Coimisinéirí Ioncaim	4,640	31,266
	119,178	155,001

12. Soláthar do dhiúscairt foinsí radaighníomhacha

	2014 (amhail an 1 Lúnasa) €	2013 €
Iarmhéid tosaigh	24,600	125,556
Úsáidte		(67,613)
Soláthartha		
Rósholáthar sa Bhliain roimh ré		(33,343)
Soláthar deiridh	24,600	24,600

13. Deontas caipitil íoctha roimh ré

Áirítear anseo na Deontais Chaipitil arna bhfáil i ndáil le tionscadail nach raibh críochnaithe le linn na bliana:

	2014 (amhail an 1 Lúnasa) €	2013 €
Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir	66,871	-
Aistrithe (chuig)/ón gCuntas Caipitil	190,878	66,871
	257,749	66,871
Cuimsíonn an figiúr seo:		
Caiteachas Caipitil don Bhliain	(44,122)	(133,129)
Deontas Faighte	235,000	200,000
	190,878	66,871

14. Cumasc idir RPII agus EPA

Rinneadh dlí den Acht um Chosaint Raideolaíoch (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014 tráth ar chuir an tUachtarán a lámh leis. Amhail an 1 Lúnasa 2014 díscaoileadh an Institiúid Éireanach um Chosaint Raideolaíoch agus aistríodh a sócmhainní, dliteanais agus feidhmeanna go léir chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ón dáta sin de réir na reachtaíochta.

15. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais an 31 Márta 2015.

Radiological Protection Institute of Ireland
An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch

Déan Teagmháil Linn

An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch
3 Cearnóg Chluain Sceach
Baile Átha Cliath 14
Éire

Teil: 01 2680100
Facs: 01 2697437
R-phost: info@epa.ie
Gréasán: www.epa.ie

Uaireanta oscailte: 9:00-5:00

Clóite ar pháipéar athchúrsáilte